Bord na Móna

Tuarascáil Bhliantúil 2014

Ár Scéal Gnó

Bunaíodh Bord na Móna ar dtús chun acmhainní móna na hÉireann a fhorbairt le leas geilleagrach an Stáit. Sa lá atá inniu ann, feidhmíonn an chuideachta punann éagsúlaithe i gcúig phríomhréimse gnó a fhreastalaíonn ar mhargaí in Éirinn, agus sa Bhreatain Mhór, i mórthír na hEorpa agus i Meiriceá Thuaidh freisin. Tá na gníomhaíochtaí gnó seo bunaithe ar tháirgí agus ar sheirbhísí móna agus neamh-mhóna araon agus clúdaíonn siad na hearnálacha cumhachta, aisghabhála acmhainní, gairneoireachta, téimh bhaile agus cóireála aeir agus uisce den chuid is mó.

Láimhdeachas

€215m

50%

Leanann móin as 80,000 heicteár de thailte portaigh na cuideachta de bheith ar an mbunábhar príomha d'earnáil powergen agus na meán fáis gairneoireachta agus do bhrícíní móna a dhéanamh freisin. Baintear úsáid as méid measartha beag freisin mar mheán bithscagtha sna gnóthais aeir ghlain agus uisce ghlain.

Gnóthais Bunaithe ar Mhóin

Brícíní Móna

Arbh eol duit?

1,000 ha de phortaigh Ardaithe athchóirithe ag Bord na Móna idir 2009 agus 2014

Bithscagairí Móna

Móin na Meán Fáis

Arbh eol duit?

Is as móin a sholáthraíonn Bord na Móna 8% den leictreachas a ghintear in Éirinn

Móin Powergen

Móin Bhunábhair

Arbh eol duit?

Soláthróidh an méid fuinnimh ghlais ónár bhfeirmeacha gaoithe do theagh-lach amháin as gach 25 teaghlach in Éirinn faoi 2015

Dramhaíl Ghlas Mhúirínithe

Táirgí Áise

Gual Cónaithe

Aisghabháil Acmhainní

Gléasra Buaice Powergen

Uisce agus Fuíolluisce

Bithmhais Bhunábhair

Gaoth Powergen

Laghdú Aeir agus Bolaidh

Arbh eol duit?

47% de dhramhaíl sholadach bhardasach atreoraithe ó líonadh talún

Arbh eol duit?

8,500 Baile inar féidir cumhacht a fháil ó ghléasra úsáide gáis líonadh talún an Droichid

Gnóthais nach bhfuil Bunaithe ar Mhóin

Láimhdeachas

€212m

50%

Tá Bord na Móna ag éagsúlú amach óna ghnó traidisiúnta bunaithe ar mhóin diaidh ar ndiaidh agus trádálann sé anois i ngual agus i mbithdhramhaíl mhúirínithe, déanann sé eascairtí dramhaíola bardais agus tráchtála a bhailiú agus a phróiseáil, soláthraíonn sé táirgí aeir ghlain agus uisce ghlain agus gineann sé fuinneamh as bithmhais, gaoth agus ola dhriogáite.

Ár bhFís

Conradh leis an dúlra

Ár Misean

Leanfaidh Bord na Móna ar aghaidh ag baint úsáid as a acmhainní talún portaigh chun luach a chruthú d'fhonn punann bonneagair inbhuanaithe a fhorbairt in Éirinn, tacú le riachtanais chustaiméirí i leith fuinneamh in-athnuaite, uisce agus aisghabháil acmhainní agus brabúsacht agus toradh do scairshealbhóirí a spreagadh.

Is féidir linn é seo a bhaint amach mar gheall ar ár mbunachar talún straitéiseach, ár saineolas forbartha agus ár gcomhpháirtíochtaí straitéiseacha.

Clár Ábhar

3 Táscairí Feidhmíochta an Ghrúpa

4 Ráiteas an Chathaoirligh

8 Athbhreithniú an Stiúrthóra Bainistíochta

12 Athbhreithnithe Gnó

22 Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh agus úsáid Fuinnimh sa bhliain féilire 2013

23 Ráiteas Inbhuanaitheachta

24 Loch na Buaraí

26 An Bord

28 Tuarascáil na Stiúrthóirí

36 Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí i leith Thuarascáil na Stiúrthóirí agus na Ráiteas Airgeadais

37 Foireann na Ceannaireachta Sinsearaí

38 Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha

39 Polasaithe Cuntasaíochta, Meastacháin agus Breithiúnais Chuntasaíochta Chriticiúla

47 Ráitis Airgeadais agus Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

77 Seoltaí an Ghnó

Ár Luachanna

Seiftiúil

Mairimid i dtírdhreach atá ag fabhrú i gcónaí. Ceapaimid gur príomhscil é fios a bheith againn nuair a bhíonn an t-am ann le bheith nuálach agus nuair a bhíonn an t-am ann le comhdhlúthú. Creidimid in intinn fhiosrach a ghlacadh agus inár bhfoireann a spreagadh le himscrúdú a dhéanamh ar gach féidearthacht, agus muid ag lorg réiteach níos éifeachtaí. Creidimid nár cheart rud ar bith a ligean thart nó a chur amú.

Tarraingteach

Creidimid inár ndaoine. Creidimid in éiteas 'aon fhoireann' lenár ngnó a chur ar aghaidh. Foireann amháin de shaineolaithe, a labhraíonn i nguth comhsheasmhach agus a osclaíonn idirphléite le custaiméirí agus pobail ar a lán leibhéal éagsúil.

Ómósach

Táimid bródúil as an méid atá déanta againn san am a chuaigh thart. Theagaisc ár dtaithí dúinn nach féidir linn réitigh níos inbhuanaithe a thairiscint do gach duine a mbímid bainteach leo ach trí thuiscint níos fearr ar ár n-acmhainní daonna. Éistimid leis an bpláinéad agus leis na daoine, an oiread céanna, ach is é trí chomhthuiscint ar an méid atá inmhianta agus an méid atá indéanta a bhainfimid fíordhul chun cinn amach.

Táscairí Feidhmíochta an Ghrúpa

Achoimre Airgeadais

	% Athrú	**2014 €'000**	2013 €'000	Méadú/(laghdú) €'000
Láimhdeachas	0.2%	**426,798**	426,120	678
EBITDA	48.4%	**90,865**	61,244	29,621
Brabús Oibriúcháin	113.8%	**50,255**	23,508	26,747
Brabús roimh cháin	218.5%	**39,914**	12,532	27,382
Glanbhrabús tar éis cánach	263.0%	**33,510**	9,232	24,278
Cistí Scairshealbhóirí	22.6%	**212,903**	173,672	39,231
Glanfhiachas	323.9%	**(72,207)**	(17,035)	55,172

Cóimheasa	**2014**	2013
EBITDA/Láimhdeachas	**21.3%**	14.4%
Olltoradh ar ghlanchaipiteal úsáidte	**17.8%**	8.4%
Fiachas/Cothromas	**33.9%**	9.8%
EBITDA/Clúdach Úis (amanna)	**7.1**	6.2
Cóimheas reatha (amanna)	**1.3**	1.4

	2014	2015
Costais phárolla €'000 (méid comhlán chostais phinsin an fhostóra)	**113,908**	101,747
Costais phárolla €'000 (méid glan chostais phinsin an fhostóra)	**110,356**	97,018
Líon daoine fostaithe ag an mbuaic	**2,401**	2,386
Meánlíon fostaithe	**2,061**	2,044

Láimhdeachas de réir Gnó	**2014 €'milliún**	2013 €'milliún
Powergen	**77.2**	76.1
Beostoc	**78.2**	75.3
Aisghabháil Acmhainní	**80.3**	71.6
Tomhaltóirí agus Gairmiúil	**177.3**	189.3
Gnó Comhshaoil Anua agus Eile	**13.8**	13.8

Ráiteas an Chathaoirligh

Freagairt don Dúshlán

Tá áthas orm tuarascáil bhliantúil Bhord na Móna cpt a chur i láthair i mbliain churiarrachta don chuideachta.

Tá áthas orm go háirithe feidhmíocht an-láidir airgeadais a thuairisciú don bhliain. D'éirigh leis an nGrúpa feidhmíocht shuntasach trádála a bhaint amach, a chuimsigh roinnt éachtaí curiarrachta. Tháinig méadú ar láimhdeachas go €426.8 milliún, ar bhrabús Oibriúcháin go €50.3 milliún, ar Bhrabús roimh cháin go €39.9 milliún agus ar Bhrabús i ndiaidh cánach go €33.5 milliún do 2014.

Sna torthaí airgeadais taispeánadh an láimhdeachas ag €426.8 milliún le haghaidh 2014, ar méadú €0.7 milliún é ón mbliain 2013. Bhí méadú ar ioncam ó dhíolacháin i ngnóthaí Beostoic, Powergen, Aisghabháil Acmhainní agus Anua mar thoradh ar éileamh méadaithe ar ár dtáirgí agus ar ár seirbhísí. Mhéadaigh an mhóin mheite a sholáthair Beostoc ón mbliain roimhe mar thoradh ar éileamh méadaithe ó BSL agus ónár monarchana brícíní. Sholáthair gnó Powergen feidhmíocht sheasta sa bhliain, cé go ndeachaigh ollchóiriú sceidealaithe fadaithe ag gléasra cumhachta Éadan Doire i bhfeidhm air. Bhí an fás ba láidre i gcomparáid leis an mbliain roimhe ag an ngnó Aisghabháil Acmhainní, mar thoradh ar iontógáil mhéadaithe tonnáiste ag na saoráidí athchúrsála agus próiseála agus ar thosú na hoibríochta tráchtála giniúint leictreachais ach úsáid a bhaint as gáis aisghafa ón líonadh talún a ndéantar innealtóireacht air sa Droichead. Ginfidh sé sin go leor leictreachais chun 8,500 teach a chumhachtú ar bhonn bliantúil. Bhí fás suntasach in earnálacha cónaithe agus tráchtála an ghnó bailiúcháin, mar a raibh méadú 8% ar mhéideanna dramhaíola ón mbliain roimhe. Chomh maith leis sin, ba iad na haonaid rialúcháin bholaidh a díoladh i ngnó Anua ba chúis le fás suntasach ón mbliain roimhe mar thoradh ar dhá chonradh mhóra i Sasana a soláthraíodh.

Sa ghnó Tomhaltóirí agus Gairmiúil (a chuimsíonn breoslaí agus gairneoireacht), b'ísle díolacháin na dtáirgí breosla ná díolacháin na bliana roimhe mar gheall ar an

Thaifead an Grúpa brabús oibriúcháin de €50.3 milliún agus brabús roimh cháin de €39.9 milliún. Curiarrachtaí don Ghrúpa a bhí sa dá cheann acu.

séasúr geimhridh a bhí gairid agus measartha bog. Bhí laghdú 12% ar na méideanna de bhreoslaí cónaithe a díoladh. Bhí fás 3% ar éileamh méide, meascán dearfach díolacháin agus costais loighistice laghdaithe sa raon táirgí a bhain le gairneoireacht Tomhaltóirí agus ghairmiúil.

B'ionann an tuilleamh roimh ús, cháin, dhímheas agus amúchadh (EBITDA) do 2014 agus €90.9 milliún, méadú €29.6 milliún ón mbliain roimhe. In 2013, thabhaigh an Grúpa muirear eisceachtúil de €23.3 milliún (roimh cháin) i leith na drochtháirgeachta fómhair. Sa bhliain airgeadais reatha 2014, bhain an Grúpa fómhar an-rathúil amach. Ba é 6.6 milliún tonna an táirgeacht deiridh, a bhí 2.7 milliún tonna níos mó ná an sprioc don bhliain agus a bhí 5.2 milliún tonna níos mó ná an bhliain roimhe sin. Aisghabhadh an t-easnamh 2.4 milliún tonna in 2013 ina iomláine agus is ann do stoic imleora de mhóin mheilte ag deireadh na bliana chun freastal ar éileamh ó chustaiméirí a bhfuiltear ag súil leo sa ghearrthéarma.

Thaifead an Grúpa brabús oibriúcháin de €50.3 milliún agus brabús roimh cháin de €39.9 milliún. Curiarrachtaí don Ghrúpa a bhí sa dá cheann acu. Tháinig méadú 114% ar an mbrabús oibriúcháin ón mbliain 2013. Bhí an méadú sin á bhrú chun cinn go háirithe ag fómhar feabhsaithe móna de 6.6 milliún tonna in 2014 agus ag feidhmíocht fheabhsaithe trádála an ghnó Aisghabháil Acmhainní. Cuireadh roinnt tionscnamh chun feidhme sa ghnó Aisghabháil Acmhainní d'fhonn éifeachtúlacht oibriúcháin a fheabhsú. Mar thoradh air sin, laghdaíodh na costais ar sheirbhísí iontógála, bailiúcháin agus tacaíochta dramhaíola a dhiúscairt i gcomparáid leis an mbliain roimhe.

B'ionann an brabús i ndiaidh cánach in 2014 agus €33.5 milliún, i gcomparáid le brabús i ndiaidh cánach de €9.2 milliún a bhí ann in 2013.

D'ainneoin na feidhmíochta láidre in 2014, dúshláin dheacra do ghnóthaí an Ghrúpa is ea athruithe ar rialacháin, agus rialacháin maidir le cáin charbóin go háirithe, agus an timpeallacht gheilleagrach reatha fós. Leanann an leibhéal iomaíochta de bheith ag méadú ar fud na ngníomhaíochtaí go

léir de chuid Bhord na Móna. Mar thoradh air sin, tá sé riachtanach éifeachtúlachtaí a uasmhéadú agus costais a rialú chun cur ar chumas an Ghrúpa bheith rathúil agus toradh cuí a sholáthar do scairshealbhóirí. Dá bhrí sin, tá cur chun feidhme á dhéanamh againn ar chlár leathan um thionscnaimh bhunathrú gnó, lena n-áirítear cláir chun costais a laghdú agus tionscnaimh chun na réimsí eile gnó nach mbaineann leis an móin a leathnú. Beidh infheistíocht de thart ar €50 milliún ag teastáil ó na straitéisí sin thar thréimhse trí bliana agus, tar éis dóibh iad a sholáthar, feabhsóidh siad inbhuanaitheacht an Ghrúpa sa todhchaí.

I bhfianaise na ndúshlán suntasach leanúnach atá le sárú ag ár ngnóthaí, chinn an Bord go mbeadh méaduithe ginearálta ar bhunrátaí pá d'fhostaithe míchuí.

Sa bhliain 2014, lean an Grúpa de bhéim a chur ar a thionscnaimh straitéiseacha fáis agus forbartha a chur i bhfeidhm ar fud á réimsí gnó ar fad. Áirítear na nithe seo a leanas le roinnt de na príomhbhearta atá ar bun nó a cuireadh i gcrích le déanaí:

- dhá mhórfheirm ghaoithe a thógáil; 84 MW i nDroim Cáithe, Co. Uíbh Fhailí, arb é mí Lúnasa 2014 a dáta oibriúcháin tráchtála measta, agus 42 MW ag an mBreacánach ar theorainneacha Laoise, Thiobraid Árann agus Chill Chainnigh, arb é mí Dheireadh Fómhair 2014 a dáta oibriúcháin tráchtála measta, rudaí a mbaineann infheistíocht de thart ar €174 milliún leo;
- dul chun cinn a dhéanamh ar chomhfhiontar le BSL chun ár dtionscadal feirme gaoithe 172 MW a sheachadadh in Abhainn Eidhneach, Co. Mhaigh Eo, in dhá chéim;
- iarratas a dhéanamh ar fhormheas pleanála le haghaidh na dtionscadal gaothfuinnimh in Abhainn Eidhneach, ag léiriú an dul chun cinn atá déanta ar theicneolaíocht tuirbíní;
- fás leanúnach inár gclár chun bithmhais a úsáid chun leictreachas a ghiniúint, agus ídíodh 239,000 tonna de bhithmhais mheasctha le linn na bliana, ar ráta comhadhainte 25% é;
- ionad giniúna leictreachais a choimisiúnú i mí Dheireadh Fómhair 2013 chun leas a bhaint as an ngás a tháirgtear inár líonadh talún a ndéantar innealtóireacht air sa Droichead, Co. Chill Dara, ag giniúint 5 MW i leictreachas in-athnuaite;
- formheas a fháil chun leanúint le suas go dtí 360,000 tonna d'ábhar a phróiseáil gach bliain i saoráid Athchúrsála an Droichid go dtí mí na Nollag 2015;
- formheas pleanála a fháil ó Chomhairle Contae Uíbh Fhailí agus ón mBord Pleanála le haghaidh oibriú leantach ár n-ionaid chumhachta in Éadan Doire, Contae Uíbh Fhailí, go dtí an bhliain 2023. Tá imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar siúl faoi láthair mar gheall ar an gcead sin;

Ráiteas an Chathaoirligh ar lean

- gnó Suttons Oil a dhiúscairt, a chinn an Bord nach dtagann le straitéis an Ghrúpa sa todhchaí;
- tógáil a dhéanamh ar uasghrádú suntasach ar an eispéireas comhshaoil agus cultúrtha do chuairteoirí ar ár suíomh suaitheanta i bPáirc Fionnachtana Loch na Buaraí, agus
- Leanúint ar aghaidh le teagmháil a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara uile san athbhreithniú bliantúil ar Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Bhord na Móna 2010 -2015, rud a sholáthraíonn arís eile dea-dhul chun cinn ar thionscadail agus ar ghníomhaíochtaí éagsúla d'fhonn cur le bithéagsúlacht ar thailte portaigh na Cuideachta.

Ina theannta sin, tá an Grúpa ag leanúint de mheasúnú a dhéanamh ar a chúlsoláthar talún le haghaidh tuilleadh tionscadal fuinnimh in-athnuaite a fhreastalóidh ar mhargadh na hÉireann ar aon dul le beartas Rialtais. Chuige sin, tá páirt á glacadh ag an nGrúpa le dhá bhliain anuas i dtionscadal féideartha chun fuinneamh in-athnuaite a onnmhairiú chuig an Ríocht Aontaithe ó fheirmeacha gaoithe mórscála a bheidh lonnaithe ar thalamh na Cuideachta i Lár na Tíre. Bhí an dul chun cinn ar an tionscadal seo tar éis na céime coincheapúla ag brath ar Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Breataine ag dul isteach i gComhaontú Idir-Rialtasach. Le roinnt bheag míonna anuas, d'éirigh sé soiléir nach dócha go dtiocfaí ar chomhaontú den chineál sin, sa ghearrthéarma ar aon nós. Mar thoradh air sin, chuir an Grúpa tuilleadh oibre ar an tionscadal ar fionraí. Mar sin féin, tá an Grúpa ag leanúint de dhíriú ar thionscadail bhreise feirme gaoithe a fhorbairt a chuirfidh le riachtanais fuinnimh in-athnuaite na hÉireann sa ghearrthéarma a chomhlíonadh.

Ghlac an Grúpa páirt i gcomhar le NewERA agus Coillte i measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go mbeidh dlúthchomhoibriú idir an dá chuideachta. Fáiltíonn Bord na Móna cinneadh an Rialtais maidir le comhfhiontar a bhunú idir Bord na Móna agus Coillte. Díreofar sa socrú fiontair idir an dá chuideachta ar na réimsí sainaitheanta maidir le sineirge, bithmhais agus soláthar, fuinneamh gaoithe, comhdhlúthú seirbhísí tacaíochta lárnacha agus caitheamh aimsire agus turasóireachta a bhfuil an acmhainneacht acu gnóthachain éifeachtúlachta agus sochair bheartais a ghabháil don dá chuideachta. Leanfaidh Bord na Móna ag díriú ar a phríomhgnó.

D'íoc an Grúpa díbhinn de €5.3 milliún le linn na bliana, ar íocadh €5.0 milliún de leis an Stát agus ar íocadh €0.3 de isteach sa Phlean um Scair-úinéireacht d'Fhostaithe.

Leanann an cás i dtaca leis an easnamh suntasach sa Scéim Aoisliúntais Ghinearálta d'Fhostaithe (ar scéim pinsean sochair shainithe í) de bheith ina ábhar imní don Bhord. Le linn na bliana, leanadh d'iarrachtaí trí theagmháil a dhéanamh le hiontaobhaithe na scéime d'fhonn togra maoiniúcháin a fhorbairt, ina bhfreastalaítear, ar bhealach cothrom, ar leas an Ghrúpa, leas na bhfostaithe agus leas na bpinsinéirí. Níor baineadh réiteach na saincheiste deacra seo amach go fóill, d'ainneoin na teagmhála suntasaí leantaí idir na páirtithe lena mbaineann.

Leanann an Bord de bhéim a chur ar rialachas corparáideach, bunaithe ar dhea-chleachtas, agus ar rialú agus ar threochtaí atá ag teacht chun cinn. I measc na bhforbairtí le linn na bliana, rinneadh tuilleadh cur chun feidhme ar phróiseas cuimsitheach maidir le breathnú ar na rioscaí atá le sárú ag an nGrúpa agus iad a thuairisciú. Leanann an Bord de mheasúnú a dhéanamh ar gach infheistíocht shuntasach, agus modheolaíochtaí diana á n-úsáid againn, chun a chinntiú go gcomhlíonfaimid an fhreagracht atá orainn as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus deiseanna atá tarraingteach ón taobh barainneach de a shaothrú ag an am céanna. Tá an Bord sásta go bhfuil córas cuí agus freagrúil ag an nGrúpa maidir le rialú inmheánach chun rioscaí suntasacha a mhaolú, chun neamhchosaintí a choinneáil ag leibhéal inghlactha agus chun a chinntiú go leanfaidh Bord na Móna dá chur chuige éifeachtach i leith rialachas corparáideach. D'aontaigh an Bord próiseas chun measúnú a dhéanamh ar a chuid feidhmíochta féin agus tá sé á chur chun feidhme faoi láthair.

Ar aon dul lenár gcur chuige maidir le forbairt straitéise, rinne an Bord athbhreithniú ar straitéis an Ghrúpa le linn na bliana. Tá muinín againn go gcinnteoidh an straitéis maidir lenár gclár bunathraithe agus leis an lear mór láidreachtaí atá againn a fhorbairt todhchaí rathúil agus bheoga don Ghrúpa agus go neartófar leas ár bpáirtithe leasmhara ar fad. Leanann an Grúpa lena thaispeáint gur féidir linn na dúshláin atá romhainn a shárú go rathúil agus gur féidir linn torthaí inbhuanaithe a sholáthar.

Tá a pháirt á glacadh ag Bord na Móna níos mó agus níos mó i dtodhchaí inbhuanaithe na hÉireann le polasaithe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol maidir le fuinneamh, le huisce, le haisghabháil acmhainní, le húsáid talún agus le feabhsú na bithéagsúlachta.

Is é ról an Bhoird an comhshaol agus na hacmhainní a chumasóidh baint amach na straitéise a chur ar fáil agus soláthrófar torthaí iontacha a sholáthar dár scairshealbhóirí dá mbarr. Tá áthas orm a dheimhniú go bhfuil na Stiúrthóirí tiomanta go hiomlán don ról seo a chomhlíonadh.
Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe Boird as a dtiomantas agus as a dtacaíocht le linn na bliana. Ba mhaith liom aitheantas ar leith a thabhairt don rannchuidiú a

rinne Paddy Fox, a d'éirigh as a ról mar Stiúrthóir le linn na bliana. Chaith Paddy breis agus cúig bliana déag ag fónamh ar an mBord tar éis gur toghadh é faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre i 1999 agus chuir sé go mór leis an dul chun cinn a rinne Bord na Móna sa tréimhse sin. Cuirim fáilte roimh Paschal Maher, a chomharba, chuig an mBord. D'éirigh an tUas. David Taylor as i mí an Mheithimh 2014 freisin tar éis dó a bheith ina Stiúrthóir ó 2009. Tugaim aitheantas don mhéid luachmhar a chuir David le Bord na Móna le linn a théarma. Ceapadh an tUasal Denis Leonard agus an tUasal John Farrelly ar an mBord i mí an Mheithimh 2014.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Uasal Pat Rabbitte T.D., an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, as a thacaíocht leanúnach do Bhord na Móna.

Tugaim buíochas chomh maith don Uasal Mark Griffin, Ard-Rúnaí na Roinne, don Uasal Ken Spratt, Ard-Rúnaí Cúnta, agus d'oifigigh eile de chuid na Roinne as a suim agus as a gcomhairle.

Le linn na bliana, d'idirghníomhaigh an Chuideachta ar bhonn rialta le Rannán NewERA de chuid Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Uasal John Corrigan as NTMA agus le Eileen Fitzpatrick Uas., lena comhghleacaithe in NewERA agus leis na hoifigigh éagsúla sa Roinn as a dtacaíocht le linn na bliana.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chomh maith le m'fhíorbhuíochas a ghabháil leis an Uasal Gabriel D'Arcy, Stiúrthóir Bainistíochta an Ghrúpa, agus leis an bhfoireann bhainistíochta ar a bhfuil sé ina cheannaire. Gabhaim buíochas lenár bhfostaithe uile as a ndíograis agus as an obair chrua a rinne siad maidir le bliain eile de dhul chun cinn a sheachadadh don Ghrúpa, d'ainneoin na ndúshlán a tháinig chun cinn.

John Horgan
Cathaoirleach

An 26 Meitheamh 2014

Tá a pháirt á glacadh ag Bord na Móna níos mó agus níos mó i dtodhchaí inbhuanaithe na hÉireann le polasaithe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol maidir le fuinneamh, le huisce, le haisghabháil acmhainní, le húsáid talún agus le feabhsú na bithéagsúlachta.

Athbhreithniú an Stiúrthóra Bainistíochta

Bliain curiarrachtaí do Bhord na Móna a bhí sa bhliain 2014, lenar áiríodh láimhdeachas de €426.8 milliún, EBITDA de €90.9 milliún agus brabús oibriúcháin de €50.3 milliún. Bhí feidhmíocht láidir go háirithe ag na gnóthaí Aisghabháil Acmhainní, Beostoic agus Powergen agus ba bheag nár bhain an gnó Tomhaltóirí agus Gairmiúil agus gnó Anua a spriocanna don bhliain amach. Mar thoradh ar an téarnamh geilleagrach mall leantach sa chúlra, bhí an táirgeacht ina héacht suntasach don Ghrúpa agus tá sí mar bhonn agus thaca ag an straitéis éagsúlúcháin a ghlac an Bord le blianta beaga anuas.

Sholáthraíomar roinnt eochairthionscadal sa bhliain atá thart:

- dul chun cinn a dhéanamh, de réir sceidil, ar an bhfeirm ghaoithe i nDroim Cáithe agus ar an bhfeirm ghaoithe sa Bhreacánach, agus táthar ag súil go mbeidh an dá fheirm i mbun oibre tráchtála laistigh de roinnt mhíonna;
- dul chun cinn leantach ar an gcomhfhiontar le BSL le haghaidh na feirme gaoithe ar an gcladach is mó de chuid na hÉireann in Abhainn Eidhneach, Co. Mhaigh Eo;
- an bunábhar bithmhaise i Stáisiún Cumhachta Éadan Doire a mhéadú go dtí ráta comh-adhainte 25%;
- Gléasra Gás Líonadh Talún sa Droichead a thógáil agus a oibriú;
- raon táirgí inbhuanaithe breosla gan toit a fhorbairt agus a thástáil, agus
- cleachtais nua oibre agus éifeachtúlachtaí nua oibre a thabhairt isteach ar fud na heagraíochta lenár n-iomaíochas sa todhchaí a chinntiú.

Powergen – Bliain lán le hathruithe bunúsacha ar Powergen de chuid Bhord na Móna agus ar ár bpunann fuinnimh in-athnuaite a bhí sa bhliain 2014 mar gur cuireadh tús le tógáil feirmeacha gaoithe ag suíomhanna Dhroim Cáithe agus na Breacánaí, a mbeidh an dá cheann díobh i mbun oibre sa bhliain fhioscach 2015. Ina theannta sin, tá Oweninny Power Ltd. (comhfhiontar de chuid Bhord na Móna/BSL) ag obair de réir an sceidil chun an chéad chéim 89 MW d'fheirm ghaoithe mhórscála a fhorbairt in Abhainn Eidhneach, Co. Mhaigh Eo faoin mbliain 2017. Bhí feidhmíocht láidir oibriúcháin ag an stáisiún cumhachta móna/bithmhaise in Éadan Doire agus bhí an ráta comhadhainte is airde riamh aige (bithmhais 25%). Tá ár dtáirgeadh comhcheangailte fuinnimh in-athnuaite (RES-E) méadaithe anois go 26% dár bpunann. Táimid dírithe ar laghdú breise a dhéanamh ar dhéine charbóin agus táimid tiomanta do dhéanamh amhlaidh. Cuirfidh sé sin leis na spriocanna fuinnimh in-athnuaite a leagtar amach faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fhuinneamh In-athnuaite.

Beostoc – Ba é fómhar móna 2014 an cheathrú fómhar ba mhó a taifeadadh i stair an Ghrúpa agus ba thráthúla é fós tar éis an fhómhair fhíordhona in 2013. Chuir sé sin na stoic mhóna ar ais go leibhéil a chinnteoidh leanúnachas an tsoláthair do chustaiméirí i mbliana. Bímid ag brath fós ar dhálaí dearfacha aimsire chun leanúint den treocht sin. Is i gcónaí a bhíonn dúshlán an iomaíochais le fáil inár ngnóthaí uile agus glacann ár n-aonad beostoic páirt an-ghníomhach i roinnt tionscadail bhunathraithe i réimsí amhail bainistíocht sócmhainní, táirgeadh, iompar agus riarachán d'fhonn iomaíochas fadtéarmach an ghnó a chothú. Áirítear leis na príomhnithe sa mhargadh a bhrúnn na hathruithe seo ar an múnla gnó chun cinn an deireadh sceidealaithe a chuirfear le creat na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí le haghaidh stáisiún cumhachta Éadan Doire agus stáisiún móna BSL in 2015 agus in

2019 faoi seach, impleachtaí rialála na n-astaíochtaí carbóin ó mhóin, tionchar na cánach carbóin ar dhíolacháin bhrícíní agus caolú móna i meáin fáis.

Aisghabháil Acmhainní – ó chuaigh Bord na Móna isteach sa mhargadh dramhaíola, shonraíomar ár dtiomantas do réitigh chóireála ar chaighdeán níos airde. Treocht sa bhliain a chuaigh thart ba ea an méadú suntasach ar mhéid an bhreosla neamhchóireáilte agus ísealghráid arna dhíorthú ó dhramhaíl atá á onnmhairiú ag ár n-iomaitheoirí, agus é brúite chun cinn ag méadú ar thobhaigh líonadh talún. D'fhonn tionscal dúchasach inbhuanaithe dramhaíola a choinneáil, tá infheistíocht i réitigh theicneolaíochta nua ag teastáil. Tar éis cead pleanála agus ceadúnúcháin a fháil le haghaidh aonad Cóireála Bitheolaíche Meicní (MBT) 250,000 tonna ag ár suíomh sa Droichead, tá cumas maith againn chun leas a bhaint as an deis seo.

Rinne an gnó dul chun cinn suntasach in 2014 tar éis roinnt blianta deacra. Thaispeáin an margadh cobhsaíocht mheasartha sa tréimhse agus, mar thoradh ar ár ndíriú ar fheabhsúcháin éifeachtúlachta agus luach méadaithe ó ghníomhaíochtaí próiseála, tháinig feabhas mór ar fheidhmíocht oibriúcháin.

Tomhaltóirí agus Gairmiúil – Bliain dhúshlánach dár ngnó Tomhaltóirí agus Gairmiúil a bhí ann mar gheall ar an drochthionchar a bhí ag an gcáin charbóin ar an éileamh ar tháirgí breosla sholadaigh, an drochthionchar a bhí ag an aimsir bhog le linn an tséasúir bhuaice théamh baile agus an drochthionchar a bhí ag stoic shrianta mhóna sa chéad ráithe den bhliain airgeadais. Toradh sásúil a bhí i láimhdeachas €177.3 milliún a bhaint amach in aghaidh an chúlra seo. Ón taobh straitéiseach de, díríonn an gnó go príomha ar nuálaíocht táirgí inbhuanaithe chun freagairt do mhéaduithe ar cháin chánach, don chosc ar fud na tíre is dócha go dtabharfar isteach ar ghual biotúmanach ag a bhfuil toit agus do dhúshláin a bhaineann le caolú móna. Rinneadh dul chun cinn ar roinnt eochairthionscadal le linn na bliana

chun a chinntiú go bhfanfaidh Bord na Móna chun tosaigh sna margaí sin. Tá margaí idirnáisiúnta nua ag teacht aníos dár meáin fáis ghairmiúil agus soláthróidh siad tuilleadh deiseanna le haghaidh fáis sa todhchaí.

Gnó Anua-Comhshaoil – Bhí bliain dhúshlánach eile ag Anua ar fud na gcríoch go léir mar a lean an earnáil tógála le téarnamh ón gcúlú a lorg. Díríodh ar an múnla gnó agus an struchtúr costais a oiriúnú chun feidhmíocht a chomhdhlúthú le linn na tréimhse seo agus bhí sé sin ina chúis le feidhmíocht don bhliain ar tháinig feabhas beag uirthi. Bhain ár dteicneolaíocht aeir ghlain leas as ardú san earnáil fóntas sa Ríocht Aontaithe agus tá tuilleadh téarnaimh réamh-mheasta don bhliain le teacht.

Talamh agus Maoin – Díríonn ár ngnó talún agus maoine, ón taobh straitéiseach de, ar luach tráchtála, comhshaoil agus sóisialta a ghiniúint le leas an Ghrúpa agus na bpobal a bhfreastalaímid orthu. Ionchur tábhachtach inár gcinnteoireacht is ea 'Creat Straitéiseach Bhord na Móna um 'Úsáid Amach Anseo Tailte Portaigh'. Is doiciméad comhoibríoch é sin a forbraíodh i gcomhairle le roinnt príomhpháirtithe leasmhara agus déanann sé eolas dár gcur chuige maidir lenár gcúlsoláthar talún, lena n-áirítear pleananna athshlánúcháin a chuirtear faoi bhráid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil.

Leanann ár sainfhoireann éiceolaithe lena gcuid oibre chun ár bpleananna bithéagsúlachta a chur i gcrích de réir mar a athchruthaímid gnáthóga nádúrtha ar féidir le turasóirí áitiúla agus idirnáisiúnta taitneamh a bhaint astu.

Tá an-chreidiúint ag dul don lucht bainistíochta agus don fhoireann Bunábhair maidir lenár réimsí táirgthe a ullmhú agus a athchumrú chun 6.6 milliún tona táirgthe a bhaint amach.

Athbhreithniú an Stiúrthóra Bainistíochta ar lean

Athbhreithniú Oibriúcháin agus Airgeadais

Is é seo a leanas achoimre ar phríomhthorthaí airgeadais an Ghrúpa le trí bliana anuas:

	2014	2013	2012
	€'000	€'000	€'000
Láimhdeachas	**426,798**	426,120	383,826
Athrú mar %	**+0.2**	+11.0	+0.5
EBITDA	**90,865**	61,244	61,146
Athrú mar %	**+48.4**	+0.2	-15.9
Brabús/(caillteanas) roimh cháin	**39,914**	12,532	(12,742)
% change	**+218.5**	+198.4	-176.2
An ciste scairshealbhóirí	**212,903**	173,672	181,321
Athrú mar %	**+22.6**	-4.2	-21.6

Tháinig méadú €0.7 milliún agus €42.3 milliún ar an láimhdeachas i gcomparáid le 2013 agus le 2012 faoi seach. Diúscraíodh gnó Suttons Oil i mí Eanáir 2014 agus, i gcomparáid leis an mbliain roimhe, rinne sé laghdú €7.9 milliún ar láimhdeachas an Ghrúpa. Bhí gníomhaíocht díolacháin laghdaithe san earnáil téimh bhaile, mar gur tháinig laghdú 12% agus 10% ar thonnáistí díolachán brícíní agus guail faoi seach i gcomparáid leis na figiúirí do 2013 mar gheall ar an séasúr geimhridh gearr agus bog. Chomh maith leis sin, bhí drochthionchar ag méideanna móra móna príobháidí agus ag tabhairt isteach na cánach carbóin an 1 Bealtaine 2013 ar an éileamh ar tháirgí téimh. Tháinig méadú ar dhíolacháin na meán fáis i mórchríoch na hEorpa ón mbliain roimhe, nuair a bhí teorainn le díolacháin ar feadh tréimhse ama mar thoradh ar easnamh san fhómhar móna i samhradh 2012. Ina theannta sin, tháinig méadú ar dhíolacháin na meán fáis miondíola in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe ón mbliain roimhe, rud a léirigh an aimsir fhabhrach le linn an tséasúir fáis.

Laghdaigh an gnó Beostoic an díolachán móna meilte sa bhliain agus bhí soláthairtí srianta do na stáisiúin chumhachta sa chéad ráithe mar thoradh ar an staid tosaigh íseal de stoic mhóna i mí Aibreáin 2013 agus éaradh seirbhíse sceidealaithe sínte ag Stáisiún cumhachta Éadan Doire i samhradh 2013. Bhí méadú suntasach ar dhíolacháin leis na monarchana brícíní ón mbliain roimhe, áfach.

B'ísle ná an bhliain roimhe a bhí díolacháin leictreachais sa ghnó giniúint cumhachta mar thoradh ar éaradh seirbhíse sínithe samhraidh a bhí ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb leis an tuirbín go rathúil. Mhéadaigh soláthairtí bithmhaise do stáisiún cumhachta Éadan Doire go 239,000 tonna, arb ionann é agus méadú 7% ón mbliain roimhe.

Mhéadaigh Aisghabháil Acmhainní a hiontógáil tonnáiste isteach ó chustaiméirí tráchtála trí 9% agus bhí méadú 20% ón mbliain roimhe ar dhíolacháin chóireála deiridh le saoráid an Droichid. Coimisiúnaíodh aonaid ghiniúna leictreachais do ghás líonadh talún sa Droichead le linn na bliana agus tabharfaidh an aisghabháil gháis ón líonadh talún a ndéantar innealtóireacht air cumhacht do 8,500 teach cónaithe ar bhonn bliantúil.

Agus é cothrom le €90.9 milliún, tháinig méadú €29.6 milliún ar an EBITDA i gcomparáid leis an bhfigiúr do 2013. Léirigh an figiúr sin:

- na costais eisceachtúla a tabhaíodh in 2013 mar gheall ar an aimsir shrianta a bhain leis an bhfómhar móna a raibh táirgeacht de 1.4 milliún tonna aige;
- táirgeacht de 6.6 milliún tonna de mhóin a ndearnadh fómhar uirthi in 2014, arb ionann í agus barrachas 2.7 milliún tonna os cionn na sprice agus téarnamh iomlán tar éis an easnaimh 2.4 milliún tonna in 2013;
- ollchorrlaigh fheabhsaithe ar an ngnó bailiú dramhaíola tar éis roinnt tionscnamh a chur chun feidhme chun costais a laghdú;
- tonnáiste méadaithe isteach do shaoráid Líonadh Talún an Droichid, don tsaoráid Mhuiríniúcháin agus don ghiniúint leictreachais ar gháis aisghafa ón líonadh talún a ndéantar innealtóireacht air; agus
- caiteachas breise €2.0 milliún ar an bhféidearthacht a bhaineann le feirmeacha gaoithe a thógáil le haghaidh fuinneamh in-athnuaite a onnmhairiú.

Agus é cothrom le €39.9 milliún, tháinig méadú €27.4 milliún ar bhrabús roimh cháin i gcomparáid le 2013. Léirigh sé sin an tuilleamh feabhsaithe sa ghnó Aisghabháil Acmhainní, cáilíocht fheabhsaithe na móna agus an méid móna a bhí ar fáil ón bhfómhar a rinneadh in 2014. Áiríodh leis an mbliain roimhe costais eisceachtúla €23.3 milliún (roimh cháin) i dtaca leis an easnamh fómhair in 2013. B'ionann an brabús roimh cháin de €12.5 milliún do 2013 agus méadú €25.3 milliún i gcomparáid le 2012, ach áiríodh leis an bhfigiúr don bhliain airgeadais 2012 muirear bearnaithe €23.7 milliún ar shócmhainní inláimhsithe agus ar shócmhainní doláimhsithe.

Tháinig méadú €39.2 milliún ar chistí na scairshealbhóirí sa tréimhse, rud a d'aisiompaigh treocht na mblianta roimhe, go háirithe mar thoradh ar thuilleamh coimeádta de €28.2 milliún don bhliain agus laghdú €11.0 milliún (tar éis cáin) in easnaimh phinsin ar na scéimeanna pinsean sochair shainithe. An phríomhthoisc a chuireann leis an easnamh laghdaithe pinsin is ea an toradh méadaithe ar shócmhainní scéimeanna le linn na bliana. D'fhan an ráta ag 3% lascaine gan athrú ó 2013 go 2014.

Ioncaim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin

Bhí sreabhadh airgid thirim oibriúcháin €47.5 milliún ag an nGrúpa i gcomparáid le €108.5 milliún an bhliain roimhe sin. Ba é an atógáil shuntasach i leibhéil na stoc chun an drochfhómhar a bhí ann an bhliain roimhe sin a chúiteamh a bhí taobh thiar de sin go sonrach. Sa bhliain roimhe sin tháinig laghdú €40.4 milliún ar an infheistíocht sna stoic ach mhéadaigh an Grúpa a

infheistíocht €36.7 milliún i mbliana, athrú €77.1 milliún thar an dá bhliain. Chuir an brabús oibriúcháin feabhsaithe €26.7 milliún in 2014 i gcomparáid le 2013 go mór leis an difríocht sa sreabhadh airgid thirim chomh maith.

Bhí glan-eis-sreabhadh airgid thirim €55.0 milliún ag an nGrúpa roimh mhaoiniú, i ndiaidh infheistíocht i gcaiteachas caipitil €86.3 milliún agus íocaíochtaí díbhinní €5.3 milliún ar raibh laghdú €105.9 milliún mar thoradh air i gcomparáid le 2013. Tháinig méadú ar an nglanfhiachas ó €17.0 milliún ag tús na bliana go dtí glanfhiachas deiridh €72.2 milliún, arb é sin méadú €55.2 milliún. Bhí iarmhéid deiridh €173.3 milliún ag an nGrúpa lena maoineofar caiteachas caipitil tiomanta sa gnó Powergen.

Ag deireadh na bliana, bhí glanfhiachas €72.2 milliún ag an nGrúpa, arb é sin méadú €55.2 milliún sa bhliain - é sin inchurtha i leith leibhéal an chaiteachais chaipitil ar an dá fheirm ghaoithe a bhí á dtógáil ag deireadh na bliana. Tá an ráiteas mionsonraithe maidir le sreabhadh airgeadais ar fáil ar leathanach 53 arna thacú ag Nóta 20 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais ar leathanach 69.

Infheistíocht le haghaidh na todhchaí

B'ionann **Caiteachas Caipitil agus Infheistíocht Airgeadais** do 2014 agus €86.3 milliún (€41.8 milliún in 2013). Áiríodh leis an gclár infheistíochta caipitil ar tugadh faoi le linn na bliana cur i gcrích na bhfostáisiún, na mbunsraitheanna tuirbín agus na mbóithre agus ar fheirmeacha gaoithe i nDroim Cáithe, Co. Uíbh Fhailí agus ar an mBreacánach atá suite ar an teorainn idir contae Chill Chainnigh, contae Laoise agus contae Thiobraid Árann. Rinneadh cur i gcrích ar roinnt tuirbíní gaoithe a chur suas i Droim Cáithe. Níor cuireadh tús le cur suas tuirbíní sa Bhreacánach go fóill, de réir sceideal an tionscadail. I measc na míreanna caiteachais tábhachtacha eile, bhí gléasra táirgeachta do bhaint mhóna, trealamh iompair, tógáil na n-aonad ginte gáis líonadh talún agus uasghráduithe ag an dá mhonarcha brícíní.

	2014 €'milliún	2013 €'milliún
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	**47.5**	108.5
Caiteachas caipitil agus infheistíochtaí	**(86.3)**	(41.8)
Costais mhaoinithe íoctha	**(10.0)**	(11.1)
Diúscairt fochuideachta	**2.9**	0.0
Cáin chorparáide íoctha	**(3.8)**	(2.1)
Díbhinn íoctha	**(5.3)**	(2.5)
(Laghdú)/méadú ar ghlanairgead tirim	**(55.0)**	50.8
Gluaiseacht neamhairgid thirim	**(0.2)**	(1.1)
Méadú/(laghdú) ar ghlanfhiachas	**55.2**	(49.7)

Taighde agus Forbairt: In 2014, chaith Bord na Móna €4 milliún ar thaighde agus ar fhorbairt, lena n-áirítear forbairt ghnó, gan deontais san áireamh (i gcomparáid le €4 milliún in 2013). Tá naonúr fostaithe go díreach leis an Ionad Nuálaíochta agus tá cúigear ball foirne nuálaíochta dhéag eile neadaithe i ngnóthaí oibriúcháin an Ghrúpa.

Struchtúr Caipitil agus Polasaí Cistíochta

Athbhreithníonn an Bord Polasaí Cistíochta an Ghrúpa ar bhonn bliantúil. Déanann feidhm Chistíochta an Ghrúpa an polasaí seo a chur i bhfeidhm agus a mhonatóiriú. Is é is aidhm leis an bpolasaí Cistíochta costais mhaoinithe an Ghrúpa a íoslaghdú agus solúbthacht sna margaí luaineacha a choinneáil, faoi réir leibhéal inghlactha riosca don chistíocht agus don chontrapháirtí.

Is é cuspóir foriomlán na feidhme Cistíochta maidir le riosca malairte eachtraí a bhainistiú ná rannchuidiú a dhéanamh chun cuspóir airgeadais an Ghrúpa a bhaint amach. Is é sin, fás cobhsaí brabúis oibriúcháin in Euro a bhaint amach ar bhealach atá saor ó riosca agus éifeachtach ó thaobh costais de agus leas a bhaint as fáluithe nádúrtha ar fud an Ghrúpa nuair is féidir. Tá nochtadh i leith infheistithe in airgeadra eachtrach fálaithe sa mhéid is féidir sa mhéid is go bhfuil iasachtaí san airgeadra céanna do na bunsócmhainní.

Faoin bpolasaí Cistíochta, ceadaítear díorthaigh a úsáid chun na rioscaí airgeadais agus na díorthaigh a mhaolú agus déantar iad a chomhlíonadh de réir shonraíocht an Aire Airgeadais arna heisiúint de bhun an 'Achta um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí áirithe agus Comhlachtaí Eile, 1992'.

Is trí bhabhtálacha a shocraítear seasamh iomlán fiachais an Ghrúpa. Shroich na glaniasachtaí sa bhliain airgeadais reatha buaicphointe de €78 milliún i mí na Nollag 2013, i gcomparáid leis an mbuaicphointe de €80 milliún sa bhliain roimhe sin. Bhí ús bainc agus táillí cosúla i gcomhréir leis an mbliain roimhe ag €10.3 milliún agus d'fhritháirigh ús caipitlithe méadaithe an t-ús infhaighte níos ísle in 2014.

Ag deireadh na bliana, bhí $330 milliún (€243.8 milliún) d'fhiachas ráta sheasta ag an nGrúpa a d'eascair ar mhargadh fiachais SAM um láithriúchán príobháideach. D'fhonn neamhchosaintí ráta malairte dhollar SAM lena mbaineann a fhálú agus na bunrátaí úis a aisiompú go seasta, chuaigh an Grúpa isteach i roinnt babhtálacha trasairgeadra d'fhonn próifíl aibíochta an fhiachais sin a mheaitseáil.

Bhí próifíl aibíochta an fhiachais ag deireadh na bliana airgeadais mar seo a leanas: 17% in-aisíoctha sa bhliain airgeadais 2015, 26% in-aisíoctha in 2017, 13% in-aisíoctha in 2018, 21% in-aisíoctha in 2019 agus 23% in-aisíoctha in 2020.

B'ionann an ghiaráil agus 34% ag deireadh na bliana i gcomparáid le 9% ag tús na bliana. Léirigh sé sin an infheistíocht i gcaiteachas caipitil agus i stoic mhéadaithe le linn na bliana. Méadóidh an cóimheas giarála in 2015 trí infheistíocht bhreise i bhfeirmeacha gaoithe.

Athbhreithniú an Stiúrthóra Bainistíochta ar lean

Athbhreithniú Gnó - Powergen

Déanann Powergen bainistiú gnó agus oibriú ar phunann sócmhainní teirmeacha agus in-athnuaite a chuimsíonn an t-aonad giniúna móna/bithmhaise in Éadan Doire, an stáisiún buaice i gCois Loinge, na feirmeacha gaoithe i nDroim Cáithe agus i mBéal Átha Chomhraic agus ionad gáis líonadh talún an Droichid. An rud is déanaí a cuireadh leis an bpunann is ea feirm ghaoithe Dhroim Cáithe (84 MW) atá beagnach críochnaithe agus táthar ag súil go mbeidh sí ina sócmhainn i mbun oibre faoin dara ráithe den bhliain fhioscach 2015. Tá tógáil na dtuirbíní gaoithe ag suíomh fheirm ghaoithe na Breacánaí (42 MW) ar bun agus tá sé sceidealaithe go mbeidh sí i mbun oibre trachtála faoin tríú ráithe den bhliain fhioscach 2015.

Tá straitéis Powergen dírithe ar fhás gnó inbhuanaithe a bhaint amach trí phunann éagsúlaithe sócmhainní giniúna a fhorbairt ar bhonn céimithe. Bainfear é sin amach trí ghiaráil a dhéanamh ar na sócmhainní talún, na scileanna forbairt tionscadal agus na cumais oibríochtaí agus chothabhála atá ag Bord na Móna. Beidh Powergen ina phríomhghineadóir leictreachais ísealcharbóin, agus beidh punann aige, lena n-áireofar sócmhainní gaoithe, bithmhaise agus bithgháis agus sócmhainní in-athnuaite eile a dtacóidh an gléasra solúbtha teirmeach leo.

Éachtaí

Oibríochtaí

Tar éis mór-ollchóiriú tuirbíní gaile a chur i gcrích, tá éifeachtúlacht oibriúcháin fheabhsaithe agus infhaighteacht fheabhsaithe ag stáisiún Éadan Doire. Mórthoisc a chuir leis sin ná cáilíocht an bhreosla mar thoradh ar fhómhar móna den chéad scoth in 2014. Mhéadaigh an ráta comhadhainte bithmhaise don bhliain airgeadais ó 22% go 25%, agus mhéadaigh táirgeacht leictreachais in-athnuaite (RES-E) ó 23% go 26%.

Léirigh stáisiún Éadan Doire go bhfuil sé an-iontaofa, agus ní raibh ann ach cur isteach riachtanach 0.41% le linn 2014. Bhí infhaighteacht bhliantúil 99.9% ag an ionad buaice cumhachta 116 MW i gCois Loinge, agus lean feirm ghaoithe Bhéal Átha Chomhraic de bheith ag feidhmiú go maith freisin.

Rinneadh oibriú aonad gáis líonadh talún an Droichid agus feirm ghaoithe Dhroim Cáithe a chomhtháthú go rathúil isteach in Oibríochtaí agus i nGníomhaíochtaí Cothabhála Powergen.

Dul Chun Cinn a Dhéanamh ar Thionscadail Forbartha

Tá Powergen ag céim forbartha de thógáil fheirm ghaoithe Dhroim Cáithe a chur i gcrích, lena n-áirítear cur i gcrích na mbonn tuirbín agus na limistéar pábháilte,

Gléasra Buaice Powergen

Móin Powergen

Gaoth Powergen

coimisiúnú an fhostáisiúin, cur suas fhormhór na dtuirbíní agus cur i gcrích na tástála éifeachta riachtanaí. Chomh maith leis sin, rinne an gnó cur i gcrích ar na hoibreacha sibhialta go léir ag suíomh feirm ghaoithe na Breacánaí, coimisiúnú ar an bhfostáisiún 38 kV agus ar an bhfostáisiún 110 kV araon agus tógáil ar an líne 38 kV chun cumhacht a ghlacadh ón bhfeirm go dtí an ngreille.

Oweninny Power Ltd., an comhfhiontar de chuid Bhord na Móna/BSL, a bhfuil forbairt á déanamh aige ar an gcéad 172 MW d'fheirm ghaoithe mhórscála in Abhainn Eidhneach, Co. Mhaigh Eo, chuaigh sé ar aghaidh mar a bhí beartaithe. Dheimhnigh EirGrid gur féidir leis an mbonneagar 110 kV atá ann cheana freastal ar thuairim is 89 MW den tionscadal ar dtús ar bhonn naisc dhaingin.

Dúshláin

Oibríochtaí

Is é is an mórdhúshlán oibriúcháin is mó ar Powergen ná barrfheabhsú a bhoinn sócmhainní giniúna reatha i margadh atá ag athrú agus i dtimpeallacht rialála atá ag fabhrú le gur féidir leis saolré sócmhainne úsáidí na sócmhainní giniúna a chaomhnú le linn dó táirgeacht agus torthaí eacnamaíocha a uasmhéadú.

Clár Oibre Forbartha

Mar thoradh ar chlár oibre forbartha Powergen, ní mór na feirmeacha gaoithe i nDroim Cáithe agus sa Bhreacánach a chur i gcrích agus a choimisiúnú de réir an sceidil; suiteálfar tuilleadh trealaimh chun breosla a láimhseáil ag Stáisiún Cumhachta Éadan Doire d'fhonn an ráta comhadhainte bithmhaise a mhéadú; ní mór teacht ar chomhaontú leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (RCFAN) maidir leis na téarmaí agus coinníollacha le haghaidh páirt a ghlacadh i bpróiseas REFIT 3 um ghiniúint leictreachais in-athnuaite ó theicneolaíochtaí bithmhaise agus ní mór an toiliú pleanála athbhreithnithe le haghaidh fheirm ghaoithe Abhainn Eidhneach a fháil.

Bord na Móna agus Fuinneamh Níos Fearr

Mar thoradh ar obair Bhord na Móna faoin gComhaontú Deonach, rinneamar ár spriocanna éifeachtúlacht fuinnimh don tréimhse 2011 - 2013 a chur i gcrích agus a shárú. Baineadh an obair sin amach trí roinnt de chláir iarfheistithe intíre agus trí pháirt a ghlacadh i dtionscadail éifeachtúlacht fuinnimh a sholáthar san earnáil tionsclaíochta agus san earnáil tráchtála araon.

Tiomantais

Ghréasáin

Tá Powergen lántiomanta fós do dhéine charbóin an leictreachais a ghintear óna phunann a laghdú le go gcomhlíonann sé na hoibleagáidí náisiúnta um an athrú aeráide agus na spriocanna fuinnimh in-athnuaite a socraíodh faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fhuinneamh In-Athnuaite (NREAP).

Tionscadail Ghaoithe

Ar chur i gcrích na feirme gaoithe 84 MW i nDroim Cáithe, díreofar ar fheirm ghaoithe 42 MW na Breacánaí a chur i gcrích agus a choimisiúnú go rathúil. Táthar ag súil go mbeidh sí i bhfeidhm faoin tríú ráithe sa bhliain fhioscach 2015. Tá Powergen tiomanta freisin do chomhfhorbairt na chéad chéime d'fheirm ghaoithe Abhainn Eidhneach i gcomhar le BSL agus is ar siúl atá an próiseas soláthair tuirbíní.

Deiseanna Margaidh

Leanfaidh Powergen ar aghaidh le measúnú a dhéanamh ar a oiriúnaí atá sócmhainní thailte lagphortaigh Bhord na Móna maidir le forbairt feirmeacha gaoithe, ar féidir leo cur le punann sócmhainní in-athnuaite atá ag méadú agus le spriocanna Náisiúnta agus Eorpacha araon a bhaint amach. Ina theannta sin, déanfaidh Powergen monatóireacht agus measúnú ar an ngá le tuilleadh sócmhainní teirmeacha a fhéadann cur le solúbthacht agus socracht an chórais de réir mar a mhéadaíonn an céatadán de ghiniúint eadrannach fuinnimh in-athnuaite i gcóras leictreachais na hÉireann.

Athbhreithniú Gnó - Bunábhar

Soláthraítear ábhair mhóna agus bhithmhaise i ngnó an Bhunábhair i gcomhair na giniúna leictreachais i stáisiún cumhachta Éadan Doire Bhord na Móna, agus sa dá stáisiún cumhachta de chuid BSL ag Stáisiún Cumhachta Uíbh Fhailí Thiar agus ag Stáisiún Cumhachta Loch Rí. Soláthraítear móin sa ghnó chomh maith dár nGnóthaí Tomhaltóirí agus Gairmiúla agus do ghnó Anua dár gcuid lena húsáid i dtáirgí teasa, gairneoireachta agus fuíolluisce.

Éachtaí

Táirgeadh agus Soláthar Móna

Chuir an lucht bainistíochta Bunábhair roinnt beart i bhfeidhm chun an uasacmhainn táirgeachta a chinntiú roimh shéasúr fómhair mhóna na bliana fioscaí 2014. Méadaíodh an limistéar atá ar fáil le haghaidh táirgthe agus athchumraíodh na limistéir phortaigh a bhí ann cheana féin d'fhonn táirgeacht mhóna agus méideanna stoc-chairn a uasmhéadú. D'infheistíomar i mbonneagar agus i dtrealamh breise freisin. De bheart na mbeart sin, mar aon leis na hiarrachtaí suntasacha a rinne an lucht bainistíochta agus an fhoireann, bhí sé ar chumas an ghnó leas iomlán a bhaint as an aimsir shamhraidh fhada.

Faire Dóiteáin Oibrithe Deonacha

I mbliana, tugadh córas faire dóiteáin oibrithe deonacha isteach a raibh baint ag fostaithe ó gach réimse de Bhord na Móna leis. Bhí sé ceaptha chun brath luath a dhéanamh ar dhóiteáin atá cóngarach do phortaigh tháirgthe. Cuireann na dóiteáin sin ár dtáirgeadh móna agus ár stoic mhóna go mór i gcontúirt. Is éard a bhí i gceist ansin fostaithe ag dul ar patrúl, lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre, cóngarach dár bportaigh le linn tréimhsí ardriosca dóiteáin. Is fusa bainistiú agus rialú a dhéanamh ar dhóiteáin a bhraitear go luath. Is cúis bhuíochais é nár thángthas ar aon dóiteáin thromchúiseacha le linn na bliana.

Córas Bainistíochta Cáilíochta Beostoic

D'éirigh le Beostoc córas bainistíochta cáilíochta a thabhairt isteach a dhéanann caighdeánú agus barrfheabhsú ar gach gníomhaíocht a chuireann le cáilíocht na móna agus le soláthar do chustaiméirí. Áirítear leis sin gníomhaíochtaí draenála agus cothabhála portach, gníomhaíochtaí táirgthe, sceidealú móna, sampláil agus cosaint stoic, soláthar móna agus aiseolas ó chustaiméirí. Tá sé beartaithe dul chun cinn a dhéanamh ar an gcóras le go mbaineann sé creidiúnú ISO 2060 amach.

Bithmhais Bhunábhair

Móin Bhunábhair

Bunathrú Gnó

Mar chuid den phróiseas beartaithe um bunathrú gnó lena chinntiú go mbeidh an gnó agus an fhostaíocht rathúil agus inbhuanaithe sa todhchaí, lean Beostoc leis an tionscadal chun Bainistíocht Sócmhainní a Athstruchtúrú, rud ba chúis le laghdú costais agus le foireann a bhaint ó cheardlanna a raibh cur i bhfeidhm na n-aonad soghluaiste mar thoradh uirthi. Tugadh an srac-chlár le haghaidh oibríochtaí táirgthe, iompair agus riaracháin chun críche. Sainíodh sceidil agus spriocanna maidir le laghdú costais sa srac-chlár. Cuirtear tús le cur i bhfeidhm an chláir seo sa bhliain airgeadais reatha.

Soláthar Bithmhaise

B'ionann soláthar agus cur ar fáil Bithmhaise do Edenderry Power Ltd. agus 239,000 tonna fuinnimh, ar méid curiarrachta é. Mar thoradh air sin, bhain Powergen ráta comhadhainte de 25% amach. Rinneadh táirgí breise bithmhaise a fhoinsiú agus a thástáil agus bunaíodh comhghuaillíochtaí straitéiseacha le soláthraithe idirnáisiúnta. Rinneadh dul chun cinn ar lomáin laíon adhmaid a cheannach agus a thriomú. D'fhéadfadh siad soláthar Bithmhaise a mhéadú sa todhchaí.

Bainistíocht Fuinnimh

Mar chuid d'iarrachtaí Bunábhair chun a lorg fuinnimh a laghdú, fuair oibreacha Chluain Creamha Creidiúnú Bainistíochta Fuinnimh ó SEAI agus tá sé beartaithe an clár creidiúnúcháin sin a leathnú chuig láithreacha eile laistigh den ghnó. Tá clár feasachta ar fhuinneamh do gach fostaí beartaithe mar chuid den phróiseas seo.

Dúshláin

Fómhar Móna

Tá baint amach sprioc an fhómhair mhóna in aon bhliain ar leith ina toisc ríthábhachtach i bhfeidhmíocht fhoriomlán gnó agus airgeadais Bhord na Móna. Mórthoisc sa sprioc a bhaint amach is ea an fháil ar dhálaí oiriúnacha aimsire. Bhain ríthábhacht le fómhar láidir móna sa bhliain fhioscach 2014 le haghaidh leanúnachas soláthair do chustaiméirí agus stoic a atógáil go leibhéil leordhóthanacha, tar éis drochfhómhar móna in 2013 a bhí gan fasach i stair Bhord na Móna. Cé nach féidir an aimsir a rialú, is féidir an ngnó tionchar a imirt ar thoradh an fhómhair mhóna trína chinntiú go n-uasmhéadóidh n-ullmhúchán agus ár bpleanáil an acmhainn táirgeachta agus dírítear go príomha air sin gach bliain.

Bunathrú Gnó

Is gá do ghnó an Bhunábhair athstruchtúrú go múnla oibriúcháin níos solúbtha ar chostas níos ísle agus d'fhonn todhchaí inbhuanaithe a chinntiú. Tá dúshláin shuntasacha amach anseo roimh an ngnó de bharr roinnt príomhthiománaithe margaidh – dul in éag na gcomhaontuithe soláthair bhreosla móna le custaiméirí stáisiún cumhachta, deireadh mheicníocht tacaíochta móna na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO), agus an fhíric go scoirfear den stádas seolta tosaíochta do na trí stáisiún cumhachta dóite móna. Scoirfear den stádas sin do stáisiún amháin in 2015 agus don dá stáisiún eile in 2019. Tá dúshláin breise a bhaineann leis an tionchar atá ag an gcáin charbóin ar dhíolachán brícíní agus a bhaineann le caolú móna ar dhíolachán na meán fáis mhiondíola.

Slabhra Soláthair Bithmhaise / Caolú Móna

D'fhonn a straitéis um chaolú móna agus um chomhadhaint a chomhlíonadh, ní mór do Bheostoc cainníochtaí suntasacha de bhithmhais oiriúnach a fháil. Ní mór an bhithmhais sin a bheith ar an gcaighdeán ceart agus ar an bpraghas ceart agus ar fáil ar an suíomh leis an sceideal comhadhainte a chomhlíonadh. Beidh comhghuaillíochtaí straitéiseacha ag teastáil chun slabhraí fadtéarmacha soláthair de tháirgí dúchasacha agus iompórtáilte bithmhaise a bhunú.

Iarúsáid Talamh portaigh

Ní mór do Bheostoc a chinntiú go gcomhlíonann an gnó na hoibleagáidí atá orainn chun bheith inár saoránaigh chorparáideacha fhreagracha agus cuireann sé le hiarúsáid do thailte portaigh atá saibhir i mbithéagsúlacht agus atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Ba cheart go ndéanfadh an iarúsáid tairbhe ón taobh geilleagrach agus sóisialta de do na pobail áitiúla ina n-oibrímid.

Tiomantais

Leanann an gnó Bunábhair ar aghaidh lena thiomantais a dhíriú ar cheithre phríomhréimse:

Ár gCustaiméirí: Mar thoradh ar ár gclár oibre um laghdú costais agus cáilíocht mhóna, soláthraíonn Bunábhar táirgí ardchaighdeáin ar phraghsanna iomaíocha do chustaiméirí a oibríonn i dtimpeallacht ghnó atá ag éirí níos dúshlánaí.

Ár bhFostaithe: Déanann Bunábhar iarracht ionad oibre sábháilte agus córais oibre shábháilte a chur ar fáil do gach fostaí. Leanann an gnó le clár oibre athstruchtúraithe a chur i bhfeidhm, rud a chinnteoidh inmharthanacht inbhuanaithe leantach an ghnó agus fostaíocht níos inbhuanaithe sa todhchaí.

Ár bPobail: Tá an gnó tiomanta d'ardleibhéal freagrachta corparáidí agus rannpháirtíochta a choimeád ar bun sna pobail ina n-oibrímid. Tacaímid le tionscnaimh sa phobal áitiúil agus is maith is eol dúinn ár bhfreagrachtaí as ár lagphortaigh a dhíchoimisiúnú agus a athshlánú le haghaidh an luacha tráchtála agus taitneamhachta do na pobail áitiúla.

Ár gComhshaol: Tá an gnó tiomanta d'íoslaghdú a dhéanamh ar an tionchar a imríonn ár n-oibríochtaí ar an gcomhshaol agus do gach coinníoll dár gceadúnais chomhshaoil a chomhlíonadh. Tá sé sin ar aon dul le fís Bhord na Móna 'Conradh leis an Dúlra'. Agus é ar an aon táirgeoir móna atá ceadúnaithe ag an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) in Éirinn, déanann Bunábhar díchoimisiúnú agus athshlánú ar phortaigh de réir mar a chríochnaíonn siad táirgeadh móna, rud a sholáthraíonn luach taitneamhachta suntasach do phobail áitiúla agus a chuireann sócmhainn luachmhar ar leith leis an stoc bithéagsúlachta náisiúnta.

Athbhreithniú Gnó – Aisghabháil Acmhainní

Is é is Aisghabháil Acmhainní Bhord na Móna ann ná gnó bainistíochta dramhaíola comhtháite a chuireann seirbhís bhailiúcháin ar fáil ina ndéantar aisghabháil, athchúrsáil, múiríniú agus diúscairt líonadh talún iarmharach ar gach sruth de dhramhaíl neamhghuaiseach. Feidhmíonn na seirbhísí bailiúcháin dramhaíola faoin mbranda AES, a sholáthraíonn bainistíocht dramhaíola tí ar fud réigiún Lár na Tíre, an Oirthuaiscirt, an Oirdheiscirt agus an Mheán-Iarthair, agus bainistíocht dramhaíola tráchtála ar fud na tíre.

Aisghabháil Acmhainní

Éachtaí

Feidhmíocht Fheabhsaithe Bailiúcháin

Bhain an gnó bailiúcháin AES na nithe seo a leanas amach gan aon ábhar dramhaíola ná Breosla arna Dhíorthú ó Dhramhaíl ("RDF") a onnmhairiú: príomhtháscairí feidhmíochta feabhsaithe maidir le seirbhísí tí, costais bhailiúcháin níos ísle agus leibhéal feabhsaithe athchúrsa líonadh talún os cionn 70%. Tá an gnó chun tosaigh ar spriocanna rialála freisin maidir le tabhairt isteach sheirbhís an bhosca bhruscair dhoinn (dramhaíl orgánach) i ngach ceann dá réimsí seirbhíse. Tá an gnó ullmhaithe go hiomlán, ó thaobh na teicneolaíochta de, d'aistriú chuig modh billeála íoc de réir meáchain do chustaiméirí tí.

Cumas Próiseála Méadaithe

Le linn na bliana, rinne an taobh bailiúcháin agus próiseála den ghnó méadú 75% ar a acmhainn cheadúnaithe oibriúcháin. Ba bheag nár bhain sí 340,000 tonna amach gan saoráid an Droichid a áireamh. Cuirfidh an acmhainn mhéadaithe sin leibhéil aisghabhála níos mó ó gach sruth dramhaíola tráchtála agus tí níos cóngaraí don phointe bailiúcháin agus beidh acmhainn ann le haghaidh roinnt fáis sa todhchaí.

Saoráid Pháirce Dramhaíola an Droichid

Tar éis cead pleanála a fháil ón mBord Pleanála chun ionad Cóireála Meicniúla agus Bitheolaíche Dramhaíola 250,000 tonna in aghaidh na bliana a thógáil ag an tsaoráid ar an Droichead, fuair an gnó an ceadúnas riachtanach le haghaidh na saoráide ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Má chinntear dul ar aghaidh leis an infheistíocht seo, beidh sé ar an tsaoráid aisghabhála acmhainní is úire, is lán-chomhtháite agus is sobhuanaithe sa tír agus cuirfidh sí cuid thábhachtach den bhonneagar náisiúnta aisghabhála acmhainní ar fáil. De bhreis air sin, coimisiúnaíodh an tionscadal gás líonadh talún agus d'éirigh sé i mbun oibre go hiomlán i mí na Samhna 2013. Gealladh go soláthródh sé torthaí suntasacha fadtéarmacha agus go gcuirfeadh sé leictreachas ar fáil ó ghás líonadh talún a bheadh coibhéiseach leis an leictreachas atá ag teastáil ó 8,500 teach. Mar scoir, thug an Bord Pleanála formheas do shaoráid líonadh talún an Droichid le gur féidir léi leanúint de bheith ag oibriú ag ráta iontógála dramhaíola iarmharaí, ar cheadúnaigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil é, atá cothrom le 360,000 tonna sa bhliain go dtí mí na Nollag 2015.

Dúshláin

Onnmhairiú Dramhaíola agus RDF (Breosla arna Dhíorthú ó Dhramhaíl)

An méid a d'onnmhairigh iomaitheoirí dramhaíl neamhchóireáilte agus RDF ísealghráid ó Éirinn le haghaidh aisghabháil ó dhramhaíl go fuinneamh san Eoraip, mhéadaigh sé ó bhliain go bliain trí 300% sa bhliain féilire 2013. Spreagadh é sin leis an méadú ar an tobhach líonadh talún go €75 sa tonna agus bhí dea-thionchar aige ar na spriocanna náisiúnta um athchúrsa líonadh talún. Mar sin féin, theip air timpeallacht a chruthú le haghaidh bonneagar aisghabhála dúchasach inbhuanaithe. Anuas air sin, ba iad an t-onnmhairiú dramhaíola agus méadú an tobhaigh ba chúiseanna le brú anuas ar tháillí geata líonta talún. Fágann sé sin gur timpeallacht an-deacair trádála d'oibríochtaí líonta talún í seo.

Méideanna Dramhaíola agus Costais Oibriúcháin

Bhí cobhsú tagtha sa bhliain atá thart ar an gcor chun donais geilleagrach as ar tháinig laghdú ar mhéideanna dramhaíl tráchtála le blianta beaga anuas. Mar sin féin, mar a luadh i dtuarascálacha roimhe seo, d'eascair praghsáil ionsaitheach táirgí as ró-acmhainn an tionscail, agus theip ar oibreoirí breise laistigh den earnáil dá bharr. San earnáil trí, d'imir socruithe méadaithe 'íoc mar a úsáidtear' tionchar ar éifeachtúlacht na n-oibreoirí bailiúcháin agus mhéadaigh siad éilliú ar ábhar na mboscaí athchúrsála, go háirithe i gceantair thuaithe ina bhfuil dlús níos ísle.

Tiomantais

Tairiscint Seirbhíse Feabhsaithe

Féachann an gnó le leibhéil níos airde seirbhíse i gcónaí a chur ar fáil dá chustaiméirí intíre agus tráchtála, rud a athneartóidh staid na hAisghabhála Acmhainní mar sholáthraí seirbhíse ar fearr le formhór na gcustaiméirí é. Sa bhliain le teacht, soláthróidh an gnó comhéadan nua custaiméirí bunaithe ar an nGréasán dá chustaiméirí tí agus tairgfear táirgí nuálacha chun aistriú chuig córas iomlán um 'íoc de réir meáchain' agus um billeáil ar líne. Chomh maith leis sin, tá infheistíocht shuntasach á déanamh ag an ngnó i bpacáiste bogearraí tráchtála a chuirfidh tuairisciú fíor-ama ar réitigh athchúrsála agus aisghabhála ar fáil do chustaiméirí tionscail agus tráchtála.

Próiseáil Dhúchasach Inbhuanaithe

Creideann an gnó nach réiteach inbhuanaithe fadtéarmach do mhargadh dramhaíola na hÉireann é an t-onnmhairiú dramhaíola agus go háirithe gur féidir le Bord na Móna saoráid aisghabhála inbhuanaithe atá lonnaithe go straitéiseach a chur ar fáil trí fhorbairt bhreise a dhéanamh ar Pháirc Dhramhaíola an Droichid. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis sin an tsaoráid phleanáilte MBT (cóireáil mhicribhitheolaíochta).

Fás agus Comhdhlúthú sa Todhchaí

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Aisghabháil Acmhainní ar an toradh ón ngnó a fheabhsú trí bhearta oibriúcháin ar chostas níos ísle agus creideann sí go bhfuil an gnó in ann fás a bhaint amach mar gheall ar an méadú ar an acmhainn phróiseála cheadúnaithe. Trí dhíriú leantach ar éifeachtúlachtaí oibriúcháin i dteanna an chumais chun infheistíochtaí atá ann cheana i gcomhéadain chustaiméirí tí agus tráchtála agus i dteicneolaíochtaí bailiú dramhaíola araon a ghiaráil, tá an gnó in ann fás agus comhdhlúthú a bhaint amach sa todhchaí i dtimpeallacht mhargaidh atá ag athrú.

Athbhreithniú an Stiúrthóra Bainistíochta ar lean

Athbhreithniú gnó - Tomhaltóirí agus Gairmiúil

Tá an rannóg Tomhaltóirí agus Ghairmiúil (an rannóg Miondíola roimhe seo) dírithe ar dhíolacháin tráchtála agus ar mhargaíocht na réiteach téimh agus na dtáirgí gairneoireachta ar fud na hÉireann, na Ríochta Aontaithe agus na hEorpa agus, tríd sin, réitigh nuálacha tháirgí agus sholáthair a chur ar fáil a fhreastalóidh ar riachtanais na gcustaiméirí agus a sháróidh iad.

Is é Bord na Móna an ceannaire margaidh i gcatagóir an bhreosla sholadaigh agus i gcatagóir na gairneoireachta i roinnt mhaith de na margaí ina dtrádálaimid. Bíonn an gnó ag fabhrú agus tá sé ag oibriú anois le soláthar a dhéanamh ar an bplean uaillmhianach leis an margadh a thabhairt go timpeallacht atá níos saoire ó charbóin agus ina bhfuil breoslaí gan toit, le linn dúinn ár bpunann táirgí agus seirbhísí gairneoireachta a mhéadú ag an am céanna. Ó thaobh na n-onnmhairiúchán de, baineann láidreachtaí na cuideachta le réitigh mheán fáis atá láidir ón taobh teicniúil de le haghaidh na margaí gairmiúla san Eoraip agus sa Mheánoirthear / sa Chianoirthear.

Éachtaí

Feidhmíocht Díolacháin

Ag €177.3 milliún, bhí díolacháin Tomhaltóirí agus Ghairmiúla 6% chun tosaigh ar ionchais cé go raibh siad níos ísle ná an tréimhse roimhe sin mar gur diúscraíodh gnó Sutton's Oil sa dara leath den bhliain. Ceann de na príomhthionscnaimh straitéiseacha a socraíodh don ghnó ag tús na bliana ba ea an diúscairt sin agus tháinig sí in éifeacht gan dul i bhfeidhm go mór ar ár bhfostaithe ná ar ár gcustaiméirí. Ina theannta sin, ba cheart breathnú ar bhaint amach na spriocanna ioncaim maidir leis na brúnna praghsála a mbrúnn cánacha carbóin chun cinn iad, le tionchar na haimsire ar an margadh meán fáis in earrach 2013, le fómhar móna láidir san Eoraip agus le séasúr geimhridh bog in 2013/14.

Nuálaíocht Táirgí

Sa bhliain airgeadais seo, rinneadh roinnt dul chun cinn suntasach ar fhorbairt isteach i réimsí nua táirgí agus i ndeiseanna nua margaidh. D'fhonn buntacú lenár gcuspóir straitéiseach sa mhargadh breoslaí soladacha agus é a bhaint amach, chuir Bord na Móna tús le clár nuálach lena ndírítear ar tháirgí nua bithbhreosla a fhorbairt le gur féidir leis dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an tírdhreach rialála athraithe le linn dó cur ar fáil don mhargadh a dhéanamh ar tháirgí inbhuanaithe inacmhainne ag a bhfuil na sainchuair feidhmiúcháin a theastaíonn ón tomhaltóir breosla sholadaigh. Tá na tionscadail sin ag dul anois chuig an scála taispeána agus, sa mheántéarma, is éard a bheidh i gceist iontu ná próisis shuntasacha mhéadaithe a shuiteáil ag saoráidí reatha déantúsaíochta breosla Bhord na Móna agus d'fhéadfadh go mbeadh sé i gceist iontu acmhainn nua déantúsaíochta a fhorbairt.

D'fhorbair an bhfoireann ghairmiúil ghairneoireachta inniúlachtaí agus acmhainní nua táirgí a fhreastalóidh ar an éileamh ar réitigh ardleibhéil mheán fáis ónár mbonn custaiméirí reatha, go háirithe sna raonta táirgí seo: caonach fóid, móin araide agus móin dhubh. Seoladh méideanna tosaigh le linn na bliana atá thart, rud a chruthaigh an t-ardán le haghaidh fáis sna blianta le teacht.

Branda

Bliain shuntasach a bhí sa bhliain fhioscach 2014 maidir le láidreacht an bhranda a ghiaráil agus maidir lenár dtiomantas don nuálaíocht ar fud an raoin. Leagann a rathúla atá an gnó Tomhaltóirí agus Gairmiúil béim ar an tiomantas atá ag an gcuideachta do Bhord na Móna a bhunú mar phríomhsholáthraí táirgí séasúracha, idir théamh baile agus mheáin fáis do na margaí tomhaltóirí agus gairmiúla.

Dúshláin

Breoslaí Soladacha: Athruithe Reachtaíochta agus Rialála

Lean ár gcustaiméirí ar aghaidh ag iarraidh luacha ar fud na línte táirgí go léir ach b'fhusa é a fheiceáil sna breoslaí soladacha agus áise mar gur bhrúigh athruithe reachtaíochta praghsanna do thomhaltóirí aníos.

Go bunúsach, chuir feidhmiú na cánach carbóin ar bhreosla soladach ón 1 Bealtaine 2013 thart ar 8% leis an gcostas ar ghual agus ar bhrícíní. Chomh maith leis sin, spreag ceannach roimh an gcáin charbóin mar aon le drochdhálaí aimsire i mí Aibreáin éileamh ard ar fud ár líonra iostaí sa chéad mhí thrádála den bhliain. Ba é an rud ba shuntasaí ná an tionchar ina dhiaidh sin ar ghníomhaíocht díolacháin a bhí ag méadú ar thrádáil neamhrialáilte trasteorann, a bhí á bhrú chun cinn go príomha ag an gcáin charbóin agus ag difríochtaí CBL, agus an tionchar a bhí ag na leibhéil nach bhfacthas roimhe de mhóin phríobháideach ar fáil sa mhargadh mar thoradh ar fhómhar láidir móna sa bhliain fhioscach 2014.

Is ag éabhlóidiú atá an margadh breoslaí soladacha in Éirinn. Tá méadú mór tagtha le blianta beaga anuas ar líon na ndaoine i bhfabhar cosc náisiúnta ar ghual biotúmanach agus tá líon na gceantar ina bhfuil teorainn leis an ngual sin a dhó ag méadú de réir a chéile. Lean méadú ár gceantar saor ó thoit den mheath ar ár ngnó guail bhiotúmanaigh. Bhrostaigh sé sin an gá a bhí againn le breithniú gníomhach a dhéanamh ar phleananna lenár sciar den mhargadh a chosaint ach soláthar leantach táirgí comhlíontacha a chinntiú dár mbonn custaiméirí. Áirítear leis na roghanna atá á mbreithniú infheistíocht dhíreach fhéideartha i saoráid déantúsaíochta do tháirgí breosla gan toit.

Meáin Fáis: Caolú Móna agus Fairsingiú Margaidh

Bhí tionchar ag an earrach fuar neamhshéasúrach in 2013 ar an margadh dár liosta táirgí gairneoireachta, cé gur tháinig téarnamh ar mhéideanna ar fud mhíonna an tsamhraidh sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Is dúshlán don ghnó seo fós iad an bogadh chuig caolú móna sa Ríocht Aontaithe agus na costais mhéadaitheacha ar thoiltí lasta a chonrú. Lean an gnó gairmiúil ar aghaidh ag dul isteach i réimsí nua táirgí agus i ndeiseanna nua margaí, go háirithe sa Tuirc, sa Téaváin agus sa tSín. Leagann na cainníochtaí móna atá ar fáil mar thoradh ar fhómhar láidir ar fud na hEorpa brúnna iomaíocha méadaithe ar bhulclastais mhóna isteach sa mhargadh sin.

Tiomantais

Inbhuanaitheacht

Laistigh de Thomhaltóirí agus Gairmiúil, aithnítear na tairbhí a bhaineann le bogadh i dtreo todhchaí níos inmharthana agus déantar an rún seo a ailíniú le fís na cuideachta 'Conradh leis an Dúlra'. Tá an ngníomhaíochtaí gnó ag éirí níos inbhuanaithe diaidh ar ndiaidh. Maidir le breosla soladach, tá an gnó an tiomantas céanna do bhreoslaí ardchaighdeáin atá gan toit agus neodrach ó thaobh carbóin de a sholáthar don mhargadh intíre anois agus sa todhchaí. Tá fócas leanúnach sa Ríocht Aontaithe maidir le cuidiú lenár gcustaiméirí an spreagadh rialála i gcomhar táirgí saor ó mhóin agus táirgí inmharthana a bhaint amach agus a bheith iomaíoch ag an am céanna os comhar costais agus muirir lastais atá ag méadú.

Nuálaíocht

Agus í ar an táirgeoir agus ar an allmhaireoir is mó táirgí breosla sholadaigh in Éirinn, tá an gnó Tomhaltóirí agus Gairmiúil tiomanta do mhalairtí a fhorbairt ar bhreoslaí traidisiúnta. Ní bheadh na malairtí sin comhlíontach amháin, ach bheidís ina gceannairí margaidh freisin maidir le réitigh éifeachtacha, inbhuanaithe agus iomaíocha a sholáthar. I dtaca leis sin, tá an gnó ag pleanáil i gcomhair na reachtaíochta agus na rialála beartaithe maidir lenár ndíriú ar fhorbairt táirgí, rud a thacóidh le táirgí nua a mbeidh méid laghdaithe carbóin iontu.

Creid an gnó go mbainfidh ríthábhacht le soláthar an bhreosla sholadaigh gan toit atá inbhuanaithe agus ar ardchaighdeán chun freastal ar éilimh mhargaidh san fhadtréimhse. Chun na críche sin, rinne an gnó athbhreithniú ar an bpróiseas déantúsaíochta, rinne sé réamhphróiseas um roghnú suíomhanna agus rinne sé measúnuithe réamhphleanála ar roinnt suíomhanna.

Tá an gnó ag dul isteach sa chéim dheiridh den roghnú suímh fhéideartha le haghaidh saoráid déantúsaíochta guail gan toit anois. Tá sé mar chuspóir againn cead pleanála a fháil le haghaidh saoráid mhór lena soláthrófaí táirgí breosla comhlíontacha ardchaighdeáin. Is é atá beartaithe measúnú tionchair comhshaoil dian a dhéanamh ar an suíomh a roghnófar agus comhairliúchán poiblí luach a thionól lena chinntiú go ndéanfar an fhorbairt a bhainistiú ar mhodh freagrach agus inmharthana.

Tá an gnó tiomanta dár gceannaireacht mhargaidh a choinneáil i margadh breoslaí soladacha na hÉireann trí nuálaíocht agus trí infheistiú in acmhainní chun táirgí atá gan toit agus neodrach ó thaobh carbóin de a chur ar fáil don mhargadh in aghaidh athruithe rialála agus reachtaíochta sa chúlra.

Tá an gnó tiomanta freisin do mhargú a dhéanamh ar réitigh mheán fáis atá inbhuanaithe agus iomaíoch ó thaobh costais de, idir tháirgí tomhaltais agus tháirgí saothróirí gairmiúla. Trí nuálaíocht a dhéanamh i dtáirgí meán fáis agus in oidis a chomhlíonann na critéir a leagtar síos le haghaidh inbhuanaitheachta, cabhróimid lenár gcustaiméirí sa Ríocht Aontaithe, san Eoraip agus níos faide anonn leanúint ar aghaidh ag neartú a ngnó le réitigh atá éifeachtach, comhlíontach agus brabúsach dóibh beag beann ar an margadh ina dtrádálann siad.

Thar rud ar bith eile, lean an gnó ar aghaidh ag tacú lenár gcustaiméirí, faoi mar atá déanta againn roimhe seo, lena ngnóthaí a fhás agus a fhorbairt lenár gcomhshochar.

Athbhreithniú an Stiúrthóra Bainistíochta ar lean

Athbhreithniú Gnó - Anua

Is príomhsholáthraí é Anua maidir le dearadh, déantúsaíocht agus suiteáil punainne fairsinge de theicneolaíochtaí difreáilte agus inbhuanaithe teicneolaíochta glaine a chuireann réitigh aeir ghlain agus uisce ghlain ar fáil d'earnálacha cónaithe, tráchtála, bardais/fóntas agus tionscail san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh.

Laghdú Aeir agus Bolaidh

Uisce agus Fuíolluisce

Éachtaí

Fás Díolacháin

Bliain dhúshlánach trádála eile a bhí sa bhliain fhioscach 2014. Bhí méadú 7% ar ioncam agus feabhsú 13% ar fheidhmíocht oibriúcháin, ach tháinig siad as bonn íseal. Ba é córas tionscadal láidir san earnáil aeir ghlain sa Ríocht Aontaithe a bhrúigh an méadú ar ioncam chun cinn. Is sa mhargadh seo a bhain Anua rath suntasach amach maidir le heochairthionscadail a sholáthar don earnáil fóntas. D'éirigh le Anua feidhmíocht chreidiúnach a bhaint amach san earnáil uisce ghlain i Meiriceá Thuaidh agus in Éirinn. Bhí an ghníomhaíocht sa Ríocht Aontaithe faoi bhun an ionchais go pointe áirithe, rud a léirigh éileamh níos laige agus dálaí neamhfhabhracha aimsire i ráithe a ceathair. Chruthaigh tionscnaimh rialtais na Ríochta Aontaithe soirbheachas i leith fáis in earnáil na tithíochta príobháidí agus ba cheart go mbeadh tionchar suntasach acu sa bhliain airgeadais romhainn.

Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha

Tá gnó Anua lonnaithe in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe agus freastalaítear air ó Bridgewater, sa Ríocht Aontaithe, agus i nDroichead Nua in Éirinn. Freastalaítear ar mhargaí geografacha eile go cianda agus, chuige seo, cuireadh socruithe nua comhpháirtíochta dáileora i bhfeidhm i Meiriceá Thuaidh agus i mórthír na hEorpa. Táthar ag súil go ndéanfaidh na dáileoirí sin atá suite go straitéiseach brú chun cinn ar fhás díolacháin do theicneolaíochtaí aeir ghlain agus do theicneolaíochtaí uisce ghlain araon.

Dúshláin

Gníomhaíocht Tógála

Bhí an bhliain fhioscach 2014 ina bliain dhúshlánach do ghníomhaíocht tógála san earnáil chónaithe, tráchtála, bardais/fóntas agus aeir ghlain thionsclaíoch/uisce ghlain thionsclaíoch. Bhí tús mall nach rabhthas ag súil leis i ngníomhaíocht tógála san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh le sonrú sa bhliain trádála. Cé gur tháinig méadú ar fhás i ráithe a dó, tháinig meath air an athuair i ráithe a ceathair. Comharthaí méadaithe de chobhsaíocht eacnamaíoch agus de mhuinín mhéadaitheach tomhaltóirí, a dtacaíonn eochairtháscairí gnó leo, tugann siad le tuiscint go mbeidh feabhsú ag teacht ar spreagadh tógála diaidh ar ndiaidh sa bhliain romhainn.

Téarnamh Eacnamaíoch

Tá fianaise dhearfach ann a thugann le tuiscint go bhféadfadh go mbeadh téarnamh geilleagrach ag teacht aníos i gcríocha ar leith. Cé go bhfuil siad beagáinín neamhchothrom in áiteanna, tá comharthaí spreagúla le haghaidh fáis le feiceáil i ngníomhaíochtaí Anua sa Ríocht Aontaithe agus i Meiriceá Thuaidh. Díreoidh Anua ar na deiseanna sin agus tabharfaidh sé tosaíocht dóibh sa bhliain romhainn.

Tiomantais

Teicneolaíocht agus Nuálaíocht

Croíthosaíocht do ghnó Anua i gcónaí is ea sreabhadh leanúnach forbairtí táirgí nua a chinntiú agus tugann sé deiseanna tábhachtacha don ghnó. Cinnteoidh an díriú nuálach seo go gcoinneoidh Anua buntáiste iomaíoch agus go gcomhlíonfaidh sé an dinimic thimpeallachta agus chustaiméirí ina phríomh-mhargaí a bhíonn ag síorathrú. I measc ár dtionscadal nuálach tá feabhsú táirgí inár dtairiscint reatha agus táirgí nua a chuirfidh ar chumas Anua a bhuntáiste iomaíoch a mhéadú.

Seirbhís do Chustaiméirí

Leanfaidh an gnó ar aghaidh ag feabhsú chaighdeán a chumais um thacaíocht agus sheirbhís do chustaiméirí. Taispeánfaidh Anua a fheabhas seirbhíse oibríochta agus allamuigh i ngach ceann de na margaí a bhfreastalaíonn sé orthu le linn dó déanamh amhlaidh.

Rannpháirtíocht Rialála

D'fhonn soláthar agus ailíniú theicneolaíochtaí nua Anua a chinntiú, caithfidh an gnó fanacht ar an eolas faoin dinimic thimpeallachta rialála ina mhargaí éagsúla a bhíonn ag síorathrú. Éilíonn sé seo teagmháil le raon leathan páirtithe leasmhara rialála, lena n-áirítear coiste Eorpach WG41 a cheapann nósanna imeachta/beartas tástála maidir le deimhniú CEN ar tháirgí cóireála fuíolluisce. Cuimsíonn an coiste baill de Chomhlachas na hÉireann um Chóireáil Uisce, de British Water, agus den Rainwater Harvesting Association sa Ríocht Aontaithe. Sna Stáit Aontaithe, áirítear leis na páirtithe leasmhara rialála Comhchoiste an NSF um Chóireáil Fuíolluisce agus Virginia Sewer Advisory Committee.

Gabriel D'Arcy
Stiúrthóir Bainistíochta

An 26 Meitheamh 2014

Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh agus úsáid

Fuinnimh sa bhliain féilire 2013

Ídíonn Bord na Móna an-chuid dá fhuinneamh i bhfómhar a dhéanamh ar mhóin do thrí stáisiún cumhachta mhóinbhreoslaithe agus do dhá mhonarcha bhrícíní a thiteann lasmuigh de raon feidhme Ionstraim Reachtúil 542/2009. Sa bhliain féilire 2013, thuairiscigh Bord na Móna ídiú Fuinnimh Phríomha d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann a bhí cothrom le 128,905 MWh d'fhuinneamh, ina raibh:

- 63,242 MWh de leictreachas (Fuinneamh Príomha);
- 5,178 MWh de bhreoslaí iontaise chun críche fuinneamh teirmeach, agus
- 60,485 MWh de bhreosla le haghaidh breoslaí iompair.

Gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu in 2013 (bliain féilire)

In 2013 rinne Bord na Móna raon tionscnamh chun feidhmíocht fuinnimh an Ghrúpa a fheabhsú, lena n-áirítear:

- barrfheabhsú bealaí a sholáthair coigiltí bliantúla breosla a bhí cothrom le 115,000 lítear d'ola dhíosail le haghaidh feithiclí bóthair an ngnó aisghabháil acmhainní trí laghdú a dhéanamh ar na ciliméadair a taistealaíodh chun seirbhís bailiúcháin bhoscaí bruscair a chur ar fáil do gcustaiméir;
- barrfheabhsú um chaidéalú uisce portaigh - tionscadal inar díríodh ar bhainistíocht uisce sna portaigh fómhair mhóna oibriúcháin;
- córas bainistíochta fuinnimh ar fud an Ghrúpa as ar tháinig feasacht mhéadaithe ar ídiú fuinnimh ar fud na leibhéil ardbhainistíochta agus meánbhainistíochta, feabhas ar spriocdhíriú agus ar mhonatóireacht ar laghdú fuinnimh agus éifeachtúlacht fheabhsaithe maidir le hídiú a thuairisciú;
- cur in oiriúint innill an fhlít tarracóirí - paraiméadair innill a choigeartú chun éifeachtúlacht innill a uasmhéadú agus iad á n-úsáid ar na portaigh;
- d'éirigh le sócmhainn ghiniúna cumhachta Bhord na Móna in Éadan Doire creidiúnú EN 50001 a athnuachan;
- tabhairt isteach éifeachtúlacht ghnáthfhlít níos airde an carranna cuideachta;
- suiteáil soilsithe éifeachtúil agus rialuithe éifeachtúla soilsithe ag an gceannoifig sa Droichead Nua agus ag an oifig láimh le Loch na Buaraí;
- cur chun cinn inbhuanaitheachta agus éifeachtúlacht fuinnimh an bhfoireann mar chuid d'fheachtas feasachta;
- cuireadh tús le tógáil an tionscadail um úsáid gháis i Líonadh Talún an Droichid agus rinneadh é a choimisiúnú le haghaidh oibriú tráchtála in 2013;
- bhain roinnt an saoráidí EN 50001 amach in 2013 (saoráid táirgeachta agus Stáisiún Cumhachta);
- uasghrádaíodh an Córas Bainistíochta Breosla reatha an ngnó Fuinnimh ag an saoráid i gCluain Chreamha;
- cur chun feidhme na gclúdach leantóra don fhlít bhóthair chun tarlú éifeachtúil trucailí a chinntiú ar aistir fholmha, agus
- rinneadh uasghráduithe ar innill fhéinghluaiste seirbhíse d'fhonn deireadh a chur le sean-innill neamhéifeachtúla de réir a chéile; cinneadh roghnú na n-inneall nua de réir feidhmíochta agus barainneacht breosla ag na lódálacha riachtanacha.

I dteannta a chéile, tá na bearta sin agus bearta eile coigilt fuinnimh mar chúis le Bord na Móna ag coigilt airgid agus MWh ídiú.

Gníomhaíochtaí atá Beartaithe do 2014

Sa bhliain 2014 agus i mblianta ina dhiaidh sin, tá sé ar intinn ag Bord na Móna an bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh trí thabhairt faoi na tionscnaimh seo a leanas:

- úsáid bhreise a bhaint as barrfheabhsú bealaí a choigleoidh thart ar 600 - 900 MWh sa bhreis gach bliain;
- clár um éifeachtúlacht tarlaithe an fhlít;
- feabhas breise a chur ar chur in oiriúint innill an fhlít tarracóirí ar son na héifeachtúlachta is mó is féidir. Chomh maith leis sin, anailís a dhéanamh ar shonraí a gabhadh ó tharracóirí d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar dheiseanna le ham díomhaoin a laghdú;
- an clár um iompraíocht eiceathiománaithe, lena n-áirítear an clár um Iompraíocht tiománaithe an fhlít bhóthair (agus córas monatóireachta i bhfeidhm) agus oiliúint éiceathiománaithe tarracóirí;
- tuilleadh dul chun cinn ar an bhfeachtas tosaigh feasachta foirne le cúnamh ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann sa chlár 'Dul i dTeagmháil le Daoine;
- glanadh gás líonadh talún a thabhairt isteach sa Droichead chun tuilleadh feabhais a chur ar an leictreachas a tháirgtear ag an tsaoráid seo;
- tionscadal láimhseála breosla a athbhreithníonn bainistíocht agus stóráil bhreosla mar aon le seachadadh agus dáileadh;
- cairn mhóna atá á stóráil ar ár bportaigh a chlúdach, agus
- athbhreithniú ar an gclár éifeachtúlacht téimh inár gceardlanna - tabhairt isteach fhéidearthaí téimh níos éifeachtúla, chomh maith le huasmhéadú a dhéanamh ar sholas lae agus ar shoilsiú atá tíosach ar fhuinneamh.

Ráiteas Inbhuanaitheachta

Tá ár bhfís 'Conradh leis an Dúlra' mar bhonn agus thaca ag misean, cuspóirí, straitéis agus luachanna Bhord na Móna agus leagann sí bealach soiléir inbhuanaithe don chuideachta amach don todhchaí. Leagtar amach sa treochlár seo an dóigh a bhfuil an Chuideachta ag bunathrú í féin go príomhsholáthraí de tháirgí agus de sheirbhísí inbhuanaithe, in Éirinn agus i dtíortha thar lear araon. Is é atá inár gclár oibre inbhuanaitheachta ná trí cholún bhunúsacha: daoine, pláinéad agus brabús.

Cuireann 'Conradh leis an Dúlra' misean, cuspóirí, straitéis agus luachanna Bhord na Móna i gcomhthéacs agus leagann sé bealach soiléir inbhuanaitheachta don chuideachta amach. Ciallaíonn sé go n-éireoidh ár ngníomhaíochtaí gnó go léir, bíodh siad ina ngníomhaíochtaí díreacha nó tacaithe, níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus ón taobh sóisialta de, le linn dóibh leanúint ar aghaidh ag baint brabús amach. Ní hé amháin go spreagann sé seo éileamh ar réitigh nuálacha leis na dúshláin inbhuanaitheachta os comhair ghníomhaíochtaí reatha ár n-aonad gnó go léir atá ag oibriú, gníomhaíonn sé freisin mar scagaire riachtanach chun scagadh a dhéanamh ar dheiseanna forbartha gnó chun oiriúnacht bhunaidh straitéiseach a chinntiú.

Mairimid i ndomhan atá ag athrú i gcónaí. De réir mar atá geilleagar an domhain forbartha ag aistriú i dtreo ardán ísealcharbóin, tá deiseanna suntasacha á gcur ar fáil do Bhord na Móna chun bheith ina imreoir níos láidre i soláthar táirgí agus seirbhísí inbhuanaithe. Tá Bord na Móna dírithe ar na deiseanna seo a uasmhéadú trína fhís 'Conradh leis an Dúlra' a chur i bhfeidhm.

Tá bunathrú ar fud na cuideachta á bhrú chun cinn ag cuspóirí straitéiseacha agus ag príomhtháscairí feidhmíochta atá leagtha amach do gach aonad gnó. D'fhonn na cuspóirí sin a bhaint amach, forbraíodh roinnt clár agus tionscnamh a dtagann lenár dtrí bhuncholún inbhuanaitheachta. Déanann Bord na Móna a dhul chun cinn a thomhas gach bliain ina gcoinne agus tabharfaidh sé tuairisc ar an dul chun cinn i mbliana trí bhíthin Tuarascáil Inbhuanaitheachta.

Loch na Buaraí

Parthas do na daoine sin a bhfuil suim mhór acu i ngníomhaíochtaí allamuigh agus do theaghlaigh araon atá i bhFearann Páirce Loch na Buaraí, ar tírdhreach álainn é atá suite i lár na hÉireann. Trí chomhcheangal cruthaitheach idir an dúlra agus déantús an duine, agus faoi stiúir Bhord na Móna agus a chonartha leis an dúlra, tá gnáthóga nua á gcruthú ar na lagphortaigh.

Tá coimpléacs Loch na Buaraí de chuid Bhord na Móna i gCo. Uíbh Fhailí ar cheann de na limistéir is sine de tháirgeadh móna tráchtála in Éirinn. Le blianta beaga anuas, tá réimsí móra portaigh éirithe ina lagphortaigh (an téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar limistéar a luaithe is atá an mhóin tráchtála ar fad bainte). I gcomhréir le beartas na cuideachta maidir le hInbhuanaitheacht, rinneamar ár ndícheall an talamh a athchóiriú chuig a staid nádúrtha le gur féidir leis an bpobal áitiúil agus leis na cuairteoirí go léir sochar agus taitneamh a bhaint aisti.

Osclófar an t-ionad fáiltithe nua do chuairteoirí níos moille i mbliana agus táthar dóchasach go bhfeabhsóidh sé rochtain do chuairteoirí, do scoileanna agus do phobail le go bhféadfaidh siad taitneamh a bhaint as an bhFearann Páirce. Tá sé sin de bhreis ar an síneadh 10 km leis na rianta agus na conairí reatha a sheol Bord na Móna le déanaí i gcomhar le Ciste Fiontraíochta Uíbh Fhailí Thiar.

Cuimsíonn Fearann Páirce Loch na Buaraí trí shiúlbhealach phríomha laistigh d'imlíne atá thart ar 20 ciliméadar ar fad. Tugann siúlbhealaí agus bealaí inmheánacha éagsúla caol-léargas iontach d'áilleacht radhairc, de shuíomhanna oidhreachta áitiúla agus de bhailiúchán suntasach dealbh. Cuimsíonn an fearann páirce lochanna nádúrtha agus lochanna de dhéantús an duine, bogach, limistéir choillearnaí, 50 km de shiúlbhealaí, athchoiliúnúchán nádúrtha agus talamh féaraigh. Tá gnáthóga nua a gcur ar fáil don fhiadhúlra, don fhlóra agus don fhána san fhearann páirce ag an am céanna.

Agus iad ag tabhairt faoi Shiúlbhealach na Talún Feirme, faoin Siúlbhealach Méisiliteach agus faoi Shiúlbhealach na nDealbh, tiocfaidh cuairteoirí ar fhlóra álainn Fhearann Páirce Loch na Buaraí, lena n-áirítear móinéir shaibhre bhláthanna fiáine, mar ar féidir magairlíní amhail an Nuacht Bhallach, Magairlín na mBeach, an Magairlín Meidhreach agus an Lus Taghla a aimsiú. Tá speiceas Ceannbháin le sonrú go mór sa bhogach agus tá speiceas eanaigh amhail an Luachair Gheal nó an Giúnach Eanaigh, an Chíb Bhuí Mhóna agus an Lus Cré Corraigh ceannasach i limistéir eile.

Tá an limistéar éirithe ina thearmann tábhachtach don fhiadhúlra, lena n-áirítear roinnt de na speicis sa bhaol is mó in Éirinn. Is féidir breis agus 130 cineál Éin a aimsiú, agus tá thart ar an leathchuid díobh ag pórú ar an láithreán. San áireamh anseo tá an Tionscadal um Chaomhnú na Patraisce Léithe Dúchasaí, ina gcuirtear cóiríocht ar fáil don phobal deiridh den éan atá fágtha. Ó fhigiúr tosaigh de 24 éan i bhFómhar na bliana 2000, tháinig méadú air sin go dtí na céadta ar fud an tionscadail.

Gerry Ryan, Rúnaí Cuideachta agus Ceannasaí na Talún agus Maoine, ag labhairt ag seoladh an tsínidh 10 km i Loch na Buaraí.

Gnáthóg nua den chéad scoth do chineálacha éagsúla fiadhúlra, flóra agus fána is ea an fearann páirce.

An Bord

John Horgan (Cathaoirleach)

Gabriel D'Arcy (Stiúrthóir Bainistíochta)

Paudge Bennett

Denise Cronin

Gerard O'Donoghue

Colm Ó Gógáin

David Taylor

John Horgan (Cathaoirleach)

Ceapadh John Horgan ar an mBord i mí Aibreáin 2012 agus mar Chathaoirleach i mí Mheán Fómhair 2012. Is Sainchomhairleoir neamhspleách ar Acmhainní Daonna é. Tá céim aige san Eolaíocht Shóisialta ó Choláiste na hOllscoile, Baile átha Cliath, tá MA aige i gCaidreamh Tionsclaíoch ó Ollscoil Warwick agus tá MA i Stair aige ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. I ndiaidh post sa Ríocht Aontaithe agus i Seirbhís Phoiblí na hÉireann, ceapadh é mar Leas-Chathaoirleach agus ansin mar Chathaoirleach ar an gCúirt Oibreachais. Ina dhiaidh sin, d'oibrigh sé le GPA sa tSionainn agus bhí sé ina Stiúrthóir ar Acmhainní Daonna i roinnt cuideachtaí ilnáisiúnta.

Gabriel D'Arcy (Stiúrthóir Bainistíochta)

Ceapadh Gabriel D'Arcy mar Stiúrthóir Bainistíochta i mí Feabhra 2008. Sular thosaigh sé ar Bhord na Móna, bhí roinnt poist bhainistíochta aige in Kerry Group, an post is déanaí mar Stiúrthóir Tráchtála, Kerry Ingredients Europe. D'fhóin sé roimhe seo mar Chaptaen sna Fórsaí Cosanta. Tá B.Sc (Onóracha) aige ó Choláiste na hOllscoile, Gaillimh, mar aon le M.B.A. ó Kingston University Business School, Ard-Dioplóma i gCleachtas Bainistíochta ó Ollscoil Uladh agus Dioplóma Institiúidí na Stiúrthóirí i Stiúradh Cuideachtaí. Is Stiúrthóir Cairte le hInstitiúid na Stiúrthóirí é.

Paudge Bennett

Ceapadh Paudge Bennett ar an mBord i mí Eanáir 2007 agus athcheapadh é in 2011 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 1988. Thosaigh sé ag obair le Bord na Móna mar oibrí séasúrach i 1973 agus rinneadh ball foirne buan de i 1975. Tá sé ina stórasóir in Oibreacha Loch na Buaraí ó shin i leith. D'fhóin sé mar Iontaobhaí ar Scéimeanna Pinsean Bhord na Móna ar feadh 11 bhliain go dtí 2006.

Denise Cronin

Ceapadh Denise Cronin ar an mBord i mí Mheán Fómhair 2011. Is Bainisteoir Cuntasaíochta í do na hoibríochtaí san Eoraip de chuid cuideachta theicneolaíochta ilnáisiúnta ó SAM. D'oibrigh sí i róil airgeadais i roinnt cuideachtaí Éireannacha ar fud raon tionscal. Is comhaltaí í Denise ar Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus tá Céim Baitsiléara Cumarsáide (Onóracha) aici ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh. Fónann sí le roinnt comhlachtaí neamhbhrabúis chomh maith.

Paddy Fox

Ceapadh Paddy Fox ar an mBord i mí Eanáir 1999 agus athcheapadh é in 2003, in 2007 agus in 2011 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 1988. Thosaigh sé ag obair le Bord na Móna mar oibrí séasúrach i 1970 agus rinneadh ball foirne buan de i 1975. Tá sé ina cheannaire foirne ó 1990 ar aghaidh. Tá Dioplóma aige i mBainistíocht agus Caidreamh Tionscail. Chuaigh an tUas. Fox ar scor as Bord na Móna an 30 Aibreán 2014 tar éis dó an ghnáthaois scoir a shroicheadh. Mar thoradh air sin, chuaigh a théarma oifige mar Stiúrthóir in éag le héifeacht ón dáta sin.

Pat McEvoy

Ceapadh Pat McEvoy ar an mBord den chéad uair i mí Eanáir 1995 agus d'fhóin sé ar an mBord go dtí mí na Nollag 2006. Athcheapadh é i mí Eanáir 2011, faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 1988. Thosaigh sé ag obair le Bord na Móna i 1967 mar phrintíseach agus ina dhiaidh sin d'fhóin sé mar fheisteoir-deileadóir i roinnt suíomhanna. Is Iniúchóir Sláinte agus Sábháilteachta é faoi láthair.

Paschal Maher

Ceapadh Paschal Maher ar an mBord i mí na Bealtaine 2014 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 1988. Thosaigh sé ag obair le Bord na Móna mar oibrí séasúrach i dtáirgeadh móna i 1980 agus ceapadh é mar Thiománaí Meaisín lánaimseartha i 1983. Sa bhliain 1986, bhog sé chuig oibríochtaí iompair agus ceapadh é mar Cheann Foirne i 1990, post a shealbhaíonn sé faoi láthair. Sannadh é chuig Oibreacha na hAbhann Duibhe ar fud a ghairme.

Gerard O'Donoghue

Ceapadh Gerard O'Donoghue ar an mBord i mí Dheireadh Fómhair 2012. Tá sé ina Aturnae cleachtach agus cheap an Chúirt Uachtarach é mar Nótaire Poiblí i mí Iúil 2005. Tá sé ina phríomhoide ar chleachtadh White O'Donoghue and Company, Aturnaetha, Mainistir Laoise, Co. Laoise.

Paddy Fox

Pat McEvoy

Paschal Maher

Denis Leonard

Elaine Treacy

Barry Walsh

Peter Wyer

John Farrelly

Colm Ó Gógáin

Ceapadh Colm Ó Gógáin ar an mBord i mí Eanáir 2011 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 1988. Thosaigh sé ag obair le Bord na Móna i 1974 agus bhí poist éagsúla aige, lena n-áirítear Príomhfheidhmeannach ar Bhreoslaí Bhord na Móna Teo, Stiúrthóir ar Chomhshaol Bhord na Móna Teo. Tá sé ina Cheann ar Bhonneagar Straitéiseach faoi láthair. Tá B.E. (Meicniúil) aige ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, agus is Innealtóir Cairte agus Comhalta de chuid Institiúid Innealtóirí na hÉireann é.

David Taylor

Ceapadh David Taylor ar an mBord i mí an Mheithimh 2009. Is comhairleoir straitéiseach neamhspleách é ar fhuinneamh inbhuanaithe agus tá cáilíochtaí gairmiúla aige in innealtóireacht (Céim Baitsiléara Innealtóireachta Ceimicí) agus i mbainistíocht (Máistreacht Eolaíochta i mBainistíocht). Bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Fhuinneamh Inmharthana Éireann roimhe agus rinne sé ionadaíocht do leasanna taighde fuinnimh agus forbartha Rialtas na hÉireann i bhfóraim an Aontais Eorpaigh agus na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh. Chuaigh a théarma san oifig in éag an 8 Meitheamh 2014.

Elaine Treacy

Ceapadh Elaine Treacy ar an mBord i mí Iúil 2012. Agus beagnach 20 bliain caite aici sa tionscal teicneolaíochta, tá saibhreas saineolais ag Elaine i ndíolachán idirnáisiúnta, i margaíocht agus i straitéis ghnó, mar aon le tiomsú airgid chaipitil agus le cumaisc agus éadálacha. Tá sí ag déileáil le heagraíochtaí cpt, le heagraíochtaí san earnáil phoiblí agus le heagraíochtaí nuathionscanta le linn a cuid gairme. Faoi láthair, tá sí ina Leas-Uachtarán, Díolachán agus Margaíocht, le Cicero Networks, arb í mórchuideachta bogearraí sa tionscal teileachumarsáide í. Tá Máistreacht i Staidéar Gnó (MBS) agus Céim Baitsiléara Tráchtála ó Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh, ag Elaine.

Barry Walsh

Ceapadh Barry Walsh ar an mBord i mí Dheireadh Fómhair 2012. Tá sé ina chuntasóir de réir gairme agus d'oibrigh sé ar feadh na coda is mó dá ghairm i bpoist airgeadais shinsearacha i nGrúpa Bheatha na hÉireann. Is Rúnaí Cuideachta Ghrúpa Bheatha na hÉireann agus Cathaoirleach ar Scéim Pinsean Foirne Bheatha na hÉireann é faoi láthair. Sular thosaigh sé le Beatha na hÉireann, bhí sé ina Chigire cánacha leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Peter Wyer

Ceapadh Peter Wyer ar an mBord i mí na Bealtaine 2008. Tá Céim Tráchtála agus Dlí aige ó Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh. I ndiaidh dó roinnt ama a chaitheamh i mBaincéireacht Mharsantach, chuaigh sé isteach i ndíolachán, áit inar chaith sé an chuid is mó dá ghairm. Thosaigh sé le Arch Motors ltd, Gaillimh, i 1976, áit ina bhfuil sé ina Stiúrthóir Díolacháin agus ina Rúnaí Cuideachta faoi láthair. Is stiúrthóir é fosta ar roinnt cuideachtaí gaolmhara eile. Chuaigh a théarma san oifig in éag ar an 1 Bealtaine 2013.

Denis Leonard

Ceapadh an tUasal Denis Leonard ar an mBord i mí an Mheithimh 2014. Tá sé ina stiúrthóir ar choláiste breisoideachais i nDún Búinne agus d'fhóin mar chomhlacht de chuid Chomhairle Contae na hIarmhí agus de chuid Bhord Oiliúna agus Oideachais na hIarmhí. Tá céim aige sna healaíona agus tá céim mháistreachta aige i staidéar comhionannais ón gColáiste Ollscoile Baile Átha Cliath, agus tá iarchéim aige ó Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad. D'fhóin sé ar bhoird Greenpeace, VOICE, agus Carthanas Thuaidh Theas do Pháistí. Tá taithí fhairsing aice sa réimse comhshaoil agus tá clár raidió á léiriú agus á chur i láthair aige maidir leis an réimse seo le cúig bliana anuas. D'oibrigh sé dá lán eagraíochtaí áitiúla um fhorbairt pobail, iompar, comhshaoil agus carthanachta agus d'fhóin sé mar Chathaoirleach r-Fhóram Oidhreachta na hIarmhí.

John Farrelly

Ceapadh an tUasal John Farrelly ar an mBord i mí an Mheithimh 2014. Tá sé ina stiúrthóir ar DNG Royal County Auctioneers and Estate Agents. D'fhóin sé mar sheanadóir ó 1993 go 1997 agus bhí sé ina chomhalta de Dháil Éireann ó 1981 go 1992 agus 1997 go 2000. Bhí sé ina chomhalta agus ina Chathaoirleach de chuid Chomhairle Contae na Mí agus bhí sé ina Chathaoirleacht ar Thurasóireacht na Mí. D'fhóin sé mar Chathaoirleach ar Réigiún na Teorann Thoir chomh maith. Tá sé ina Stiúrthóir faoi láthair ar Fhéile Liteartha Hay Cheannanais agus d'fhóin sé ar roinnt comhlachtaí eile le linn a ghairme. Is iarchéimí é ó Choláiste Talmhaíochta Warrenstown.

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Réamhrá

Cuireann na Stiúrthóirí a dtuarascáil agus ráitis airgeadais iniúchta Bhord na Móna cpt i láthair le haghaidh na bliana airgeadais dar críoch an 26 Márta 2014.

Príomhghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú Gnó

Soláthraíonn an Grúpa leictreachas a ghintear ó mhóin, ó ghaoth, ó ola agus ó bhithmhais ag a stáisiúin ghiniúna agus soláthraíonn sé móin mar bhreosla do stáisiúin ghiniúna leictreachais eile. Déanann an Grúpa tionscadail um fheirmeacha gaoithe agus fuinneamh in-athnuaite a fhorbairt agus a fheidhmiú. Ina theannta sin, déanann sé brícíní móna agus táirgí gairneoireachta, soláthraíonn sé seirbhísí bainistíochta dramhaíola, gual, táirgí cóireála fuíolluisce agus astaíochtaí bolaidh, seirbhísí comhairleachta comhshaoil agus saotharlainne tráchtála.

Cuimsítear athbhreithniú ar fhorbairt ghnó an Ghrúpa le linn na bliana agus ar staid ghnóthaí an Ghrúpa amhail an 26 Márta 2014, chomh maith le heachtraí le gairid agus forbairtí dóchúla amach anseo, i Ráiteas an Chathaoirligh ar leathanach 4 go 7, agus in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh ar leathanach 8 go 21.

Torthaí don tréimhse

	€'000
Brabús don bhliain airgeadais	33,510
Díbhinn íoctha	(5,263)
Brabús a coinníodh don bhliain airgeadais	28,247

Tugtar sonraí faoi thorthaí airgeadais Bhord na Móna cpt don bhliain airgeadais dar críoch an 26 Márta 2014 ar leathanaigh 47 go 76.

Stiúrthóirí

Cinneann dhá bhall déag den Bhord arna gceapadh ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha an beartas i mBord na Móna. De ghnáth, ceaptar seachtar de na Stiúrthóirí ar feadh téarma cúig bliana. Ceaptar ceathrar de na Stiúrthóirí ar feadh téarma ceithre bliana, de réir na nAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 1988. Ceaptar an Stiúrthóir Bainistíochta don Bhord ar cheapadh chuig an bpost sin. Amhail an 26 Márta 2014 bhí post folamh amháin ann ach ón 26 Meitheamh i leith, bhí a líon iomlán de dhá chomhaltaí dhéag ar an mBord arís. Tá ainmneacha na ndaoine a raibh ina Stiúrthóirí le linn na tréimhse leagtha amach thíos.

John Horgan	Cathaoirleach
Gabriel D'Arcy	Stiúrthóir Bainistíochta
Paudge Bennett	
Denise Cronin	
Paddy Fox	Chuaigh a théarma oifige in éag an 30 Aibreán 2014
Pat McEvoy	
Paschal Maher	Ceapadh chuig an mBord é le héifeacht ón 1 Bealtaine 2014
Gerard O'Donoghue	
Colm Ó Gógáin	
David Taylor	Chuaigh a théarma oifige in éag an 8 Meitheamh 2014
Elaine Treacy	
Barry Walsh	
Peter Wyer	Chuaigh a théarma oifige in éag an 1 Bealtaine 2013

Ceapadh an tUasal Denis Leonard agus an tUasal John Farrelly mar Stiúrthóirí an 17 Meitheamh 2014.

Rialachas Corparáideach

Mar chuid dá thiomantais do cháilíocht lean an Grúpa de dhea-chleachtas maidir le stiúradh a ghnó agus maidir le tuairisciú airgeadais agus ginearálta a chur i bhfeidhm. Cloíonn an Grúpa le forálacha na Roinne Airgeadais maidir le "Cód Cleachtais an Rialtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit" arna nuashonrú in 2009 ("an Cód"). Leagtar amach sa chód an creat rialachais arna chomhaontú ag Rialtas le haghaidh bhainistíocht inmheánach agus chaidrimh thuairiscithe sheachtraigh na gComhlachtaí Stáit Tráchtála.

An Bord

Tá freagracht ar an mBord as maoirseacht agus treorú a dhéanamh ar Ghrúpa Bhord na Móna agus as a rath fadtéarmach a chinntiú. Déantar cinntí tar éis faisnéis iomchuí a chur ar fáil do chomhlachtaí den Bhord agus le breithniú cuí ar na rioscaí a sainaithníodh tríd an bpróiseas bainistíochta riosca.

Chuir an Bord sceideal cúrsaí in áirithe le haghaidh a chinnidh, lena n-áirítear:

- faomhadh Straitéis an Ghrúpa, Pleananna Cúig Bliana, Buiséad Bliantúil agus ráitis airgeadais eatramhacha agus bhliantúla;
- athbhreithniú ar fheidhmíocht oibriúcháin agus airgeadais;
- mórchaiteachas caipitil a fhaomhadh;
- athbhreithniú ar chóras rialachais airgeadais agus bainistíochta riosca an Ghrúpa;
- an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a cheapadh, agus
- rúnaí na Cuideachta a cheapadh.

Cuirtear faisnéis rialta ar fáil don Bhord ar bhonn tráthúil a chuimsíonn eochairtháscairí feidhmíochta i leith gach réimse den ghnó. Scaiptear tuairiscí agus páipéir do na Stiúrthóirí mar ullmhúchán do chruinnithe Boird agus Coiste.

Tá rochtain ag gach comhalta den Bhord ar chomhairle agus sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta atá freagrach don Bhord as a chinntiú go gcomhlíontar nósanna imeachta an Bhoird. Tá comhairleoirí gairmiúla an Ghrúpa ar fáil le haghaidh comhairliúcháin do Stiúrthóirí nuair is gá. D'fhéadfadh stiúrthóirí aonair comhairle ghairmiúil neamhspleách a ghlacadh ar aon dul le nósanna imeachta sainithe.

Fuair gach Stiúrthóir faisnéisiú iomchuí maidir le ceapadh ar an mBord agus cuireann an Grúpa rochtain ar oiliúint ar fáil i rith téarma oifige Stiúrthóra.

Rinne an Bord próiseas le haghaidh a fheidhmíocht a mheas a chomhaontú agus tús a chur lena chur chun feidhme.

Measann an Bord gur neamhspleách ó thaobh carachtair agus breithiúnais de atá na Stiúrthóirí go léir. Mar sin féin, tugann an Bord faoi deara go bhfuil conarthaí fostaíochta ag an Stiúrthóir Bainistíochta agus ag ceathrar Stiúrthóirí a ceapadh de réir na nAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 1988.

Coinníonn an Bord agus an Lucht Bainistíochta idirphlé leanúnach le páirtithe leasmhara faoi shaincheisteanna straitéiseacha.

Luach Saothair na Stiúrthóirí

Cinneann an Rialtas táillí do Stiúrthóirí agus leagann an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha na táillí sin amach i scríbhinn. Tá luach saothair na stiúrthóirí leagtha amach i nóta 4 leis na ráitis airgeadais ar leathanach 56. TBa iad na costais chomhlána a íocadh leis na Stiúrthóirí in 2014 ná €33,001 (2012/2013: €42,925).

Cruinnithe Boird

Bhuail an Bord le chéile 11 uair le linn na bliana airgeadais.

Coistí an Bhoird

Tá ceithre bhuan-Choiste ag an mBord a fheidhmíonn faoi théarmaí tagartha foirmiúla.

Ba iad baill *an Choiste Riosca agus Iniúchóireachta* (RAC) amhail an 26 Márta 2014 Denise Cronin (Cathaoirleach) agus Barry Walsh. Bhuail an Coiste le chéile ceithre huaire le linn na bliana airgeadais. Buaileann an Coiste ar bhonn tréimhsiúil leis an iniúchóir inmheánach agus leis an iniúchóir seachtrach d'fhonn plé a dhéanamh ar rialú cuntasaíochta inmheánach an Ghrúpa, ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh, rogha na bpolasaithe cuntasaíochta agus teicnící meastachán, ar an bplean iniúchta sheachtraigh, ar an tuarascáil iniúchta reachtúil, ar thuairisciú airgeadais, ar bhainistíocht riosca agus ar chúrsaí eile lena mbaineann. Tá rochtain neamhtheoranta ag an iniúchóir inmheánach agus ag an iniúchóir seachtrach ar an gCoiste Riosca agus Iniúchóireachta. Tuairiscíonn Cathaoirleach an Choiste don Bhord maidir leis na ceisteanna suntasacha uile arna mbreathnú ag an gCoiste agus scaiptear miontuairiscí a chruinnithe ar na Stiúrthóirí ar fad.

Déileálann *an Coiste um Luach Saothair* le luach saothair agus costais an Stiúrthóra Bainistíochta agus na Bainistíochta Sinsearaí laistigh de threoirlínte an Rialtais agus le maoiniú beartaithe easnamh na scéime pinsean ar an Scéim Aoisliúntais Ghinearálta d'Fhostaithe. Ba iad na baill amhail an 26 Márta 2014 John Horgan (Cathaoirleach), Elaine Treacy agus Gerard O'Donoghue. Freastalaíonn an Stiúrthóir Bainistíochta, Gabriel D'Arcy, ar an gCoiste ach amháin nuair a bhíonn a phost féin á phlé. Bhuail an Coiste le chéile seacht n-uaire le linn na bliana airgeadais.

Measannan *Coiste Airgeadaisgné* airgeadais na gcúrsaí a chuirtear faoi bhráid an Bhoird, amhail plean bliantúil agus buiséad bliantúil agus Ghrúpa agus soláthar, diúscairt agus léasú talún, foirgneamh agus saoráidí. Ba iad na comhaltaí amhail an 26 Márta 2014 John Horgan (Cathaoirleach), Gabriel D'Arcy, Pat McEvoy, Colm Ó Gógáin agus David Taylor. Bhuail an Coiste le chéile faoi dhó le linn na bliana airgeadais.

Tuarascáil na Stiúrthóirí ar lean

Cuireann *an Coiste Sláinte agus Sábháilteachta* comhairle ar an mBord i dtaobh cúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta laistigh de Ghrúpa Bhord na Móna. Ba iad na baill amhail an 26 Márta 2014 Paddy Fox (Cathaoirleach), Paudge Bennett, Gabriel D'Arcy agus Gerard O'Donoghue. Bhuail an Coiste le chéile trí huaire le linn na bliana airgeadais.

Ó am go chéile bunaíonn an Bord Coistí sealadacha le déileáil le cúrsaí faoi leith faoi théarmaí sainithe tagartha. An 23 Eanáir 2014, bhunaigh an Bord Coiste chun maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas um Stiúrthóir Bainistíochta a cheapadh le héifeacht ón 1 Feabhra 2015, nuair a rachaidh conradh fostaíochta an Stiúrthóra Bainistíochta reatha in éag. Is iad John Horgan (Cathaoirleach), Denise Cronin agus Barry Walsh na baill den Choiste. Bhuail an Coiste le chéile trí huaire le linn na bliana airgeadais.

Tinreamh ag Cruinnithe Boird agus Coiste

Déantar achoimre sa tábla thíos ar thinreamh na Stiúrthóirí ar chruinnithe Boird agus Coistí ar a raibh siad incháilithe le freastal orthu le linn na bliana dar críoch an 26 Márta 2014.

Stiúrthóir	Cruinnithe Boird Ar freastalaíodh orthu/Incháilithe	Cruinnithe Coiste Ar freastalaíodh orthu/Incháilithe
J Horgan, Cathaoirleach	11/11	9/9
G D'Arcy, Stiúrthóir Bainistíochta	11/11	5/5
P Bennett	9/11	3/3
D Cronin	11/11	4/4
P Fox[1]	9/11	3/3
P McEvoy	10/11	2/2
G O'Donoghue	10/11	10/10
C Ó Gógáin	11/11	2/2
D Taylor [2]	10/11	2/2
E Treacy	9/9	6/7
B Walsh	11/11	4/4
P Wyer[3]	1/1	-
P Maher[4]	-	-

Nótaí:
1. An tUas. P Fox - chuaigh ar scor an 30 Aibreán 2014.
2. An tUas. D Taylor - chuaigh a théarma oifige in éag an 8 Meitheamh 2014.
3. An tUas. P Wyer - chuaigh a théarma oifige in éag an 1 Bealtaine 2013.
4. An tUas. P Maher - a ceapadh mar Stiúrthóir le héifeacht ón 1 Bealtaine 2014.

Rialuithe Inmheánacha

Tá freagracht fhoriomlán ag na Stiúrthóirí as córais rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa agus as athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá sé. Tá na córais sin deartha chun riosca a bhainistiú agus is féidir leo dearbhú réasúnta, ach ní daingean a thabhairt i gcoinne míraiteas nó caillteanas ábhartha. Dearbhaíonn an Bord go bhfuil athbhreithniú déanta aige ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Tá an Lucht Bainistíochta freagrach as rioscaí suntasacha a shainaithint agus a mheas agus as dearbhú agus feidhmiú córais rialaithe inmheánaigh oiriúnacha. Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha lena chinntiú go ndéantar na hidirbhearta a chomhlíonadh de réir údarú an Lucht Bainistíochta go ndéantar bearta réasúnta chun sócmhainní a chosaint agus calaois a chosc, agus go gcoinnítear taifid airgeadais chuí. Tuairiscíonn an Lucht Bainistíochta don Bhord maidir le mórathruithe sa ghnó agus sa timpeallacht sheachtrach a théann i gcion ar riosca.

I measc na bpríomhnósanna imeachta atá curtha i bhfeidhm ag an mBord chun rialú inmheánach éifeachtúil a chur ar fáil tá:
- struchtúr eagrúcháin ina bhfuil nósanna imeachta oibriúcháin agus tuairiscithe soiléire, teorainneacha údaraithe, deighilt dualgas agus údaráis tharmligthe;
- rinneadh freagrachtaí bainistíochta atá sainithe go soiléir a bhunú ar fud an Ghrúpa agus fuarthas seirbhísí pearsanra cháilithe agus rinneadh dualgais a leithdháileadh go cuí orthu;
- ráiteas maidir le cinntí forchoimeádta don Bhord;
- próiseas bainistíochta riosca ina gcumasaítear sainaithint agus measúnú rioscaí, a d'fhéadfadh dul i gcion ar fheidhmíocht agus ar chuspóirí an ghnó agus ina gcinntítear go ndéantar pleananna maolaithe cuí d'fhonn an riosca iarmharach a íoslaghdú;
- próiseas buiséadaithe cuimsitheach do gach gnó agus na lársheirbhísí tacaíochta ag sroicheadh buaice i mbuiséad bliantúil an Ghrúpa arna fhaomhadh ag an mBord;
- próiseas pleanála cuimsitheach do gach gnó agus lársheirbhísí tacaíochta ag sroicheadh buaice i bplean fadtéarmach an Ghrúpa, arna fhaomhadh ag an mBord;

- córas tuairiscithe airgeadais cuimsitheach agus an fheidhmíocht iarbhír i gcoinne an bhuiséid, tuartha, táscairí feidhmíochta agus difríochtaí suntasacha arna dtuairisciú don Bhord gach mí;
- sraith polasaithe agus nósanna imeachta i dtaca le rialuithe oibriúcháin agus airgeadais lena n-áirítear caiteachas caipitil;
- nósanna imeachta chun aghaidh a thabhairt ar impleachtaí airgeadais mór-rioscaí gnó, lena n-áirítear ionstraimí airgeadais, cleachtais tarmligin, agus deighilt dualgas agus tá siad sin á dtacú ag nósanna imeachta monatóireachta;
- tá an lucht bainistíochta ag gach leibhéal freagrach as rialú inmheánach ar a fheidhmeanna gnó faoi seach, agus
- áirítear le nósanna imeachta maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chórais rialaithe inmheánaigh obair an Choiste Riosca agus Iniúchóireachta, athbhreithnithe bainistíochta, sainchomhairleoirí seachtracha agus iniúchadh inmheánach a úsáid.

San iniúchadh inmheánach breathnaítear ar chórais rialaithe an Ghrúpa trí scrúdú a dhéanamh ar thuarascálacha airgeadais, trí chruinneas na n-idirbheart a thástáil agus trí dhearbhuithe a fháil ar chuma eile go bhfuil na córais ag feidhmiú de réir pholasaithe agus cheanglais rialaithe an Ghrúpa. Tugtar tuarascáil go díreach don Choiste Riosca agus Iniúchóireachta ón iniúchadh inmheánach maidir le feidhmiú na rialuithe inmheánacha agus déantar moltaí ann maidir le feabhsúcháin ar an timpeallacht rialaithe más cuí.

Tá creat láidir i bhfeidhm ag an nGrúpa d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar leorgacht éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha agus monatóireacht a dhéanamh orthu, lena n-áirítear na rialuithe airgeadais, oibriúcháin, bainistíochta riosca agus comhlíontachta. Tá an Bord sásta go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm oiriúnach don ghnó.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh suas go dtí an dáta ar ar faomhadh na ráitis airgeadais. Rinne an RAC athbhreithniú mionsonraithe agus rinne sé a thorthaí a thuairisciú don phríomh-Bhord. Áirítear leis an bpróiseas a úsáideadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chórais rialuithe inmheánacha:
- athbhreithniú agus breathnú ar an gclár oibre um iniúchadh inmheánach agus breathnú ar a thuarascálacha agus a thorthaí;
- athbhreithniú ar thuairisciú rialta ón iniúchadh inmheánach maidir le stádas na timpeallachta rialaithe inmheánaigh agus stádas na moltaí a ardaíodh roimhe sin óna dtuarascálacha féin agus ó thuarascálacha ón iniúchóir seachtrach;
- athbhreithniú ar thuarascálacha ón iniúchóir seachtrach ina bhfuil sonraí faoi fhadhbanna ábhartha ar bith maidir le rialú airgeadais inmheánach arna sainaithint acu ina n-obair mar iniúchóir, agus
- athbhreithniú ar na tuarascálacha um chlár rioscaí, na frithbhearta atá i bhfeidhm leis an riosca a mhaolú, an riosca iarmharach fágtha agus na bearta is gá nó atá á ndéanamh le rioscaí a mhaolú tuilleadh.

Bainistíocht Riosca

Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord as bainistíocht riosca, lena n-áirítear cinneadh a dhéanamh ar chineál agus ar mhéid na rioscaí suntasacha a bhfuil sé toilteanach glacadh leo chun a chuspóirí straitéiseacha agus oibriúcháin a shaothrú.

Chun aghaidh a thabhairt air seo, bhunaigh an Bord córas bainistíochta riosca a dhéanann soláthar do shainaithint, mheasúnú, mhonatóireacht agus thuairisciú leanúnach ar na rioscaí suntasacha laistigh de Bhord na Móna agus do bhearta agus rialuithe maolaitheacha a chur chun feidhme.

Is é an (RAC) an fóram do rialachas riosca laistigh de Bhord na Móna, ag gníomhú faoi údarás tarmligthe ón mBord.

Tá freagracht ar an RAC as cabhrú a thabhairt don Bhord chun a ghníomhaíochtaí maoirseachta a chomhlíonadh maidir le measúnú, athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar na rioscaí atá dúchasach sna próisis ghnó agus rialaithe i leith na rioscaí sin. Tacaíonn Príomhoifigeach Riosca (CRO) ceaptha leis an RAC ar bhonn laethúil.

Tá freagracht ar an bPríomhoifigeach Riosca as maoirseacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí bainistíochta riosca laethúla agus tá freagracht aige/aici as a chinntiú go ndéantar córas bainistíochta riosca éifeachtach atá i gcomhréir le cineál, scála agus castacht Bhord na Móna a fhorbairt agus a choinneáil.

Bhunaigh Bord na Móna córas bainistíochta riosca ar fud an fhiontair. Cinntíonn an córas seo go ndéantar rioscaí a shainaithint, a mheasúnú, a thaifeadadh agus a thuairisciú go seasta ar fud gach aonaid ghnó agus feidhme tacaíochta. Soláthraíonn an córas bainistíochta riosca struchtúir rialachais oiriúnacha chun tacú le cleachtais bhainistíochta riosca iomchuí, le sannadh foirmiúil freagrachtaí riosca ar fud Bhord na Móna agus na nósanna imeachta a úsáidfear i sainaithint, measúnú, monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar rioscaí, lena n-áirítear bearta agus rialuithe maolaithe lena mbaineann.

Tuarascáil na Stiúrthóirí ar lean

Áirítear na nithe seo a leanas le heochairchoincheapa an chórais bhainistíochta riosca seo:

- straitéis bainistíochta riosca atá sainmhínithe go soiléir a chuimsíonn cuspóirí bainistíochta riosca, príomhphrionsabail bhainistíochta riosca, agus sannadh na bhfreagrachtaí bainistíochta riosca laistigh de Bhord na Móna;
- creat bainistíochta riosca agus timthriall tuairiscithe chun sainaithint, measúnú, bainistíocht, monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar na rioscaí a bhfuil Bord na Móna nochta dóibh nó a bhféadfadh sé a bheith nochta dóibh. Baineann Bord na Móna úsáid as comhcheangal de phróiseas measúnaithe riosca agus bainistíochta 'ó bharr anuas' agus 'ó bhun aníos', faoi mar atá leagtha amach sa léaráid thíos;
- mar chuid den mheasúnú riosca 'ó bhun aníos', reáchtáiltear ceardlanna rialta riosca gach bliain leis na haonaid ghnó agus le haonaid tacaíochta lárnaí. Ag na ceardlanna riosca sin, déantar gach riosca aonair a mheasúnú agus a scóráil agus sainaithnítear na rialuithe maolaitheacha atá i bhfeidhm. Déantar na príomhrioscaí don Ghrúpa a shainaithint, a bhailiú agus a chur faoi bhráid na Foirne Bainistíochta Sinsearaí. Ina dhiaidh sin, déanann siad na rioscaí seo a phlé, a athbhreithniú, a leasú agus a scóráil roimh na rialuithe maolaitheacha agus ina ndiaidh leis na príomhrioscaí Grúpa a shainaithint. Cuid thábhachtach den mheasúnú riosca "ó bharr anuas" iomlán bliantúil a dhéantar sa Ghrúpa is ea an t-athbhreithniú seo;
- plean monatóireachta riosca lena leagtar amach gníomhaíochtaí athbhreithnithe, dúshláin agus maoirseachta an Phríomhoifigigh Riosca;
- nósanna imeachta tuairiscithe a chinntíonn go ndéantar faisnéis riosca a mhonatóiriú agus a bhainistiú go gníomhach agus a chumarsáidiú go hiomchuí ag gach leibhéal laistigh de Bhord na Móna. Nuashonraíonn gach aonad gnó agus gach aonad tacaíochta lárnaí a measúnuithe riosca gach ráithe mar chuid dá n-athbhreithniú riosca agus dá bpróiseas tuairiscithe. Déantar iad sin a athbhreithniú leis an RAC dhá uair sa bhliain, agus
- cultúr láidir bainistíocht riosca a leabú ar fud gach leibhéil den Ghrúpa.

Príomhrioscaí

Rialáil

Tá gníomhaíochtaí gnó Bhord na Móna faoi réir raon leathan forálacha agus rialacháin reachtaíochta. Mar thoradh ar scóip na ngníomhaíochtaí atá faoi réir athruithe rialála, is riosca suntasach é sin a théann i bhfeidhm ar gach gnó de chuid Bhord na Móna. Feidhmíonn an chuideachta gnóthaí éagsúla a dtéann athrú rialála i bhfeidhm orthu níos mó anois. Déanann an Grúpa monatóireacht leanúnach ar athruithe reachtaíochta agus rialála lena mbaineann. Is iad seo a leanas roinnt de na heochair-rioscaí rialála atá ag dul i bhfeidhm ar ár ngnóthaí:

- gnó Tomhaltóirí agus Gairmiúil:
  - na sriantaí atá ag méadú ar an díol guail bhiotúmanaigh mar gheall ar an sulfar atá istigh ann agus ar fhorchur na gcánacha carbóin, agus
  - an treocht i dtreo móin a chaolú le hábhair nach bhfuil bunaithe ar mhóin i dtáirgí Gairneoireachta miondíola i margadh na Ríochta Aontaithe.
- gnó Powergen:
  - creat rialála nua de chuid an AE i leith leictreachais ó 2017 i leith a bhaineann leis an Margadh Aonair Leictreachais;
  - an tírdhreach athraitheach rialála atá ag brú úsáid mhéadaithe bhithmhaise chun cinn sna stáisiúin ghiniúna atá á n-adhaint ag móin, mar aon le himpleachtaí iarmhartacha slabhra soláthair agus costais, agus
  - an laghdú céimnithe ar liúntais charbóin EUA saor in aisce le haghaidh stáisiúin chumhachta (agus monarchana brícíní) as a dtiocfaidh costais mhéadaithe.
- gnó Aisghabháil Acmhainní:
  - an tionchar ag tobhaigh mhéadaithe líonadh talún a d'fhéadfadh gan a bheith inghnóthaithe san áit mhargaidh, agus
  - an beart a bhfuiltear ag súil leis ina ngearrfar íoc sa phiocadh ar sheirbhísí bailiúcháin dramhaíola tí a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar an múnla gnó.
- gnó Bunábhair:
  - rialáil mhéadaithe maidir le baint móna, agus
  - dul in éag na hoibleagáide seirbhíse poiblí ar na stáisiúin atá á n-adhaint ag móin.

Is féidir go bhfuil teorainn le cumas an Ghrúpa chun rialuithe éifeachtacha a chur i bhfeidhm le haghaidh an tionchair a bheadh ag roinnt de na rioscaí Rialála sin a mhaolú.

Leanúnachas Gnó

Bíonn oibríochtaí an Ghrúpa faoi réir rioscaí oibriúcháin, briseadh agus teagmhais riosca eile nach bhfuiltear ag súil leo amhail téip córais IT, téip gléasra chriticiúil agus briseadh comhshaoil. Shainaithin an Grúpa an gá le huasghrádú a dhéanamh ar a chórais TF agus tá tús curtha le seomra ríomhghnó Oracle i dtimpeallacht Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais a chur i bhfeidhm de réir a chéile. Tá pleananna sainiúla maolaithe ag an nGrúpa chun aghaidh a thabhairt ar bhriseadh gnó sa chás go dtarlaíonn teagmhais den chineál sin.

Próiseas Bainistíochta Riosca Bhord na Móna



An Aimsir
Is féidir leis an aimsir tionchar suntasach a imirt ar fheidhmíocht oibriúcháin an Ghrúpa. Mar shampla, is féidir le drochaimsir sa samhradh tionchar a imirt ar ár gcumas chun fómhar a dhéanamh ar mhóin agus chun stoic dhóthanacha mhóna a choinneáil le freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí. Mar thoradh air sin, bheadh drochthionchar ábhartha ar fheidhmíocht oibriúcháin ár ngnóthaí a bhaineann le móin. Chomh maith leis sin, is ar an aimsir ag tréimhsí ama ar leith ar fud na bliana a bhraitheann an t-éileamh díolacháin ar na meáin fáis, ar bhrícíní agus ar ghual. Beidh brabús oibriúcháin ón infheistíocht is suntasaí le déanaí de chuid an Ghrúpa in dhá fheirm ghaoithe i nDroim Cáithe agus sa Bhreacánach ag brath ar thorthaí iarbhír gaoithe. Cé go gcreidimid gur múnlaíodh na torthaí gaoithe a bhfuiltear ag súil leo ar bhonn coimeádach go leor chun ardleibhéal muiníne a thabhairt as an leibhéal toraidh ar infheistíocht san fhadtréimhse, is féidir a bheith ag súil go mbeidh luaineacht sna torthaí a bhainfear amach iarbhír in aon bhliain airgeadais ar leith mar gheall ar athruithe ar an aimsir.

Pinsin
Feidhmíonn Bord na Móna trí scéim pinsean sochair shainithe d'fhostaithe, d'iarfhostaithe agus do phinsinéirí. Tá staid airgeadais na scéimeanna faoi réir luaineachtaí mar gheall ar athruithe ar rátaí fadtéarmacha úis, ar bhoilsciú tuarastail, ar athruithe ar ionchais saoil agus ar leibhéal na dtorthaí ar shócmhainní na scéimeanna. Tá easnamh ábhartha ag an Scéim Aoisliúntais Ghinearálta d'Fhostaithe (GESS) le roinnt blianta anuas. Tá an lucht bainistíochta i mbun idirbheartaíocht fhadtréimhseach leis na páirtithe leasmhara ábhartha éagsúla ag iarraidh comhaontaithe faoi thogra maoinithe d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an easnamh. Go dtí seo, níor thángthas ar aon chomhaontú maidir le réiteach inghlactha.

Iomaíochas
Tá tréaniomaíocht os comhair an Ghrúpa i ngach ceann de na margaí ina bhfeidhmíonn sé. Ní mór don Ghrúpa freagairt go leanúnach do riochtaí margaidh atá ag athrú. Go háirithe, ní mór dár ngnóthaí aibí díriú ar laghdú costais le go bhfuil siad iomaíoch i dtimpeallacht mhargaidh atá ag athrú. Chuige sin, is ar bun atá roinnt de thionscadail fhíorthabhachtacha bhunathrú gnó a bhfuil sé mar aidhm acu éifeachtúlacht a mhéadú agus costais a laghdú. Tá cur chun feidhme rathúil na dtionscadal bunathrú gnó sin ríthabhachtach maidir le hinmharthanacht eacnamaíoch na ngnóthaí sin sa mheántréimhse agus san fhadtréimhse. D'fhéadfadh cineál na n-athruithe atá beartaithe drochthionchar a imirt ar chaidreamh tionsclaíoch i gcodanna áirithe den Ghrúpa.

Riosca Airgeadais
Nochtann oibríochtaí an Ghrúpa é do roinnt rioscaí airgeadais lena n-áirítear éifeachtaí na n-athruithe sa riosca malairte eachtraí, riosca creidmheasa, riosca leachtachta agus ráta úis. Tá clár bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an nGrúpa ina bhféachtar le neamhchosaintí airgeadais an Ghrúpa a bhainistiú trí mhonatóireacht a dhéanamh ar an neamhchosaint malairte eachtraí mar aon le maoiniú fiachais agus na costais airgeadais lena mbaineann.

Déantar oibríochtaí cistíochta an Ghrúpa a bhainistiú de réir polasaithe atá faofa ag an mBord. Soláthraíonn na polasaithe sin prionsabail maidir le bainistíocht riosca airgeadais iomlán agus cumhdaítear réimse faoi leith iontu amhail riosca ráta úis, creidmheasa, leachtachta, agus malairte eachtraí.

Praghasriosca
Tá an Grúpa nochta do phraghasriosca tráchtearraí. Mar thoradh ar bhrúnna iomaíochta, is féidir go mbeidh teorainn le cumas an Ghrúpa chun méaduithe praghais a thabhairt ar aghaidh. I mórán cásanna, ní féidir fálú gníomhach a dhéanamh ar na neamhchosaintí sin nó tá sé chomh costasach sin nach féidir é a dhéanamh. Mar thoradh air sin, glacann an Grúpa, i gcásanna áirithe, leis na neamhchosaintí dúchasacha a bhaineann le déileáil sna tráchtearraí sin. Déanfaidh na Stiúrthóirí athbhreithniú ar a oiriúnaí atá an polasaí seo ar bhonn rialta agus go háirithe má thagann athrú ar bith ar mhéid nó ar chineál oibríochtaí an Ghrúpa.

An riosca malairte eachtraí
Is é an Euro airgeadra feidhmiúil Bhord na Móna. Is é polasaí an Ghrúpa an tionchar ag éagsúlachtaí ábhartha a thagann as gluaiseachtaí malairte eachtraí a íoslaghdú. Tá an Grúpa nochta do rioscaí malairte eachtraí le linn gnáthchúrsaí gnó, go príomha ar dhíolachán agus ar cheannachán steirling agus dollar SAM araon. Tá fálaithe eacnamaíocha nádúrtha áirithe ann laistigh den Ghrúpa agus is é polasaí an Ghrúpa na hairgeadraí a mheaitseáil agus a fhálú ar fud rannóga éagsúla. Ag deireadh na bliana, bhí fiachas ráta sheasta $330 milliún ag an nGrúpa a fálaíodh le socruithe babhtála.

Riosca creidmheasa
Déanann an Grúpa scrúdú leanúnach ar a pholasaithe maidir le creidmheas i bhfianaise na ndálaí eacnamaíocha atá ag athrú ina n-oibríonn an Grúpa. Tá clár leanúnach ag an Lucht Bainistíochta, le faomhadh ón mBord, maidir le bearta maolúcháin chun rioscaí creidmheasa sainaitheanta a laghdú lena n-áirítear feabhas ar thuairisciú eisceachtaí agus úsáid uathoibríoch teorainneacha creidmheasa chun riosca a bhainistiú. Ina theannta sin, tá árachas úis i bhfeidhm do mhórchustaiméirí an Ghrúpa.

Riosca Contrapháirtí
Tá an Grúpa nochta do riosca creidmheasa ó na contrapháirtithe lena sealbhaíonn sé a chuntais bhainc agus lena ndéanann sé idirbhearta laistigh de mhargaí airgeadais. Is é polasaí Bhord na Móna bainistiú leanúnach a dhéanamh ar riosca contrapháirtí trí thosca ábhartha a chur san áireamh, lena n-áirítear rátálacha creidmheasa. Déanann Bord na Móna monatóireacht agus tomhas ar a theorainneacha contrapháirtí go géar do na hinstitiúidí airgeadais go léir a gcuirtear taiscí airgid thirim iontu. Déanann an Bord athbhreithniú rialta ar an ábhar seo.

Tuarascáil na Stiúrthóirí ar lean

Riosca Leachtachta
San iomlán, gineann oibríochtaí an Ghrúpa airgead. Faigheann an Grúpa maoiniú go príomha anois trí fhiachas gearrthéarmach agus meántéarmach agus rachaidh an fiachas seo in aibíocht idir 2015 agus 2020. Tháinig laghdú ar riosca maoiniúcháin/leachtachta le bliain anuas mar gur tháinig riochtaí feabhsaithe sa mhargadh baincéireachta aníos agus gur filleadh ar ghnáthdhálaí baincéireachta.

Riosca ráta úis agus sreabhadh airgid
Tá polasaí ag an nGrúpa 50 faoin gcéad ar a laghad d'fhiachas a choinneáil ag ráta seasta d'fhonn cobhsaíocht sreafaí airgid a chinntiú agus riosca ráta úis a bhainistiú dá bharr. Trí shraith babhtálacha ráta úis, shocraigh an Grúpa na rátaí úis ar a fhiachas ar fad. Amhail mí an Mhárta 2014, shocraigh an Grúpa 100% (2013: 100%) dá fhiachas láithrithe phríobháidigh. Lena chois sin féachann an Grúpa leis an riosca um maoiniú neamhchinnte ina oibríochtaí a íoslaghdú trí iasachtú a dhéanamh laistigh de leathadh na dtréimhsí aibíochta. Úsáidtear ionstraimí airgeadais leis an riosca ráta úis agus airgeadais a bhainistiú. Ní ghlacann an Grúpa páirt i ngníomhaíocht amhantrach agus tá polasaí oibriúchán na cistíochta drogallach roimh rioscaí.

Sláinte agus Sábháilteacht agus Riosca Comhshaoil
Tá oibríochtaí an Ghrúpa faoi réir raon rialacháin chomhshaoil, dlí sláinte agus sábháilteachta agus rialacháin agus caighdeáin eile atá ag éirí níos déine. D'fhéadfaí smachtbhannaí ábhartha a ghearradh ar an nGrúpa sa chás go sáraítear aon dlí nó rialachán den chineál sin agus d'fhéadfadh sé sin drochthionchar ábhartha a bheith aige ar ghnóthaí an Ghrúpa. Fostaíonn an Grúpa saineolas speisialta chun comhlíonadh iomlán a chinntiú, i dteannta oiliúint foirne leanúnach agus nósanna imeachta láidre monatóireachta atá deartha chun sárú ábhartha oibleagáidí reachtúla nó rialála eile a chosc.

Scairshealbha na Stiúrthóirí agus an Rúnaí
Leanann Plean um Scair-Úinéireacht d'Fhostaithe (ESOP) Bhord na Móna de 5% d'iomlán na ngnáthscaireanna a shealbhú i mBord na Móna thar ceann 2,102 rannpháirtí incháilithe (fostaithe atá ag fónamh agus fostaithe atá éirithe as) i Scéim Roinnte Brabúis Fhaofa (APPS) Bhord na Móna.

Tá an tUasal P Bennett, an tUasal P Fox, an tUasal P McEvoy, an tUasal P Maher agus an tUasal C Ó Gógáin agus an Rúnaí ina rannpháirtithe ar Phlean um Scair-Úinéireacht d'Fhostaithe Bhord na Móna agus tá leithdháileadh barúlach de 1,771 gnáthscair acu i mBord na Móna cpt atá sealbhaithe i Scéim Roinnte Brabúis Fhaofa Bhord na Móna. Ní raibh leasanna ar bith ag na Stiúrthóirí eile nó ag a dteaghlach i scaireanna Bhord na Móna cpt nó i gcuideachta ar bith eile de chuid an Ghrúpa le linn na bliana dar críoch an 26 Márta 2014.

Cóid Iompair
Bhí an Cód Iompair d'Fhostaithe fós i bhfeidhm le linn na bliana airgeadais 2014. Glacadh Cód Iompair do Stiúrthóirí i mí Aibreáin 2002 agus tá sé fós i bhfeidhm.

Acmhainní Daonna
Glacann Bord na Móna le straitéis chomhtháiteach Acmhainní Daonna a chruthaíonn cultúr forásach gnó ina dtreoraíonn bainisteoirí cumhachtaithe daoine cumasacha tiomanta, a bhfuil gach duine acu dírithe ar straitéis na Cuideachta a sholáthar. Déanann Bord na Móna dianiarracht sprioclarrthóirí a mhealladh, le linn dó aitheantas a thabhairt do na daoine is fearr agus iad a choinneáil trí bheartas luaíochta atá iomaíoch ó thaobh na tráchtála de, trí infheistíocht i bhforbairt ár ndaoine agus trí dheiseanna suimiúla fiúntacha a thairiscint.

Is é is aidhm dár mbeartas luaíochta sochar a thabhairt do dhaoine aonair i gcomhréir leis an méid a chuireann siad leis, lena gcumas agus lena bhfiúntas margaidh. Le linn na bliana, rinne an Chuideachta múnla athbhreithnithe Íocaíochtaí Feidhmíochta Bliantúla a chur chun feidhme atá ar chomhréim le straitéis fhoriomlán na Cuideachta.

Leanaimid ar aghaidh ag infheistiú i bhforbairt ár bhfostaithe le linn na bliana trí chlár um pleanáil eolach chomharbais agus um fhorbairt tallainne a chur chun feidhme d'fhonn leas a bhaint as an tallann sainaitheanta i measc an lucht bainistíochta.

D'athbhreithnigh an Chuideachta a gnó maidir leis an gclár Céimithe. Dhíríomar ár n-iarracht ar dhaoine aonair a thugann an t-eolas acadúil is déanaí leo agus a chuireann le torthaí tráchtála foriomlána an Ghrúpa a thabhairt isteach ag leibhéal luath gairme. Ina theannta sin, leanann Bord na Móna ar aghaidh ag tacú le roinnt mhaith agus raon éagsúil de chláir athghníomhachtaithe saothair (JobBridge, Springboard, Momentum agus roinnt tionscnaimh áitiúla chosúla) lena gcuirtear socrúcháin bhríocha ar fáil do rannpháirtithe le dul isteach sa lucht saothair an athuair.

Leanann Bord na Móna ar aghaidh ag tacú leis an iarracht bainistíocht athruithe in Aonaid Ghnó éagsúla agus i bhfeidhmeanna tacaíochta éagsúla trí shaineolaithe ábhair a chur ar fáil agus trí shraith straitéisí nua um bunathrú gnó a fhorbairt do Bhainisteoirí. Chomhaontaigh an Chuideachta Prótacal IR nua le Grúpa na gCeardchumann a éascaíonn caidreamh oibre níos láidre, rud a ligeann don dá pháirtí oibriú le chéile ar aon dúshláin ghnó sa todhchaí trí chomhchaidreamh gníomhach ar bhonn tráthúil.

Seirbhísí Cáilíochta agus Custaiméirí
Tá polasaí glactha ag an mBord go bhfaighidh Bord na Móna an creidiúnú ISO agus/nó creidiúnú ábhartha ar bith eile dá ngníomhaíochtaí go léir go deonach.

Ghlac an Grúpa an Cód Cleachtais maidir le Seachadadh Seirbhísí chuig Custaiméirí Cuideachtaí Stáit Tráchtála.

Gnóthas Leantach
Tar éis dóibh fiosruithe a dhéanamh, creideann na Stiúrthóirí go bhfuil acmhainní imleora ag Bord na Móna chun leanúint ar aghaidh lena oibríochtaí go ceann i bhfad agus go bhfuil sé iomchuí leanúint ar aghaidh ag glacadh le bonn an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Teagmhais tar éis an Chláir Chomhardaithe
Níor tharla aon teagmhas idir dáta an chláir chomhardaithe agus an dáta ar ar thug an Bord faomhadh do na ráitis airgeadais 2014, a d'eileodh nochtadh nó coigeartú do na ráitis airgeadais.

Taifid Chuntasaíochta
Trí fhoireann chuntasaíochta le saineolas cuí a fhostú agus acmhainní dóthanacha a sholáthar don fheidhm airgeadais, creideann na stiúrthóirí go bhfuil riachtanais Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990, maidir le leabhair chuntais comhlíonta acu. Coinnítear na leabhair chuntas ag oifig chláraithe an Ghrúpa, an Phríomhshráid, an Droichead, Co. Chill Dara.

Íoc Pras Cuntas
Admhaíonn na Stiúrthóirí a bhfreagracht as comhlíontacht a chinntiú, i ngach ponc ábhartha, le forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002 (I.R. Uimh. 388 de 2002) ("na Rialacháin"). Cuireadh nósanna imeachta i bhfeidhm chun na dátaí ar a mbeidh sonraisc dlite i gcomhair íocaíochta a shainaithint agus chun a chinntiú go ndéantar na híocaíochtaí faoi na dátaí sin. Soláthraítear dearbhú réasúnta i nósanna imeachta dá leithéidí i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha na Rialachán. Ba é an polasaí íocaíochta le linn na bliana a bhí faoi athbhreithniú cloí le ceanglais na Rialachán.

Síntiúis pholaitíochta
Ní dhearna an Bord aon síntiúis pholaitíochta le linn na bliana.

Iniúchóir
De réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963, leanfaidh an t-iniúchóir, KPMG, ar Cuntasóirí Cairte iad, de bheith in oifig.

Thar ceann an Bhoird:

Sínithe:

John Horgan
Cathaoirleach

Gabriel D'Arcy
Stiúrthóir Bainistíochta

An 26 Meitheamh 2014

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí maidir le Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na Ráitis Airgeadais

Tá na Stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus chuideachta a ullmhú, de réir dlí agus rialacháin infheidhme.

Ceanglaíonn dlí Cuideachtaí ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na máthairchuideachta a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin dlí sin, thogh na stiúrthóirí go n-ullmhódh siad na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus chuideachta de réir Chleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn, atá comhdhéanta de dhlí infheidhme agus na caighdeáin chuntasaíochta arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus atá fógartha ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Ceanglaíonn an dlí go dtabharfadh ráitis airgeadais an Ghrúpa léargas cóir ar staid airgeadais agus fheidhmíocht an Ghrúpa. Maidir leis na ráitis airgeadais sin, soláthraítear in Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013, gurb éard atá i dtagairtí sa rannán den Acht sin a bhaineann le ráitis airgeadais ag tabhairt léargas fírinneach cóir ná tagairtí dá léiriú cóir a bhaint amach. De réir an dlí, ní mór a bheith i ráitis airgeadais na cuideachta léargas fírinneach cóir ar ghnóthaí na Cuideachta.

Agus gach ceann de na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus chuideachta á n-ullmhú, ceanglaítear an méid seo a leanas ar na stiúrthóirí:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh, agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh an Chuideachta de bheith i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as leabhair chuí chuntas a choinneáil, ina léirítear, le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith, staid airgeadais na Cuideachta agus an Ghrúpa ina gcuirtear ar a gcumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais seo le hAchtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013. Tá na Stiúrthóirí freagrach chomh maith as sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus dá bhrí sin as bearta réasúnta a dhéanamh maidir le calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá na Stiúrthóirí freagrach freisin as tuarascáil stiúrthóirí a ullmhú a chloíonn le riachtanais Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar láithreán Gréasáin Bhord na Móna. D'fhéadfadh an reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann trína rialaítear ullmhú agus scaipeadh na ráiteas airgeadais a bheith difriúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

Foireann na Ceannaireachta Sinsearaí

Michael Barry – **Ceannasaí Airgeadais**

Tom Bradley – **Ceannasaí Anua**

Ger Breen – **Rialtóir Airgeadais an Ghrúpa**

John Corcoran – **Ceannasaí Tomhaltóirí agus Gairmiúil**

John Daly – **Ceannasaí na hAisghabhála Acmhainní**

Gabriel D'Arcy – **Stiúrthóir Bainistíochta**

Tom Egan – **Ceannasaí Powergen (ag Gníomhú)**

Hubert Henry – **Ceannasaí Nuálaíochta**

Gerry O'Hagan – **Ceann na Pleanála Straitéisí, Margaíochta agus Cumarsáide.**

John Reilly – **Ceannasaí Fhorbairt Powergen**

Paul Riordan – **Ceannasaí an Bhunábhair**

Gerry Ryan – **Rúnaí na Cuideachta/Ceannasaí na Talún agus Maoine**

Jim Stockwell – **Ceannasaí Acmhainní Daonna**

Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Chomhaltaí Bhord na Móna cpt

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais (na "ráitis airgeadais") Ghrúpa agus Mháthairchuideachta Bhord na Móna cpt le haghaidh na bliana dar críoch an 26 Márta 2014, ina gcuimsítear cuntas brabúis agus caillteanais an Ghrúpa, cláir chomhardaithe an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta, ráiteas maidir le sreabhadh airgid an Ghrúpa, ráiteas maidir le gnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána an Ghrúpa, réiteach gluaiseachtaí an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta i gcistí na scairshealbhóirí, na polasaithe cuntasaíochta agus na nótaí gaolmhara. Is é dlí na hÉireann agus caighdeáin chuntasaíochta arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (an Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis in Éirinn) an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh agus iad á n-ullmhú.

Rinneadh an tuarascáil seo do chomhaltaí na Cuideachta amháin, mar chomhlacht, de réir alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990. Rinneadh ár gcuid oibre iniúchta ionas go bhféadfaimis na cúrsaí ar gá dúinn a lua do chomhaltaí na Cuideachta i dtuarascáil iniúchóra a lua agus ní chun críche ar bith eile. Chomh fada agus atá ceadaithe le dlí, ní ghlacaimid agus ní ghabhaimid freagracht orainn féin maidir le duine ar bith seachas an Chuideachta agus comhaltaí na Cuideachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchta, as an tuarascáil seo agus as na tuairimí atá tugtha againn.

Freagrachtaí faoi seach na stiúrthóirí agus an iniúchóra

Mar a mhínítear ar dhóigh níos iomláine sa ráiteas maidir le freagrachtaí na stiúrthóirí atá leagtha amach ar leathanach 36, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais ina dtugtar léargas fíor agus cóir a ullmhú. Is í ár bhfreagracht iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairim a thabhairt orthu de réir dhlí na hÉireann agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Ceanglaítear orainn leis na caighdeáin sin cloí leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh fianaise a fháil faoi na méideanna agus faoin nochtadh sna ráitis airgeadais, a mhéid is gá chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha ar bith, cibé acu trí chalaois nó trí earráid. Áirítear air seo measúnú ar an méid seo a leanas: cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí an Ghrúpa agus na Cuideachta agus cibé ar cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad, agus ar nochtadh nó nár nochtadh go leormhaith iad; réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinne na stiúrthóirí; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais. Lena chois sin, léimid an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais ar fad sa tuarascáil bhliantúil chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint. Má thagaimid ar mhíráitis nó neamhréireachtaí ábhartha follasacha ar bith breathnaímid ar na himpleachtaí a bheidh i gceist dár dtuarascáil.

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Inár dtuairim:

- tugtar léargas fíor agus cóir i ráitis airgeadais an Ghrúpa, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis in Éirinn, maidir le staid ghnóthaí an Ghrúpa amhail an 26 Márta 2014 agus maidir lena bhrabús le haghaidh na bliana dar críoch amhlaidh;
- tugtar léargas fíor agus cóir i gclár comhardaithe na Máthairchuideachta, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis in Éirinn, mar atá curtha i bhfeidhm de réir fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013, maidir le staid ghnóthaí na Cuideachta amhail an 26 Márta 2014; agus
- rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú go cuí de réir Acht na gCuideachtaí, 1963 go 2013.

Cúrsaí nach mór dúinn tuairisciú a dhéanamh fúthu de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar is gá chun críocha ár n-iniúchta.

Tá clár comhardaithe na Máthairchuideachta ag teacht leis na leabhair chuntas agus, is í ár dtuairim gur choinnigh an Chuideachta leabhair chuí chuntas.

Is í ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil na stiúrthóirí comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais.

Is ionann glansócmhainní na Cuideachta, mar atá sonraithe i gclár comhardaithe na Máthairchuideachta ar leathanach 52, agus níos mó ná leath dá scairchaipiteal glaoite agus, inár dtuairim, ar an mbonn sin ní raibh staid airgeadais ar bith ar an 26 Márta 2014 lena raibh gá faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983 cruinniú ginearálta urghnách de chuid na Cuideachta a thionóil.

Cúrsaí nach mór dúinn tuairisciú a dhéanamh fúthu trí eisceacht

Níl rud ar bith le tuairisciú againn maidir leis an méid seo a leanas:

- faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013, ceanglaítear orainn a thuairisciú duit más rud é, inár dtuairim, nach ndearnadh nochtach faoi luach saothair na stiúrthóirí agus faoi idirbhearta a shonraítear leis an dlí, agus
- faoin gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), ceanglaítear orainn a thuairisciú duit más rud é nach léiríonn an ráiteas maidir leis an gcóras um rialú airgeadais inmheánach a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais, mar atá curtha san áireamh i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanach 28, gur chomhlíon an Grúpa mír 13.1 (iii) den Chód nó mura bhfuil sé comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn ónár n-obair iniúchóireachta maidir leis na ráitis airgeadais agus tuairiscímid é mura bhfuil.

Laura Gallagher

thar ceann agus ar son
KPMG
Cuntasóirí Cairte, Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúil
1 Plás an Stócaigh
Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2
Éire

an 26 Meitheamh 2014

Beartais Chuntasaíochta agus Teicnící Meastacháin

Aonán tuairiscithe

Cuideachta is ea Bord na Móna cpt (an "Chuideachta") atá lonnaithe in Éirinn. Cuimsítear i ráitis airgeadais chomhdhlúite na Cuideachta amhail agus don bhliain dar críoch an 26 Márta 2014 an Chuideachta agus a fochuideachtaí (dá dtagraítear an 'Grúpa' i dteannta a chéile agus 'aonáin Ghrúpa' ina n-aonar) agus leas an Ghrúpa i gcomhfhiontair.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach thíos i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le gach bliain atá curtha i láthair sna ráitis airgeadais chomhdhlúite seo agus chuir na haonáin Ghrúpa i bhfeidhm go comhsheasmhach iad. Níor glacadh le caighdeáin úra ar bith le linn na bliana.

Bunús an ullmhúcháin agus an ráiteas um chomhlíonadh

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus de chuid na Cuideachta de réir chaighdeáin tuairiscithe airgeadais na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais mar atá fógartha ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (an cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn) agus an Dlí Cuideachtaí is infheidhme.

Bhain an Chuideachta leas as an díolúine atá ar fáil di faoi Alt 148(8) d'Acht na gCuideachtaí, 1963, a thugann cead do chuideachta a fhoilsíonn ráitis airgeadais a Cuideachta agus a Grúpa le chéile gan a cuntas brabúis agus caillteanais agus nótaí lena mbaineann atá mar chuid de na ráitis airgeadais fhaofa na Cuideachta a chur i láthair dá comhaltaí.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an chostais stairiúil cé is moite de na míreanna ábhartha seo a leanas sa chlár comhardaithe:

- déantar maoin infheistíochta a thomhas ag an luach cóir, agus
- aithnítear dliteanas na bpleaneanna sochair shainithe mar shócmhainní plean lúide luach cóir na n-oibleagáidí plean sochair shainithe.

Airgeadra feidhmiúil agus cur i láthair

Déantar na ráitis airgeadais a ullmhú in Euro, arb é sin airgeadra feidhmiúil na Cuideachta. Slánaíodh an fhaisnéis airgeadais ar fad a chuirtear i láthair in Euro go dtí an míle is gaire, seachas nuair a luaitear a mhalairt.

An bunús le comhdhlúthú

Aonáin is iad fochuideachtaí arna rialú ag an nGrúpa. Cuirtear ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí san áireamh sna ráitis airgeadais chomhdhlúite ón dáta ar a dtosaítear an rialú sin go dtí an dáta ar a scoirtear den rialú.

Déantar iarmhéideanna agus idirbhearta inghrúpa, chomh maith le hioncam agus chostais neamhréadaithe ar bith a thagann as idirbhearta inghrúpa, a dhíbirt ar ullmhú na ráiteas airgeadais comhdhlúite.

Comhcheangail ghnó

Tugtar cuntas ar chomhcheangail ghnó trí úsáid a bhaint as an modh ceannaigh amhail dáta na héadála, .i. nuair a aistrítear rialú chuig an nGrúpa. Is éard is rialú ann an cumas atá ag gnóthas beartais airgeadais agus oibriúcháin gnóthais eile a stiúradh d'fhonn sochair eacnamaíocha a ghnóthú óna ghníomhaíochtaí.

Nuair a dhéantar gnó a éadáil, cuimsítear na sócmhainní agus dliteanais inaitheanta a fuarthas i ráitis airgeadais chomhdhlúite an fhaighteora ag a luachanna córa ar dháta na héadála. Déantar an difríocht eatarthu sin agus costas na héadála a aithint mar cáilmheas nó mar cháilmheas diúltach. Is é costas na héadála méid an airgid thirim nó na gcoibhéisí airgid thirim a íocadh agus luach cóir comaoin cheannaigh eile a thug an faighteoir, mar aon leis na costais bheartaíochta lena mbaineann. Dáiltear cáilmheas a fhaightear i gcomhcheangal gnó ar na haonaid ghiniúna ioncaim ar dóigh dóibh leas a bhaint as sineirgí an chomhcheangail.

Nuair a chailleann an Grúpa rialú ar fhochuideachta, déanann sé sócmhainní agus dliteanais na fochuideachta, agus leasanna mionlaigh ar bith lena mbaineann a dhí-aithint. Aithnítear gnóthachan nó caillteanas ar bith mar thoradh air sin sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Comhfhiontair

Is fochuideachtaí iad comhfhiontair a rialaíonn an Grúpa i gcomhar le comhpháirtí amháin nó níos mó. Tugtar cuntas ar chomhfhiontair trí úsáid a bhaint as modh an chothromais chomhláin sna ráitis airgeadais chomhdhlúite. Faoi mhodh an chothromais chomhláin, aithnítear an infheistíocht i gcomhfhiontar ar dtús ar a chostas agus coigeartaítear í ina dhiaidh sin don athrú iar-éadála ar sciar an Ghrúpa de ghlansócmhainní an chomhfhiontair. Cuirtear costais bheartaíochta san áireamh sa chostas ar an infheistíocht. Cuirtear cáilmheas ar bith a thagann as éadáil na gcomhfhiontar san áireamh i méid tugtha anonn na n-infheistíochtaí.

Glactar na méideanna a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais chomhdhlúite i leith bhrabúis/chaillteanais iar-éadála na gcomhfhiontar as a ráitis airgeadais iniúchta is déanaí atá déanta suas go dtí dáta an chláir chomhardaithe.

Taispeántar infheistíochtaí i gcomhfhiontair i gclár comhardaithe na Cuideachta mar shócmhainn airgeadais agus déantar iad a thomhas ar a gcostas lúide soláthairtí i leith bearnú ar luach.

Beartais Chuntasaíochta agus Teicnící Meastacháin
ar lean

Láimhdeachas

Díolachán earraí agus seirbhísí

Tomhaistear láimhdeachas ó dhíolachán earraí agus seirbhísí le linn gnáthghníomhaíochtaí gnó ag luach cóir na comaoine faighte nó infhaighte, gan cáin bhreisluacha agus glanmhéid na bhfáltas agus lascainí trádála a áireamh agus lena n-áirítear tobhaigh eile ar earraí agus ar sheirbhísí do chustaiméirí seachtracha. Aithnítear láimhdeachas ó sheirbhísí nuair a sheachadtar na seirbhísí sin.

Aithnítear ioncam nuair a aistrítear na rioscaí agus na luaíochtaí suntasacha a bhaineann le húinéireacht chuig an gcustaiméir, nuair is dóchúil go ndéanfar an chomaoin a aisghabháil, nuair is féidir na costais ghaolmhara a thomhas go hiontaofa, nuair nach bhfuil baint leantach ag an lucht bainistíochta leis na hearraí, agus nuair is féidir méid an ioncaim a thomhas go hiontaofa. Más dóchúil go ndeonófar lascainí agus gur féidir an méid a thomhas go hiontaofa, aithneofar an lascaine mar laghdú ioncaim de réir mar a aithnítear na díolacháin.

Bíonn éagsúlacht in uainiú aistriú na rioscaí agus luaíochtaí ag brath ar théarmaí aonair an chomhaontaithe díolachán.

Cuireann an Grúpa leictreachas ar fáil do Electric Ireland BSL faoi Chomhaontú um Cheannach Cumhachta ('PPA') a éagann i mí na Nollag 2015. Aithnítear láimhdeachas as (i) infhaighteacht acmhainní agus (ii) fuinneamh a sholáthraítear, ar bhonn feidhmíochta conarthaí de réir théarmaí an PPA. Aithnítear costais urrús faoi bhealach de réir théarmaí an PPA.

Conarthaí fadtéarmacha

Aithnítear láimhdeachas ar chonarthaí fadtéarmacha ag úsáid an mhodha um chéatadán críochnaithe. Léiríonn méid an láimhdeachais agus an bhrabúis atá aitheanta i ngach tréimhse chuntasaíochta an obair a rinneadh sa tréimhse sin bunaithe ar chostais a tabhaíodh.

Ioncam cíosa

Aithnítear ioncam cíosa léas oibriúcháin de réir méid chothroim, agus aithnítear dreasachtaí léasa ar bith a deonaíodh mar chuid dhílis den ioncam cíosa iomlán thar an téarma go dtí an chéad athbhreithniú cíosa margaidh eile.

Ioncam iarchurtha agus ioncam fabhraithe

Ar íocaíocht a fháil ó chustaiméirí roimh fheidhmiú oibleagáidí conarthacha an Ghrúpa dá chustaiméirí, aithníonn an Grúpa ioncam iarchurtha ar an gclár comhardaithe, arb ionann iad agus oibleagáidí neamhfheidhmithe an Ghrúpa faoi théarmaí an chonartha. Nuair a fheidhmíonn an Grúpa a oibleagáidí agus nuair a fhaigheann sé an ceart dá réir sin chun comaoine, aithnítear an t-ioncam gaolmhar sa chuntas brabúis agus caillteanais. Gearrtar na costais a bhaineann le seachadadh na seirbhísí ar chostas na ndíolachán de réir mar a tabhaítear iad.

Aithnítear an t-ioncam a tuilleadh ar sheachadadh earraí/seirbhísí ach atá neamhbhilleáilte de réir na dtéarmaí conarthacha mar ioncam fabhraithe ar an gclár comhardaithe.

Míreanna eisceachtúla

Maidir le míreanna eisceachtúla, chuir an Grúpa formáid cuntas brabúis agus caillteanais i bhfeidhm ina bhféachtar le béim a leagan ar mhíreanna suntasacha laistigh de thorthaí an Ghrúpa le haghaidh na bliana. Úsáideann an Grúpa breithiúnas agus na míreanna ar leith á meas. De bhua a scála agus a gcineáil, ba cheart iad a nochtadh sa chuntas brabúis agus caillteanais agus sna nótaí gaolmhara mar mhíreanna eisceachtúla. Tá an Grúpa den tuairim go soláthraítear anailís níos cabhraí i léiriú den chineál sin mar go dtugtar míreanna ábhartha a bhfuil cineál neamh-athfhillteach ag gabháil leo chun suntais ann.

Airgeadraí coigríche

Déantar idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú go Euro ag an ráta malairte a bhí i réim ar dháta an idirbhirt nó, má tá sé fálaithe, ag an ráta malairte faoin réamhchonradh airgeadraí gaolmhar. Déantar sócmhainní agus dliteanais atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú go Euro ag na rátaí malairte a bhí i réim ar dháta an chláir chomhardaithe nó, má tá sé fálaithe ar aghaidh, ag an ráta malairte faoin réamhchonradh airgeadraí gaolmhar. Cuirtear na difríochtaí malairte a bheidh mar thoradh air sin sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Déantar ráitis airgeadais fochuideachtaí coigríche a aistriú go Euro ag baint úsáid as modh an ráta deiridh. Cuirtear brabúis agus caillteanais a eascraíonn as athaistriú na bhfochuideachtaí coigríche sna cúlchistí agus aithnítear iad ar an ráiteas maidir le gnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána. Cuirtear difríochtaí malairte ar iasachtaí airgeadra eachtraigh, sa mhéid is go n-úsáidtear iad chun fál a mhaoiniú nó a sholáthar i gcoinne infheistíocht chothromais an Ghrúpa i bhfochuideachtaí coigríche, sna cúlchistí fosta agus aithnítear iad sa ráiteas maidir le gnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána.

Díorthaigh airgeadais

Baineann an Grúpa úsáid as díorthaigh airgeadais lena n-áirítear roinnt babhtálacha ráta úis trasairgeadra agus réamhchonarthaí malairte eachtraí. D'fhonn na neamhchosaintí ráta malairte a fhálú agus na rátaí úis comhlúthacha a shocrú ar an dá shaoráid láithriúcháin phríobháidigh de chuid an Ghrúpa, chuaigh an Grúpa isteach i roinnt socruithe babhtála a mheaitseálann próifíl aibíochta na nótaí iasachta neamhurraithe. Baintear úsáid as réamhchonarthaí malairte eachtraí an Ghrúpa chun sreafaí airgid thirim ó idirbhearta eachtracha a bhfuiltear ag súil leo a fhálú.

Ní aithnítear na díorthaigh sin ar an gclár comhardaithe. Déantar Luach cóir na n-ionstraimí airgeadais a nochtadh ar gach dáta cláir chomhardaithe.

Lamháltais astaíochtaí

Ceannaithe:

Déantar lamháltais astaíochtaí a ceannaíodh a thaifeadadh mar shócmhainní doláimhsithe agus ní dhéantar iad a amúchadh toisc go gcoinnítear iad leis an dliteanas astaíochtaí a shocrú. De réir mar a eascraíonn astaíochtaí, déantar muirear a thaifeadadh sa chuntas brabúis agus caillteanais d'fhonn an méid a theastaíonn leis an dliteanas don Údarás Rialtais a shocrú a léiriú. Áireofar leis an dliteanas seo luach tugtha anonn na lamháltas astaíochtaí atá coinnithe móide luach reatha an mhargaidh ar lamháltais bhreise ar bith a theastaíonn chun an oibleagáid a shocrú. Cuirtear na lamháltais seo, mar aon le lamháltais ar bith eile a ceannaíodh le linn na bliana ar ais chuig an Údarás ábhartha laistigh de cheithre mhí ag deireadh na bliana féilire sin, chun an dliteanas le haghaidh astaíochtaí le linn na bliana sin a chumhdach. Laghdaítear an tsócmhainn dholáimhsithe nuair a shocraítear an dliteanas.

Deonta:

De réir fhorálacha Scéim an Aontais Eorpaigh i ndáil le Trádáil Astaíochtaí, déanann an Údarás Rialtais ábhartha lamháltais astaíochtaí lena gcumhdaítear céatadán de na hastaíochtaí a bhfuiltear ag súil leo a dheonú ar chuideachta amháin de chuid chuideachtaí Bhord na Móna ag tús gach bliana. Aithnítear lamháltais astaíochtaí a dheonaítear ag nialas. Aithneofar an dliteanas comhfhreagrach a shocrófar ag baint úsáid as lamháltais a deonaíodh ag nialas chomh maith.

Sócmhainní seasta inláimhsithe

Aithint agus tomhas

Tomhaistear talamh ruílse, nach talamh phortaigh í, ar a costas lúide caillteanais bhearnaithe charntha ar bith. Déantar talamh phortaigh agus gach sócmhainn sheasta inláimhsithe eile a thomhas ar a gcostas lúide dímheas carntha agus caillteanais bhearnaithe charntha ar bith.

Cuirtear san áireamh sa chostas caiteachas atá inchurtha go díreach i leith éadáil na sócmhainne. Áirítear an méid seo a leanas leis an gcostas ar shócmhainní féintógtha:

- costas na hábhar agus an tsaothair;
- costais ar bith eile atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainní a thabhairt go riocht oibre le haghaidh a n-úsáide beartaithe;
- nuair atá oibleagáid ar an nGrúpa an tsócmhainn a bhaint nó an suíomh a athchóiriú, meastachán ar na costais a bhaineann leis sin; agus
- costais iasachtaíochta chaipitlithe.

Nuair a bhíonn saolréanna úsáideacha éagsúla ag codanna de mhír sócmhainne seasta inláimhsithe, tugtar cuntas ina leith ar mhíreanna ar leith (mór-chomhpháirteanna) agus déantar iad a dhímheas ar leithligh.

Aithnítear gnóthachan nó caillteanas ar bith ar dhiúscairt sócmhainne seasta inláimhsithe (atá ríofa mar an difríocht idir na glanfháltais ón diúscairt agus luach tugtha anonn na míre) sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Tá beartas costais mhaoiniúcháin chaipitlithe ag an nGrúpa. Déantar costais mhaoiniúcháin atá inchurtha go díreach i leith thógáil na sócmhainní seasta inláimhsithe a chaipitliú mar chuid de chostas na sócmhainní sin. Sa chás go bhfaightear cistí ar iasacht go sonrach chun tógáil sócmhainne seasta inláimhsithe a mhaoiniú, tá méid na gcostas maoiniúcháin a chaipitlítear teoranta do na costais iarbhír a thabhaítear ar na hiasachtaí le linn na tréimhse i dtaca le caiteachas ar an tsócmhainn sheasta inláimhsithe. Scoirtear de chaipitliú na gcostas maoiniúcháin nuair a dhéantar an tsócmhainn a choimisiúnú nó sa chás gur tharla briseadh ar fhorbairt ghníomhach ar feadh tréimhse ama leathnaithe.

Ídiú agus dímheas

Dímheastar sócmhainní seasta inláimhsithe ón dáta ar a bhfuil siad ar fáil lena n-úsáid nó, i leith sócmhainní atá á dtógáil, ón dáta ar a mbeidh an tsócmhainn críochnaithe agus réidh le húsáid.

Ríomhtar dímheas chun an costas ar shócmhainní seasta inláimhsithe a dhíscríobh lúide a luachanna iarmharacha measta de réir méid chothroim thar a saolréanna úsáideacha measta. Aithnítear dímheas sa chuntas brabúis nó caillteanais de ghnáth.

Déantar muirear um ídiú a thaifeadadh i dtaca le talamh phortaigh, draenáil agus iarnróid. Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe eile a dhímheas de réir méid chothroim ag na rátaí atá léirithe:

Gléasra agus Innealra	5% go 12.5%	in aghaidh na bliana
Mótarfheithiclí	20%	in aghaidh na bliana
Foirgnimh	5% go 10%	in aghaidh na bliana
Trealamh TF	20% go 33.3%	in aghaidh na bliana

Beartais Chuntasaíochta agus Teicnící Meastacháin

ar lean

Déantar stáisiún cumhachta an Ghrúpa ag Éadan Doire a dhímheas ar bhonn aschuir leictrigh d'fhonn an dímheas a chur i gcoibhneas le hacmhainn táirgthe mheasta an stáisiúin. Cuireann an Grúpa leictreachas ar fáil do Electric Ireland BSL faoi Chomhaontú um Cheannach Cumhachta ('PPA') ar bhonn seoladh tosaíochta. Éagann an PPA in 2015 agus scoirfidh teidlíocht chonarthachta an stáisiúin i leith seoladh tosaíochta ar an dáta sin. Tríd an modh aschuir leictrigh um dhímheas féachtar leis an muirear dímheasa a chur i gcoibhneas le hacmhainn táirgthe mheasta an stáisiúin.

Déantar stáisiún buaice an Ghrúpa ag Éadan Doire a dhímheas de réir méid chothroim agus ríomhtar an muirear le costas na sócmhainne a dhíscríobh go dtí a luach iarmharach measta. Léiríonn úsáid bhonn an mhéid chothroim um dhímheas ídiú tuartha thairbhe eacnamaíoch an stáisiúin ar bhonn comhsheasmhach thar shaolré úsáideach an stáisiúin bunaithe ar a infhaighteacht don ghreille.

Déantar costas na sócmhainne líonta talún a dhímheas thar shaolré cheadúnaithe fiche bliain. Déantar na cealla líonta talún agus na sócmhainní gaolmhara amhail caidhpeáil a dhímheas ar bhonn úsáid spáis fholaimh.

Ní ghearrtar dímheas ar bith ar shócmhainní atá á dtógáil.

Sócmhainní airgeadais

Déantar leasanna i bhfochuideachtaí agus i gcomhfhiontair a thomhas ag an gcostas lúide soláthairtí i gcomhair bearnú sa luach i gclár comhardaithe na Cuideachta.

Sa chlár comhardaithe comhdhlúite, tugtar cuntas ar leas an Ghrúpa i gcomhfhiontair trí úsáid a bhaint as modh an chothromais chomhláin.

Déanann an Grúpa tástáil bhearnúcháin má léirítear in eachtraí nó athruithe i gcúinsí go mb'fhéidir nach mbeadh luach tugtha anonn na sócmhainne airgeadais in-aisghabhála.

Cinntear an méid in-aisghabhála trí luach tugtha anonn na sócmhainne airgeadais a chur i gcomparáid le cibé acu is airde dá ghlanluach inréadaithe nó dá luach in úsáid. Cinntear an luach in úsáid trí shreafaí airgid todhchaí a bhfuiltear ag súil lena ndíorthú ón tsócmhainn airgeadais a lascainiú ar an nglanluach reatha. A mhéad is atá an méid tugtha anonn níos mó ná an méid in-aisghabhála, déantar an tsócmhainn airgeadais a bhearnú agus a dhíscríobh.

Maoine infheistíochta

Leas i dtalamh agus/nó i bhfoirgnimh atá sealbhaithe i gcomhair a n-acmhainneachta infheistíochta is ea maoin infheistíochta. Áirítear maoine infheistíochta sa chlár comhardaithe ag a luach margaidh oscailte agus ní dhímheastar iad. Taifeadtar gluaiseachtaí i luach mar ghluaiseacht sa chúlchiste athluachála tríd an ráiteas maidir le gnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána, mura léiríonn luacháil laghdú buan. Meastar athluachálacha faoi bhun an bhunchostais a bheith buan agus gearrtar iad ar an gcuntas brabúis agus caillteanais sa tréimhse.

Cáilmheas agus sócmhainní doláimhsithe

Déantar cáilmheas ceannaithe ar an gclár comhardaithe a chaipitliú agus a amúchadh thar a shaolré eacnamaíoch úsáideach measta (idir trí bliana agus fiche bliain).

Déantar athbhreithniú ar mhéideanna tugtha anonn shócmhainní seasta inláimhsithe agus cháilmheas an Ghrúpa ag gach dáta tuairiscithe chun cinneadh an bhfuil léiriú bearnúcháin ann nó nach bhfuil. Má léirítear in eachtraí nó athruithe i gcúinsí go mb'fhéidir nach mbeadh luach tugtha anonn na sócmhainne airgeadais in-aisghabhála, déanann an Grúpa tástáil bhearnúcháin.

Chun tástáil bhearnúcháin a dhéanamh grúpáiltear sócmhainní le chéile isteach sa ghrúpa is lú sócmhainní lena ngintear ioncam atá neamhspleách den chuid is mó ar shruthanna ioncaim eile an Ghrúpa. Is é an méid in-aisghabhála maidir le haonaid ghiniúna ioncaim ('IGUanna') an ceann is airde dá luach inréadaithe agus den luach in úsáid. Cinntear an luach in úsáid trí shreafaí airgid todhchaí a bhfuiltear ag súil lena ndíorthú ón aonad giniúna ioncaim a laiscainiú ar an nglanluach reatha. Is é an ráta lascaine a úsáidtear ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe margaidh reatha ar amluach an airgid agus ar na rioscaí atá sonrach don tsócmhainn nó don IGU.

A mhéad is atá an méid tugtha anonn níos mó ná an méid in-aisghabhála, déantar an tsócmhainn a bhearnú agus a dhíscríobh. Aithnítear caillteanas bearnúcháin ar bith a eascraíonn sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Aicmiú na n-ionstraimí airgeadais arna n-eisiúint ag an nGrúpa

Pléitear le hionstraimí airgeadais arna n-eisiúint ag an nGrúpa mar chothromas (.i. atá mar chuid de chistí na scairshealbhóirí) ach go feadh go gcomhlíonann siad an dá choinníoll seo a leanas amháin:

- ní chuirtear san áireamh iontu oibleagáidí conartha ar bith ar an gCuideachta (nó ar an nGrúpa de réir mar is cuí) airgead tirim nó sócmhainní airgeadais eile a sheachadadh nó sócmhainní airgeadais nó dliteanais airgeadais a mhalartú le páirtí eile faoi choinníollacha a d'fhéadfadh a bheith neamhfhabhrach don Chuideachta (nó don Ghrúpa), agus
- sa chás go socrófar an ionstraim nó go bhféadfaí í a shocrú in ionstraimí cothromais na Cuideachta féin, is neamhdhíorthach é nach ndéantar oibleagáid ar bith le líon inathraitheach ionstraimí cothromais na Cuideachta féin a sheachadadh a chur san áireamh ann nó is díorthach é a shocrófar tríd an gCuideachta ag malartú méid seasta airgid thirim nó sócmhainní airgeadais eile le haghaidh líon seasta dá hionstraimí cothromais féin.

Sa mhéid is nach gcomhlíontar an sainiú seo, aicmítear fáltais na heisiúna mar dhliteanas airgeadais.

Costais taighde agus forbartha

Gearrtar caiteachas ar thaighde íon nó feidhmeach mar chaiteachas ar an gcuntas brabúis agus caillteanais mar a thabhaítear é.

Gearrtar costais forbartha ar an gcuntas brabúis agus caillteanais mura gcomhlíontar na critéir maidir le caipitliú mar shócmhainn dholáimhsithe, agus, sa chás sin, déantar iad a chaipitliú ón dáta sin. Áirítear leis na critéir maidir le caipitliú: (i) go leor fianaise ann gur cruthaíodh sócmhainn (ii) go dtarlódh insreabhadh todhchaí tairbhe agus (iii) gur féidir é a thomhas le hiontaofacht réasúnta.

Deontais

Aithnítear deontais chaipitil a fhaightear agus atá infhála faoi scéimeanna a fhaigheann cúnamh ón AE nuair a fhaightear iad nó nuair atáthar beagnach cinnte go bhfaighfear iad. Déileáiltear le deontais a fhaightear maidir le sócmhainní seasta inláimhsithe mar chreidmheas iarchurtha agus déantar iad a amúchadh ar an gcuntas brabúis agus caillteanais gach bliain thar shaolré úsáideach eacnamaíoch na sócmhainní seasta inláimhsithe gaolmhara.

Aithnítear deontais ioncaim lena gcúitítear an Grúpa as costais a tabhaíodh sa chuntas brabúis agus caillteanais ar bhonn córasach sna tréimhsí ina n-aithnítear na costais.

Stoic, obair ar siúl agus conarthaí fadtéarmacha

Déantar stoic agus obair ar siúl a luacháil ag an gcostas nó ag an nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Déantar stoic ghuail a luacháil ag an meánchostas iarbhír ualaithe. Déantar stoic bhrícíní a luacháil ag na costais iarbhír nó ag an gcostas normalaithe caighdeánach, cibé acu is ísle. Déantar stoic mheáin fáis a luacháil ag na meánchostais iarbhír ualaithe.

Áirítear leis an gcostas ar mhóin mheilte an caiteachas díreach ar fad a tabhaíodh agus táirgí á dtabhairt go dtí a suíomh agus a riocht reatha faoi ghnáthdhálaí oibriúcháin. Cinntear an costas ar stoc móna meilte a baineadh ag gach suíomh talamh phortaigh ag costas an fhómhair bhliantúil a leithdháileadh thar ghnáthleibhéil an táirgthe fómhair arna ríomh bunaithe ar thonnáiste caighdeánach. Laghdaítear an costas aonaid go dtí an costas iarbhír sa chás go bhfuil an costas iarbhír in aghaidh an tona níos ísle ná an costas caighdeánach in aghaidh an tona. Áirítear le costas ar stoic mhóna meilte muirear ídithe, saothar díreach, costais eile agus forchostais táirgthe lena mbaineann. Déantar difríochtaí ón tonnáiste caighdeánach (.i. tonnáistí suas sa chás go bhfuil na tonnáistí aischuir iarbhír níos mó de bharr feabhas ar an gcion taise) a aithint ar thomhas na móna nuair a bhíonn an stoc-charn lódáilte amach go hiomlán. Déantar soláthar i leith bónais bhreise grúpaí oibre, nach n-eascraíonn ach nuair a aithnítear an tonnáiste suas, nuair a dhéantar na tonnáistí suas gaolmhara a shainaithint agus a aithint mar chuid den phróiseas tomhais seo.

Tá an glanluach inréadaithe bunaithe ar an bpraghas díola measta i ngnáthchúrsaí gnó lúide an costas measta ar chur i gcrích, costais atá riachtanach chun an díolachán a dhéanamh agus íocaíochtaí pionóis ar bith.

Aithnítear brabús ar chonarthaí fadtéarmacha nuair is féidir an toradh a mheas le cinnteacht réasúnta. Déantar soláthar i leith caillteanais ar chonarthaí fadtéarmacha a luaithe is a réamh-mheastar iad. Sonraítear obair fhadtéarmach ar siúl glan ó íocaíochtaí a fuarthas sa chuntas.

Déantar soláthar i leith earraí damáistithe, meathlaithe, as feidhm agus mallghluaiseacha más cuí.

Féichiúnaithe trádála

Aithnítear féichiúnaithe trádála ag an luach cóir ar dtús agus ina dhiaidh sin ag an gcostas amúchta lúide caillteanais bearnúcháin ar bith. Déantar féichiúnaithe trádála a bhreathnú le haghaidh bearnú ar bhonn leanúnach. Taifeadtar soláthar maidir le bearnú iarmhéideanna féichiúnaithe trádála i gcoinne féichiúnaithe amhrasacha a sainaithníodh.

Airgead Tirim

Áirítear le hairgead tirim agus coibhéisí airgid thirim airgead sa bhanc agus ar láimh agus taiscí gearrthéarmacha.

Iasachtaí

Aithnítear iasachtaí agus iasachtú úis ag an luach cóir lúide costais bheartaíochta ar bith atá inchurtha go díreach. I ndiaidh iad a aithint i dtosach, déantar na dliteanais airgeadais a thomhas ag costas amúchta trí úsáid a bhaint as an modh úis éifeachtaigh.

Léasanna

Gearrtar cíosanna faoi léasanna oibriúcháin ar an gcuntas brabúis agus caillteanais de réir mhéid cothroim, agus aithnítear dreasachtaí léasa ar bith a deonaíodh mar chuid dhílis den ioncam cíosa iomlán thar an téarma go dtí an chéad athbhreithniú cíosa eile.

Soláthairtí

Sainítear soláthar mar dhliteanas lena mbaineann uainiú nó méid neamhchinnte. Aithnítear soláthairtí sa chás go bhfuil oibleagáid reatha dhlíthiúil nó inchiallaithe ag an nGrúpa i ngeall ar eachtra san am a chuaigh thart, is féidir meastachán iontaofa den oibleagáid sin a dhéanamh agus is dóchúil go mbeidh eis-sreabhadh tairbhí eacnamaíocha ag teastáil leis an oibleagáid a shocrú.

Beartais Chuntasaíochta agus Teicnící Meastacháin

ar lean

Sa chás go bhfuil an éifeacht ar amluach an airgid ábhartha, déantar soláthairtí a lascainiú trí úsáid a bhaint as ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe margaidh reatha ar amluach an airgid agus ar na rioscaí atá sonrach don dliteanas. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Déantar méid an tsoláthair a athbhreithniú gach bliain agus a leasú de réir mar is cuí. Sa chás gurbh í an aidhm a bhí leis an iontráil chomhfhreagrach d'aitheantas an tsoláthair é a chaipitliú isteach i sócmhainn ghaolmhar, déantar athruithe ar bith ar mhéid an tsoláthair a eascraíonn as athruithe ar mhéid nó uainiú na sreafaí airgid thirim nó an ráta lascaine a chaipitliú isteach sna sócmhainní ábhartha agus a dhímheas go hionchasach.

Soláthar aischuir comhshaoil
Déantar soláthar i leith costais aischuir comhshaoil a bhaineann le hiar-úsáid na gcostas talamh lagphortaigh agus na gcostas díchoimisiúnaithe. Taifeadtar an soláthar nuair a tharlaíonn na cúinsí lena n-eascraíonn an oibleagáid maidir leis an sócmhainní a aischur. Is ionann luach an tsoláthair agus luach reatha na gcostas ionchais amach anseo. Déantar muirear ídithe a thaifeadadh sa chuntas brabúis agus caillteanais chun costas na gcostas aischuir caipitlithe a ghearradh ar an gcuntas brabúis agus caillteanais ag léiriú astarraingthe.

Soláthar um athchóiriú líonta talún
Déantar soláthar a thaifeadadh le haghaidh luach reatha chostais dosheachanta an Ghrúpa maidir le costas iarchúraim agus athchóirithe na saoráide líonta talún. Déantar an luach seo a chaipitliú mar shócmhainn sheasta inláimhsithe. Déantar soláthar i leith luach reatha na gcostas iardhúnta bunaithe ar na costais réamhaisnéise a bhfuiltear ag súil lena dtabhú le haghaidh na tréimhse 30 bliana i ndiaidh dúnta. Déantar soláthar i leith costais chomhchosúla a thabhaítear le linn shaolré oibriúcháin na láithreán agus déantar iad a chur ar chostas díreach ar an gcuntas brabúis agus caillteanais.

Soláthar i leith sócmhainní giniúna agus i leith dúnadh gléasraí déantúsaíochta
Léiríonn an soláthar um dhúnadh stáisiúin ghiniúna luach reatha mheastachán reatha na gcostas a bhaineann le dúnadh na stáisiún ag deireadh a saolréanna úsáideacha.

Déantar luach reatha na gcostas measta ar stáisiúin a dhúnadh a aithint mar sholáthar agus a chaipitliú sa tsócmhainn sheasta inláimhsithe sa chás go ndímheastar iad ar an dóigh chéanna a ndéantar an tsócmhainn ghiniúna í féin a dhímheas.

Soláthairtí féinárachais
Baineann soláthairtí féinárachais leis an dliteanas measta maidir le costais atá le tabhú faoi chláir féinárachais an Ghrúpa le haghaidh eachtraí atá le tarlú ag deireadh na bliana nó roimh dheireadh na bliana. Déanann coigeartóirí neamhspleácha caillteanais an soláthar a mheasúnú de réir an cháis maidir leis an toradh dóchúil ar gach cás. Lena chois sin, tá dliteanas measta i leith éilimh a tabhaíodh ach nár tuairiscíodh go fóill ag dáta an chláir chomhardaithe.

Soláthairtí dlí
Cuirtear soláthairtí le haghaidh éilimh dhlí san áireamh sna ráitis airgeadais, i gcomhair cúrsaí dlíthiúla agus cúrsaí eile ar bhonn na méideanna a mheasfaidh an Grúpa go n-éireoidh siad iníoctha, i ndiaidh measúnú a dhéanamh ar mholtaí comhairleoirí dlíthiúla, a bhfoirne dlí inmheánacha agus saineolaithe eile.

Soláthar i gcomhair baránta
Eisíonn an Grúpa barántaí i gcomhair earraí agus seirbhísí áirithe. Soláthraítear i gcomhair costais bharánta ar bhonn fhad na tréimhse baránta.

Soláthar iomarcaíochta
Soláthraíonn an Grúpa costais iomarcaíochta, nuair a bhíonn plean foirmiúil mionsonraithe ullmhaithe agus faofa agus nuair a bhíonn an Grúpa tiomanta go neamh-inchúlghairthe don phlean a chur i bhfeidhm.

Pinsin agus sochair iar-scoir
Tá socruithe pinsin le sochar sainithe agus le ranníocaíocht shainithe araon ag an nGrúpa.

Scéimeanna ranníocaíochta sainithe
Is scéim shochair iarfhostaíochta í scéim ranníocaíochta sainithe faoina n-íocann aonán ranníocaíochtaí seasta isteach in aonán ar leith agus níl oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe ar bith air méideanna breise a íoc. Aithnítear oibleagáidí do ranníocaíochtaí le pleananna ranníocaíochta sainithe mar chostas sochair fostaí sa chuntas brabúis agus caillteanais sna tréimhsí ina bhfaightear na seirbhísí lena mbaineann.

Scéimeanna sochair shainithe: An Grúpa
Is scéim shochair iarfhostaíochta í scéim sochair shainithe nach plean ranníocaíochta sainithe é. Tomhaistear sócmhainní scéimeanna pinsin sochair shainithe ag an luach cóir. Tomhaistear dliteanais scéimeanna pinsin sochair shainithe ar bhonn achtúireach ag baint leas as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa agus déantar iad a lascainiú ag an ráta reatha toraidh ar bhanna corparáide ardchaighdeáin ag a bhfuil téarma agus airgeadra coibhéiseach leis an dliteanas.

Léirítear barrachas na ndliteanas scéimeanna thar shócmhainní scéimeanna ar an gclár comhardaithe mar dhliteanas glan ó cháin iarchurtha

lena mbaineann. Léirítear barrachas scéimeanna pinsean, sa mhéis is go meastar iad a bheith in-aisghabhála, ar an gclár comhardaithe mar shócmhainn glan ó cháin iarchurtha lena mbaineann. Cuimsíonn an muirear um pinsean sochair shainithe ar an mbrabús oibriúchán an costas seirbhíse reatha nó costais iarsheirbhíse. Déantar an difríocht idir an toradh ionchais ar shócmhainní scéimeanna thar an gcostas úis ar dhliteanais na scéimeanna a léiriú ar an gcuntas brabúis agus caillteanais mar ioncam/chostas airgeadais eile.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha agus as barrachas agus easnaimh ó thaithí sa ráiteas maidir le gnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána le haghaidh na bliana ina dtarlaíonn siad.

Sa chás go gceanglaítear i rialacha na scéimeanna go ndéantar barrachas a eascraíonn as na scéimeanna a roinnt idir an fostóir agus na baill, déileáiltear leis an méid atá inchurtha i leith na mball mar mhéadú ar na dliteanais scéimeanna. Aithnítear an ghluaiseacht sa sciar atá inchurtha i leith na mball sa ráiteas maidir le gnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána.

Scéimeanna sochair shainithe: An Chuideachta
Tá an Chuideachta ina ball de scéim sochair shainithe an Ghrúpa ach níl sí ábalta a sciar dá bunsócmhainní agus dá bundliteanais sa scéim a shainaithint ar bhonn comhsheasmhach agus réasúnta. Dá bhrí sin, tugann an Chuideachta cuntas ar an scéim dá mba rud é gur scéim ranníocaíochta sainithe í. Mar thoradh air sin, léirítear na ranníocaíochtaí iníoctha leis an scéim i leith na tréimhse cuntasaíochta sa mhéid a ghearrtar ar chuntas brabúis agus caillteanais na Cuideachta.

Cánachas lena n-áirítear cáin iarchurtha
Tá an muirear ar chánachas bunaithe ar an mbrabús le haghaidh na bliana agus cuirtear san áireamh ann cánachas a iarchuireadh mar gheall ar dhifríochtaí uainithe idir an dóigh ar pléadh le míreanna áirithe chun críocha cánachais agus cuntasaíochta.

Is ionann an cháin reatha agus an méid atáthar ag súil le híoc i dtaca le brabús incháinithe le haghaidh na bliana agus déantar í a ríomh ag baint úsáid as na rátaí cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach ag dáta an chláir chomhardaithe.

Aithnítear cáin iarchurtha i dtaca le difríochtaí uainithe a tionscnaíodh ach nár aisiompaíodh ag dáta an chláir chomhardaithe sa chás gur tharla idirbhearta nó eachtraí ónar tháinig an oibleagáid tuilleadh cánach a íoc amach anseo nó an ceart chun níos lú cánach a íoc amach anseo ag dáta an chláir chomhardaithe.

Is difríochtaí sealadacha iad difríochtaí uainithe idir brabús faoi mar ríomhtar chun críche cánachais agus brabús faoi mar a shonraítear sna ráitis airgeadais a eascraíonn toisc go ndéileáiltear le míreanna áirithe ioncaim agus caiteachais sna ráitis airgeadais i dtréimhsí éagsúla chun críche cánachais.

Breathnaítear ar shócmhainní cánach iarchurtha mar a bheith in-aisghabhála agus aithnítear iad sna ráitis airgeadais nuair, ar bhonn na fianaise atá ar fáil, go bhfuil sé níos dóchúla go mbeidh brabúis incháinithe oiriúnacha ann ónar féidir aisiompú amach anseo na ndifríochtaí uainithe a laghdú. Déantar in-aisghabhálacht na gcaillteanas cánach a mheas faoi threoir réamhaisnéisí arna n-ullmhú agus arna bhfaomhadh ag an mBord.

Tomhaistear cáin iarchurtha, ar bhonn neamhlascainithe, ag na rátaí cánach a bhfuiltear ag súil lena bheith curtha i bhfeidhm sna tréimhsí ina bhfuiltear ag súil go ndéanfar na difríochtaí uainithe a aisiompú bunaithe ar rátaí agus ar dhlíthe cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach ag dáta an chláir chomhardaithe.

Scairchaipiteal
Aicmítear gnáthscaireanna mar chothromas.

Díbhinní
Aithnítear díbhinní sna ráitis airgeadais nuair a dhéanann an scairshealbhóir iad a fhaomhadh nó a údarú go cuí agus nuair nach bhfuil siad faoi rogha na Cuideachta a thuilleadh.

Meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta chriticiúla
Agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite á n-ullmhú ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana áirithe a dhéanamh a théann i gcion ar méideanna na sócmhainní, na ndliteanas, agus an ioncaim agus costas a thuairiscítear. D'fhéadfadh na torthaí iarbhír a bheith difriúil leis na meastacháin seo.

Déantar athbhreithniú ar mheastacháin agus ar bhoinn tuisceana bhunúsacha ar bhonn leanúnach. Aithnítear leasuithe ar mheastacháin chuntasaíochta sa tréimhse ina leasaítear na meastacháin agus i dtréimhsí ar bith sa todhchaí lena mbaineann.

Áirítear na réimsí seo a leanas le breithiúnais chriticiúla a bhfuil an éifeacht is suntasaí acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais:

(a) Sócmhainní agus dliteanais na scéimeanna pinsin
Tá luacháil achtúireach na bpinsean bunaithe ar bhoinn tuisceana maidir le boilsciú, rátaí lascaine, an toradh ionchais ar shócmhainní

Beartais Chuntasaíochta agus Teicnící Meastacháin

ar lean

pleananna, méaduithe ar thuarastail, méaduithe ar íocaíochtaí pinsin agus rátaí mortlaíochta. Tá na boinn tuisceana a ghlac an Grúpa an 26 Márta 2014 léirithe i Nóta 25 a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus rinneadh iad a chinneadh le cúnamh ó chomhairleoirí achtúireacha an Ghrúpa.

Leagadh na sochair atá le cur ar fáil do bhaill amach go mion sna hAchtanna Forbartha Móna 1946 go 1998 agus na rialacha lena rialaítear Scéimeanna Pinsin GESS agus RWESS Bhord na Mona. Ordaítear na ranníocaíochtaí comhroinnte atá le híoc ag Bord na Móna agus ag na baill ranníocacha iontu chomh maith. Ní thagann sé sin leis an gcur chuige sochair shainithe um 'iarmhéid costais'. Chun críche tuairiscithe de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 17 amhail an 26 Márta 2014, aithníodh 100% d'easnaimh na scéimeanna pinsin ar an scéim RWESS agus scéim Bhreoslaí Bhord na Móna agus 50% den bharrachas ar an scéim RWESS sna ráitis airgeadais.

(b) Bearnú sócmhainní agus cáilmheasa
Déantar tástáil ar shócmhainní doláimhsithe agus ar mhaoin, gléasra, trealamh agus cáilmheas i gcomhair bearnú nuair a léirítear in eachtraí nó in athruithe i gcúinsí go mb'fhéidir nach mbeadh luachanna iompair in-aisghabhála. Cinntear méid in-aisghabhála na n-aonad giniúna ioncaim bunaithe ar chinneadh luacha in úsáid maidir leis an aonad giniúna ioncaim. Bunaítear an cinneadh seo ar shreafaí airgid thirim réamh-mheasta.

Leanann gnó um aisghabháil acmhainní an Ghrúpa ag feidhmiú i ndálaí eacnamaíocha atá dúshlánach agus an-iomaíoch agus i dtimpeallacht rialála atá ag athrú. Chun an luach in úsáid a chinneadh is gá meánchostas ualaithe cuí um chaipiteal a chur i bhfeidhm agus measúnú a dhéanamh ar an ráta fáis san fhadtéarmach don earnáil. Tá an iarmhairt dhóchúil ar mhéid in-aisghabhála sna príomhbhoinn tuisceana seo leagtha amach i Nóta 7 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

(c) Luach tugtha anonn na stáisiún cumhachta
Oibríonn stáisiún cumhachta an Ghrúpa ag Éadan Doire PPA cúig bliana déag le Electric Ireland BSL chun leictreachas a chur ar fáil ar bhonn seoladh tosaíochta. Éagfaidh an PPA i mí na Nollag 2015. Rachaidh teidlíocht chonarthach an stáisiúin do sheoladh tosaíochta as feidhm ón dáta sin i leith. Tá sé réamh-mheasta ag an nGrúpa go leanfaidh an stáisiún ag feidhmiú sa tréimhse i ndiaidh 2015 sa mhargadh aonair leictreachais ('SEM') agus é comhadhainte ag bithmhais agus móin. Tá an cáilmheas lena mbaineann á amúchadh thar an tréimhse go dtí 2025 agus léiríonn sé saolré eacnamaíoch úsáideach de 20 bliain. Agus breathnú á dhéanamh ar luach iompair an stáisiúin ag Éadan Doire agus ar an gcáilmheas a eascraíonn ar éadáil an ghnó, déantar roinnt príomhbhoinn tuisceana i dtaca le feidhmiú an stáisiúin sa tréimhse i ndiaidh 2015. Breathnaítear ar na boinn tuisceana seo ar bhonn bliantúil ar an measúnú ar oiriúnacht luach tugtha anonn an stáisiúin agus an cháilmheasa lena mbaineann.

(d) Oibleagáidí maidir leis an gcomhshaol
Tá oibleagáidí áirithe ag an nGrúpa maidir leis an gcomhshaol a eascraíonn mar thoradh ar a thalamh, agus oibríochtaí líonta talún. Léiríonn cinneadh na soláthairtí le haghaidh na n-oibleagáidí athshlánúcháin a bhaineann leis an gcomhshaol sa tréimhse go dtí an astarraingt agus an t-oibriúchán agus an iar-astarraingt agus a t-iar-oibriúchán príomhbhoinn tuisceana i dtaca leis na costais bhainteacha. Déantar athbhreithniú ar na boinn tuisceana sin ar bhonn leanúnach a léiríonn taithí iarbhír.

GAAP úr

I ndeireadh 2012 agus i dtús 2013 d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe sraith caighdeán in ionad na gCaighdeán Cuntasaíochta atá sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn cheana ("Sean-GAAP na Ríochta Aontaithe" agus "Sean-GAAP na hÉireann"). Leanfaidh aonáin a bhfuil ceangal orthu de réir an dlí is infheidhme Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta arna bhformhuiniú ag an AE ("AE-IFRS") a chur i bhfeidhm d'amhlaidh a dhéanamh. Beidh aonáin eile, faoi réir incháilitheachta, ábalta a ráitis airgeadais a ullmhú de réir AE-IFRS, FRS 101 - an Creat um Nochtadh Laghdaithe, FRS 102 - an Caighdeán Tuairiscithe is infheidhme sa Ríochta Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, nó an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais d'Aonáin Bheaga ("GAAP Úr"). Is é an dáta éifeachtach éigeantach chun aistriú chuig an GAAP úr na tréimhsí cuntasaíochta a thosaíonn ar an 1 Eanáir 2015 nó ina dhiaidh sin, cé go bhfuil sé ceadaithe é a ghlacadh níos luaithe.

Tá an Grúpa ag breathnú ar a roghanna cuntasaíochta faoi láthair agus tá measúnú á dhéanamh acu ar tionchar an athraithe ar an GAAP ar an nGrúpa lena n-áirítear a gcórais chuntasaíochta agus bainistíochta riosca, straitéisí fálaithe, socruithe luach saothair agus cúnaint iasachtaí.

Ag teacht le blianta roimhe, rinneadh ráitis airgeadais 2014 a ullmhú faoin Sean-GAAP RA/Éireannach agus ullmhófar ráitis airgeadais 2015 ar an mbonn céanna. Déanfar na ráitis airgeadais le haghaidh na bliana dar críoch 30 Márta 2016 a ullmhú faoin "GAAP Úr" roghnaithe agus athshonrófar breischéimeanna de réir mar is cuí.

An bhliain chuntasaíochta

Críochnaíonn an bhliain airgeadais ar an gCéadaoin dheireanach i mí an Mhárta. Sna ráitis airgeadais sin cumhdaítear an tréimhse 52 seachtain ón 28 Márta 2013 go dtí an 26 Márta 2014 (an bhliain roimhe sin: an tréimhse 52 seachtain ón 29 Márta 2012 go dtí an 27 Márta 2013).

Cuntas Brabúis agus Caillteanais an Ghrúpa

le haghaidh na bliana dar críoch an 26 Márta 2014

	Nóta	**2014 Iomlán €'000**	2013 Iomlán €'000
Oibríochtaí leanúnacha			
Láimhdeachas	2	**426,798**	426,120
Costais na ndíolachán	2	**(297,478)**	(324,510)
Ollbhrabús		**129,320**	101,610
Costais dáileacháin	2	**(31,780)**	(33,167)
Costais riaracháin	2	**(47,285)**	(44,935)
Brabús oibriúcháin		**50,255**	23,508
Sciar chaillteanas an chomhfhiontair	10	**(60)**	(717)
Brabús roimh mhuirir airgeadais agus chánachas		**50,195**	22,791
Ús infhála agus ioncam comhchosúil	5	**2,675**	6,133
Ús iníoctha agus muirir chomhchosúla	5	**(13,054)**	(15,581)
Ioncam airgeadais agus muirir eile	5	**98**	(811)
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas		**39,914**	12,532
Cánachas ar ghnáthghníomhaíochtaí	6	**(6,454)**	(3,309)
Brabús i ndiaidh cánachais ar ghnáthghníomhaíochtaí		**33,460**	9,223
Leasanna mionlaigh gnáthscaire	19	**50**	9
Brabús le haghaidh na bliana airgeadais		**33,510**	9,232

Thar ceann an Bhoird:

John Horgan
Cathaoirleach

Gabriel D'Arcy
Stiúrthóir Bainistíochta

Ráiteas Maidir le Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána an Ghrúpa

le haghaidh na bliana dar críoch an 26 Márta 2014

	Nóta	**2014 €'000**	2013 €'000
Brabús le haghaidh na bliana airgeadais		**33,510**	9,232
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach aitheanta ar scéimeanna pinsean	25	**12,553**	(16,247)
Cáin iarchurtha a bhaineann le gnóthachan/(caillteanas) achtúireach	17(e)	**(1,545)**	1,870
Caillteanas malartaithe ar aistriú fochuideachtaí coigríche		**(24)**	(4)
Brabús le haghaidh na bliana airgeadais		**44,494**	(5,149)

Thar ceann an Bhoird:

John Horgan
Cathaoirleach

Gabriel D'Arcy
Stiúrthóir Bainistíochta

Réiteach Gluaiseachta ar Chistí na Scairshealbhóirí

le haghaidh na bliana dar críoch an 26 Márta 2014

	Nóta	Scairchaipiteal Glaoite €'000	Scairbhiseach €'000	Cuntas Brabúis agus Caillteanais €'000	Cistí na Scairshealbhóirí €'000
An GRÚPA					
Brabús le haghaidh na bliana dar críoch an 27 Márta 2013		0	0	9,232	9,232
Díbhinn a íocadh	3	0	0	(2,500)	(2,500)
Brabús a coimeádadh le haghaidh na bliana dar críoch an 27 Márta 2013		0	0	6,732	6,732
Caillteanas achtúireach aitheanta ar scéimeanna pinsean	25	0	0	(16,247)	(16,247)
Cáin iarchurtha a bhaineann le caillteanas achtúireach	17(e)	0	0	1,870	1,870
Caillteanas malartaithe ar aistriú fochuideachtaí coigríche		0	0	(4)	(4)
Glanlaghdú ar chistí na scairshealbhóirí		0	0	(7,649)	(7,649)
Cistí na scairshealbhóirí ag an 28 Márta 2012		82,804	1,959	96,558	181,321
Cistí na scairshealbhóirí ag an 27 Márta 2013		82,804	1,959	88,909	173,672
Brabús le haghaidh na bliana dar críoch an 26 Márta 2014		**0**	**0**	**33,510**	**33,510**
Díbhinn a íocadh	**3**	**0**	**0**	**(5,263)**	**(5,263)**
Brabús a coimeádadh le haghaidh na bliana dar críoch an 26 Márta 2014		**0**	**0**	**28,247**	**28,247**
Gnóthachan achtúireach aitheanta ar scéimeanna pinsean	**25**	**0**	**0**	**12,553**	**12,553**
Cáin iarchurtha a bhaineann le gnóthachan achtúireach	**17(e)**	**0**	**0**	**(1,545)**	**(1,545)**
Caillteanas malartaithe ar aistriú fochuideachtaí coigríche		**0**	**0**	**(24)**	**(24)**
Glanmhéadú laghdú ar chistí na scairshealbhóirí		**0**	**0**	**39,231**	**39,231**
Cistí na scairshealbhóirí ag an 27 Márta 2013		**82,804**	**1,959**	**88,909**	**173,672**
Cistí na scairshealbhóirí ag an 26 Márta 2014		**82,804**	**1,959**	**128,140**	**212,903**

Réiteach Gluaiseachta ar Chistí na Scairshealbhóirí

le haghaidh na bliana dar críoch an 26 Márta 2014 (ar lean)

	Nóta	Scairchaipiteal Glaoite €'000	Scairbhiseach €'000	Cuntas Brabúis agus Caillteanais €'000	Cistí na Scairshealbhóirí €'000
An CHUIDEACHTA					
Caillteanas le haghaidh na bliana dar críoch an 27 Márta 2013		0	0	(34,443)	(34,443)
Díbhinn a íocadh	3	0	0	(2,500)	(2,500)
Glanlaghdú ar chistí na scairshealbhóirí		0	0	(36,943)	(36,943)
Cistí na scairshealbhóirí ag an 28 Márta 2012		82,804	1,959	52,085	136,848
Cistí na scairshealbhóirí ag an 27 Márta 2013		82,804	1,959	15,142	99,905
Brabús le haghaidh na bliana dar críoch an 26 Márta 2014		**0**	**0**	**47,443**	**47,443**
Díbhinn a íocadh	**3**	**0**	**0**	**(5,263)**	**(5,263)**
Glanmhéadú laghdú ar chistí na scairshealbhóirí		**0**	**0**	**42,180**	**42,180**
Cistí na scairshealbhóirí ag an 27 Márta 2013		**82,804**	**1,959**	**15,142**	**99,905**
Cistí na scairshealbhóirí ag an 26 Márta 2014		**82,804**	**1,959**	**57,322**	**142,085**

De réir Alt 148(8) d'Acht na gCuideachtaí, 1963 agus Alt 7(1A) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986, tá leas á bhaint ag an gCuideachta as an díolúine óna cuntas brabúis agus caillteanais aonair a chur i láthair scairshealbhóirí ag an gcruinniú ginearálta bliantúil agus ó é a chomhdú le Cláraitheoir na gCuideachtaí. Is é toradh na Cuideachta le haghaidh na bliana airgeadais, arna dhearbhú de réir an cleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis (GAAP) in Éirinn, brabús trádála €47,443,000 i ndiaidh díbhinní a fháil dar luach €55,000,000 (2013: caillteanas €34,443,000) agus brabús coimeádta €42,180,000 (2013: caillteanas coimeádta €36,943,000).

Thar ceann an Bhoird:

John Horgan
Cathaoirleach

Gabriel D'Arcy
Stiúrthóir Bainistíochta

Clár Comhardaithe an Ghrúpa

ag an 26 Márta 2014

	Nóta	an 26 Márta 2014 €'000	an 27 Márta 2013 €'000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Doláimhsithe	7	**30,071**	19,338
Sócmhainní Inláimhsithe	8	**315,654**	244,333
Maoine infheistíochta	9	**9,000**	7,750
Sócmhainní airgeadais	10	**2,166**	976
		356,891	272,397
Sócmhainní airgeadais			
Stoic	11	**91,678**	55,228
Féichiúnaithe	12	**78,278**	76,047
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		**173,250**	247,171
		343,206	378,446
Creidiúnaithe - méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin	13	**(175,442)**	(117,530)
Glansócmhainní reatha		**167,764**	260,916
Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha		**524,655**	533,313
Creidiúnaithe - méideanna atá dlite i ndiaidh bliana amháin	14	**(214,113)**	(254,440)
Soláthairtí i leith dliteanas	17	**(59,902)**	(53,664)
Glansócmhainní roimh shócmhainní agus dhliteanais na gcistí pinsin		**250,640**	225,209
Ciste pinsin i staid ghlansócmhainní	25	**2,966**	0
Cistí pinsin i staid ghlandliteanas	25	**(41,159)**	(51,943)
Glansócmhainní i ndiaidh shócmhainní agus dhliteanais na gcistí pinsin		**212,447**	173,266
Caipiteal agus Cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite	18	**82,804**	82,804
Scairbhiseach	18	**1,959**	1,959
Cuntas brabúis agus caillteanais		**128,140**	88,909
Cistí gnáthscaire na scairshealbhóirí		**212,903**	173,672
Leasanna na scairshealbhóirí mionlaigh:			
Leasanna gnáthscaire	19	**(456)**	(406)
		212,447	173,266

Thar ceann an Bhoird:

John Horgan
Cathaoirleach

Gabriel D'Arcy
Stiúrthóir Bainistíochta

Clár Comhardaithe na Cuideachta

ag an 26 Márta 2014

	Nóta	an 26 Márta 2014 €'000	an 27 Márta 2013 €'000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Inláimhsithe	8	**6,438**	3,812
Sócmhainní airgeadais	10	**88,246**	88,246
		94,684	92,058
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe - méideanna atá dlite i ndiaidh bliana amháin	12	**262,581**	223,612
Féichiúnaithe - méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin	12	**63,338**	43,567
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		**158,903**	231,889
		484,822	499,068
Creidiúnaithe - méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin	13	**(220,808)**	(233,827)
Glansócmhainní reatha		**264,014**	265,241
Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha		**358,698**	357,299
Creidiúnaithe - méideanna atá dlite i ndiaidh bliana amháin	14	**(203,197)**	(243,666)
Soláthairtí i leith dliteanas	17	**(8,922)**	(9,040)
Glansócmhainní roimh dhliteanais na gcistí pinsin		**146,579**	104,593
Dliteanais na gcistí pinsin	25	**(4,494)**	(4,688)
Glansócmhainní i ndiaidh dhliteanais na gcistí pinsin		**142,085**	99,905
Caipiteal agus Cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite	18	**82,804**	82,804
Scairbhiseach	18	**1,959**	1,959
Cuntas brabúis agus caillteanais		**57,322**	15,142
Cistí gnáthscaire na scairshealbhóirí		**142,085**	99,905

Thar ceann an Bhoird:

John Horgan
Cathaoirleach

Gabriel D'Arcy
Stiúrthóir Bainistíochta

Ráiteas Maidir le Sreabhadh Airgid Thirim

le haghaidh na bliana dar críoch an 26 Márta 2014

	Nóta	2014 €'000	2013 €'000
Glan-insreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	20(a)	**47,448**	108,468
Torthaí ar infheistíochtaí agus ar sheirbhísiú airgeadais	20(b)	**(10,073)**	(11,105)
Cáin a íocadh		**(3,834)**	(2,185)
Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais	20(b)	**(86,250)**	(41,833)
Éadálacha agus diúscairtí fochuideachtaí	20(b)	**2,961**	0
Díbhinní gnáthscaire a íocadh le scairshealbhóirí	3	**(5,263)**	(2,500)
Glan-eis-sreabhadh airgid / glan-insreabhadh airgid roimh úsáid acmhainní leachta agus mhaoinú		**(55,011)**	50,845
Maoiniú	20(b)	**(19,577)**	0
(Laghdú) / méadú ar airgead tirim		**(74,588)**	50,845

Réiteach Glan-Sreabhadh Airgid le Gluaiseacht sa Ghlanfhiachas

(Laghdú) / méadú ar airgead tirim le linn na bliana	20(c)	**(74,588)**	50,845
Laghdú i maoiniú fiachais	20(b)	**19,577**	0
Athrú ar ghlanfhiachas ó sreabhadh airgid thirim		**(55,011)**	50,845
Athrú ó ghluaiseachtaí neamh-airgid	20(c)	**(161)**	(1,166)
Glanfhiachas ag tús na bliana airgeadais		**(17,035)**	(66,714)
Glanfhiachas ag deireadh na bliana airgeadais		**(72,207)**	(17,035)

Thar ceann an Bhoird:

John Horgan
Cathaoirleach

Gabriel D'Arcy
Stiúrthóir Bainistíochta

Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

1. Comhdhlúthú

Tá gnáthscair amháin i seilbh an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Daonna. tá 5% de na gnáthscaireanna i seilbh fhostaithe an Ghrúpa trí Phlean um Scair-úinéireacht d'Fhostaithe (ESOP). Tá an chuid eile den scairchaipiteal eisithe i seilbh an Aire Airgeadais (a bhfuil a chuid scaireanna aistrithe chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Airí agus Rúnaithe 2011).

Tá ráitis airgeadais Bhord na Móna plc agus a fhochuideachtaí go léir comhdhlúthaithe i ráitis airgeadais an Ghrúpa.

2. Brabús roimh chánachas

Oibríochtaí leanúnacha	2014 Comhlán €'000	2014 Lúide Idir-Ghrúpa €'000	2014 Iomlán €'000	2013 Comhlán €'000	2013 Lúide Idir-Ghrúpa €'000	2013 Roimh mhíreanna eisceachtúla €'000	2013 Míreanna eisceachtúla €'000	2013 Iomlán €'000
Láimhdeachas [1]								
Powergen	**77,635**	**(439)**	**77,196**	76,046	0	76,046	0	76,046
Bunábhar	**142,142**	**(63,933)**	**78,209**	137,150	(59,285)	77,865	(2,543)	75,322
Aisghabháil Acmhainní	**80,730**	**(433)**	**80,297**	71,806	(180)	71,626	0	71,626
Tomhaltóirí agus Gairmiúil	**187,936**	**(10,597)**	**177,339**	199,308	(9,967)	189,341	0	189,341
Anua-Chomhshaol agus eile	**14,268**	**(511)**	**13,757**	14,170	(385)	13,785	0	13,785
	502,711	**(75,913)**		498,480	(69,817)			
Glanláimhdeachas tríú páirtí			**426,798**			428,663	(2,543)	426,120
Costais na ndíolachán			**(297,478)**			(303,723)	(20,787)	(324,510)
Ollbhrabús			**129,320**			124,940	(23,330)	101,610
Costais dáileacháin			**(31,780)**			(33,167)	0	(33,167)
Costais riaracháin[2]			**(47,285)**			(44,935)	0	(44,935)
Ollbhrabús oibriúcháin[3]			**50,255**			46,838	(23,330)	23,508

[1]Tá an Grúpa eagraithe ina chúig aonad gnó, Powergen (Giniúint Cumhachta), Bunábhar, Tomhaltóirí agus Gairmiúil (dá ngairtear Miondíol roimhe seo), Aisghabháil Acmhainní agus Anua-Chomhshaol. Tá anailísí de réir gnó bunaithe ar struchtúr bainistíochta an Ghrúpa. Ní sholáthraítear anailís ar bith ar bhrabús oibriúcháin nó ar shócmhainní an Ghrúpa de réir na deighleoige gnó de réir SSAP 25, 'Tuairisciú Deighilteach', toisc go gceapann na Stiúrthóirí go ndéanfadh nochtadh dá leithéid dochar tromchúiseach do leasanna an Ghrúpa.

[2]Áirítear ar na costais riaracháin:

(i) i ndiaidh gnólachtaí áirithe de chuid an Ghrúpa a mheas, rinne an Grúpa athbhreithnithe luachála ar a shócmhainní, de réir bheartais chuntasaíochta an Ghrúpa. Mar thoradh ar an bpróiseas seo bhí gnóthachan athluachála €1,250,000 sa bhliain reatha ar mhaoine infheistíochta (Nóta 9) (2013: muirear bearnúcháin €910,000), muirear bearnúcháin i gcoinne cáilmheas €205,000 (Nóta 7) (2013: €Nialas) agus muirear bearnúcháin i gcoinne sócmhainní inláimhsithe €208,000 (Nóta 8) (2013: €Nialas).

(ii) muirear maidir le costais atheagrúcháin agus iomarcaíochta €797,000 (2013: €488,000).

[3]Is oibríocht shuntasach laistigh de ghníomhaíochtaí an Ghrúpa é an fómhar móna a bhraitheann ar an aimsir. An bhliain roimhe sin, chonaic an Grúpa méadú ar an méid báistí a bhí ann ó mhí an Mheithimh 2012 go dtí mí Lúnasa 2012, agus an dá mhí sin san áireamh, a raibh an toradh fómhair bhliantúil is ísle mar thoradh air, arbh é sin, 1.4 milliún tona le haghaidh na bliana, arbh ionann 37% de agus an sprioc agus easnamh 2.4 milliún tona i gcoinne na sprice. De réir bheartas cuntasaíochta costas eisceachtúil an Ghrúpa, chaith an Grúpa leis an tionchar mar chostas eisceachtúil lenar tháinig laghdú €23,330,000 ar an bhfeidhmíocht oibriúcháin agus laghdú €20,534,000 ar an mbrabús le haghaidh na bliana. Ní raibh mír eisceachtúil chomhfhreagrach ar bith ann le linn na bliana reatha.

2. Brabús roimh chánachas (ar lean)

	2014 €'000	2013 €'000
Tagtar ar an mbrabús roimh chánachas i ndiaidh muirear a ghearradh/ (cuir do shochar)		
Luach saothar na n-iniúchóirí[1]		
Iniúchadh reachtúil ar ráitis airgeadais an Ghrúpa	**265**	265
Seirbhísí árachais eile	**4**	10
Seirbhísí comhairleacha cánach	**160**	44
Seirbhísí neamhiniúchóireachta eile	**27**	93
Léaschíosanna oibriúcháin		
Gléasra agus innealra	**1,299**	1,502
Talamh agus foirgnimh	**1,038**	1,182
Costais foirne[2]:		
Pánna agus tuarastail	**99,654**	87,698
Costais leasa shóisialaigh	**10,702**	9,320
Costais phinsin	**3,552**	4,729
	113,908	101,747
Costais foirne caipitlithe	**(1,446)**	(1,555)
Glanchostais foirne	**112,462**	100,192
Dímheas (Nóta 8)	**40,562**	35,686
Bearnú na sócmhainní inláimhsithe (Nóta 8)	**208**	0
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta eile	**173**	63
Amúchadh na sócmhainní doláimhsithe (Nóta 7)	**2,338**	2,501
Bearnú na sócmhainní doláimhsithe (Nóta 7)	**205**	0
(Gnóthachan athluachála)/Bearnú ar mhaoin infheistíochta (Nóta 9)	**(1,250)**	910
Caiteachas ar thaighde agus ar fhorbairt gnó	**4,007**	4,011
Deontais chaipitil amúchta (Nóta 16)	**(1,453)**	(1,361)
Caillteanas ar dhiúscairt oibríocht ghnó (Nóta 21)	**(9)**	0

Líon na bhfostaithe	2014	2013
Meánlíon na bhfostaithe		
Déantúsaíocht agus táirgeadh	**1,520**	1,527
Riarachán	**541**	517
	2,061	2,044
Buaicfhostaíocht	**2,401**	2,386

[1] Le linn na bliana, fuair an Chuideachta seirbhísí iniúchóireachta ó KPMG ar chostas €10,000 (2013: €10,000).
[2] Áirítear ar chostais foirne muirear €797,000 (2013: €488,000) maidir le costais atheagrúcháin agus iomarcaíochta.

Thabhaigh an Grúpa gnóthachan achtúireach €12,553,000 (2013: caillteanas €16,247,000 achtúireach) a aithníodh i ráiteas maidir le gnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána an Ghrúpa (Nóta 25).

3. Díbhinní

	2014 €'000	2013 €'000
Don Aire Airgeadais	5,000	2,375
Do Bhord na Móna Iontaobhaithe ESOP Teoranta	263	125
	5,263	2,500

D'íoc an Chuideachta díbhinn dar luach €0.0807 in aghaidh na scaire le linn na bliana (2013: €0.0383). Ba ionann íocaíocht na ndíbhinní le haghaidh na bliana agus €5,263,000 (2013: €2,500,000).

Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

ar lean

4. Luach saothair na stiúrthóirí

	Táillí €'000	Tuarastal €'000	Pá a bhaineann le feidhmíocht €'000	Ranníocaíochtaí na Cuideachta do phinsean €'000	Sochair incháinithe €'000	Iomlán €'000
Stiúrthóirí feidhmiúcháin						
Gabriel D'Arcy						
An Bhliain dar críoch an 26 Márta 2014	**13**	**231**	**0**	**58**	**20**	**322**
An Bhliain dar críoch an 27 Márta 2013	13	226	0	58	20	317

	Táillí €'000	Luach saothair eile[1] €'000	Ranníocaíochtaí na Cuideachta do phinsean €'000	Iomlán €'000
Stiúrthóirí - Páirteachas Lucht Oibre				
Stiúrthóirí a ceapadh de réir na nAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 agus 1988 (4) - 26 Márta 2014	**50**	**438**	**35**	**523**
Stiúrthóirí a ceapadh de réir na nAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 agus 1988 (4) - 27 Márta 2013	50	319	35	404
Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin				
Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin eile (7) - 26 Márta 2014	86	0	0	86
Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin eile (9) - 27 Márta 2013	90	0	0	90

Faigheann an cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin táille €21,600 gach bliain agus faigheann gach duine de na Stiúrthóirí táille bhliantúil €12,600. Déantar na méideanna sin a choigeartú ar bhonn pro rata sa chás go gcuirtear tús nó deireadh le téarma oifige le linn na bliana.

Ba ionann an luach saothair iomlán a íocadh le Stiúrthóirí le linn na bliana agus €931,000 (2013: €811,000) comhdhéanta de tháillí dar luach €149,000 (2013: €153,000) agus luach saothair eile dar luach €782,000 (2013: €658,000).

[1]Is ionann luach saothair eile agus íocaíochtaí a rinneadh maidir le róil nach róil Stiúrthóirí iad.

5. Maoiniú (muirir)/ioncam

	2014 €'000	2013 €'000
(a) Ús infhála agus ioncam comhchosúil		
Ús infhála	**2,675**	6,133
(b) Ús iníoctha agus muirir chomhchosúla		
Rótharraingt bhainc	**(7)**	(34)
Nótaí iasachta neamhurraithe	**(15,298)**	(15,829)
Amúchadh ar chostais eisiúna	**(161)**	(176)
Glanús iníoctha	**(15,466)**	(16,039)
Lúide ús caipitlithe[1]	**2,412**	458
	(13,054)	(15,581)
(c) Ioncam airgeadais agus muirir eile		
Ioncam airgeadais eile - scéimeanna pinsin (Nóta 25)	**1,089**	299
Muirir mhaoiniúcháin ar sholáthairtí (Nóta 17)	**(991)**	(1,110)
	98	(811)
Muirir mhaoiniúcháin, glan	**(10,281)**	(10,259)

[1] Déanann an Grúpa ús a chaipitliú ar thionscadail chaipitil lena nglactar tréimhse shuntasach ama lena gcur i gcrích. Cuimsítear an t-ús mar chuid de thomhas tosaigh chostas na sócmhainne seasta inláimhsithe (Nóta 8).

6. Cánachas

	2014 €'000	2013 €'000
(a) Méideanna atá aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais		
Cánachas bunaithe ar an mbrabús le aghaidh na bliana:		
Cáin Chorparáide na hÉireann		
Cáin reatha le haghaidh na bliana	**7,315**	2,818
Coigeartuithe maidir le blianta roimhe seo	**156**	14
	7,471	2,832
Cánachas coigríche		
Cáin reatha le haghaidh na bliana	**5**	12
Coigeartuithe maidir le blianta roimhe seo	**0**	0
	5	12
Iomlán na cánach reatha (féach nóta thíos)	**7,476**	2,844
Cáin iarchurtha - tionscnamh agus aisiompú difríochtaí uainithe (Nóta 17)	**(1,022)**	465
Cánachas ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí	**6,454**	3,309

(b) Réiteach an ráta cánach éifeachtaigh		
Tosca a bhfuil tionchar acu ar mhuirear na cánach corparáide le haghaidh na bliana		
Brabús roimh chánachas	**39,914**	12,532
Ráta caighdeánach na cánach corparáide le haghaidh na bliana	**12.50%**	12.50%
Brabús/(caillteanas) roimh chánachas méadaithe faoin ráta caighdeánach	**4,989**	1,567
Tionchair maidir le:		
Costais nach bhfuil in-asbhainteach chun críche cánach	**266**	254
Costais nach bhfuil in-asbhainteach fós chun críche cánach	**1,011**	0
Dímheas agus amúchadh sa bhreis ar liúntais chaipitil	**254**	16
Dímheas neamh-incháilithe	**1,006**	984
(Gnóthachan athluachála)/bearnú na sócmhainní inláimhsithe agus maoin infheistíochta	**(130)**	114
Amúchadh na sócmhainní doláimhsithe	**292**	312
Bearnú na sócmhainní doláimhsithe	**28**	0
Difríochtaí sna rátaí cánachais	**(6)**	5
Faoiseamh ranníocaíocht pinsin sa bhreis ar mhuirear costas pinsin	**(390)**	(422)
Coigeartuithe maidir le blianta roimhe seo	**156**	14
	7,476	2,844

Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

ar lean

7. Sócmhainní doláimhsithe

AN GRÚPA	Cáilmheas 2014 €'000	Sócmhainní doláimhsithe eile 2014 €'000	Sócmhainní atá á dtógáil 2014 €'000	Iomlán 2014 €'000	Cáilmheas 2013 €'000	Sócmhainní doláimhsithe eile 2013 €'000	Sócmhainní atá á dtógáil 2013 €'000	Iomlán 2013 €'000
Costas								
Ag tús na bliana airgeadais	**66,889**	**7,858**	**1,269**	**76,016**	66,878	503	0	67,381
Athaicmiú	**0**	**0**		**0**	0	7,355	0	7,355
Breiseanna	**0**	**3,424**	**9,849**	**13,273**	0	0	1,269	1,269
Coigeartú malartaithe	**8**	**0**		**8**	11	0	0	11
Ag deireadh na bliana airgeadais	**66,897**	**11,282**	**11,118**	**89,297**	66,889	7,858	1,269	76,016
Amúchadh Agus Bearnú								
Ag tús na bliana airgeadais	**52,585**	**4,093**	**0**	**56,678**	50,476	503	0	50,979
Athaicmiú	**0**	**0**	**0**	**0**	0	3,187	0	3,187
Muirear le haghaidh na bliana	**1,959**	**379**	**0**	**2,338**	2,098	403	0	2,501
Bearnú (Nóta 2)	**205**	**0**	**0**	**205**	0	0	0	0
Coigeartú malartaithe	**5**	**0**	**0**	**5**	11	0	0	11
Ag deireadh na bliana airgeadais	**54,754**	**4,472**	**0**	**59,226**	52,585	4,093	0	56,678
Glanmhéideanna Leabhar								
Ag tús na bliana airgeadais	**14,304**	**3,765**	**1,269**	**19,338**	16,402	0	0	16,402
Ag deireadh na bliana airgeadais	**12,143**	**6,810**	**11,118**	**30,071**	14,304	3,765	1,269	19,338

Ag tús na bliana roimhe rinne an Grúpa a chostais chaipitlithe ar cheangail ghreille a athaicmiú ó shócmhainní inláimhsithe go dtí sócmhainní doláimhsithe. Ba ionann luach comhlán na gcostas caipitlithe ar cheangail ghreille agus €7,355,000 agus ba ionann an t-amúchadh carntha ag dáta an aistrithe agus €3,187,000 (Nóta 8).

Is ionann na sócmhainní atá á dtógáil agus na costais ar cheangail ghreille agus ar fhostáisiúin atá i mbun tógála.

Tá luach tugtha anonn an cháilmheasa de €12,143,000 (2013: €14,304,000) léirithe ag cáilmheas sa ghnó Powergen de €5,781,000 (2013: €6,357,000), dea-thoil leith sa gnó Aighabhála Acmhainní de €6,362,000 (2013: €7,705,000) agus cáilmheas sa gnó Anua-Chomhsaoil de €nialas (2013: €242,000).

De réir bheartais chuntasaíochta an Ghrúpa, thástáil an Grúpa luach tugtha anonn an cháilmheasa i gcomhair bearnú. Rinneadh méideanna in-aisghabhála gach aonaid giniúna ioncaim (IGU) a sainaithníodh a mheas bunaithe ar ríomh luach úsáide ag baint úsáid as réamh-mheastacháin sreafa airgid bunaithe ar phleananna airgeadais cúig bliana arna bhfaomhadh ag an mBord. Déantar sreabhaí airgid thar chúig bliana a eachtarshuí ar ráta fáis suthaine 2.0% (2013: 2.3%) agus meánchostas ualaithe an chaipitil roimh cháin de 9.0% (2013: 9.0%) atá comhsheasmhach le hionchas an Ghrúpa maidir le forbairt an mhargaidh agus fás i sciar an mhargaidh nuair is infheidhme. Bunaithe ar na hathbhreithnithe sin bhí muirear bearnúcháin €205,000 (2013: €nialas) sa ghnó Anua-Chomhshaoil maidir le luach tugtha anonn an cháilmheasa a aithníodh sna costais riaracháin.

8. Sócmhainní inláimhsithe

(i) AN GRÚPA	Móinteach, Draenáil agus Foirgnimh Tháirgeachta €'000	Líonadh talún €'000	Iarnróid, Gléasra agus Innealra €'000	Sócmhainní Giniúna €'000	Talamh ruílse, Riarachán agus Foirgnimh Thaighde €'000	Sócmhainní atá á dtógáil €'000	Iomlán €'000
Ag Costas	0				0	0	
Amhail an 27 Márta 2013	128,271	30,363	239,616	155,965	17,608	31,498	603,321
Breiseanna ag costas[1]	5,190	3,300	12,289	3,530	17	88,342	112,668
Diúscairtí/scoir[2]	0	0	(3,220)	(53)	0	0	(3,273)
Diúscairt fochuideachta (Nóta 21)	(2)	0	(2,546)	0	0	0	(2,548)
Aistrithe amach sócmhainní atá á dtógáil	0	1,559	3,215	504	0	(5,278)	0
Coigeartú malartaithe	0	0	(8)	0	26	0	18
Amhail an 26 Márta 2014	**133,459**	**35,222**	**249,346**	**159,946**	**17,651**	**114,562**	**710,186**
Dímheas Carntha Agus Bearnú	0				0		
Amhail an 27 Márta 2013	90,497	19,059	184,851	54,093	10,488	0	358,988
Muirear le haghaidh na bliana	9,630	4,799	15,648	10,037	448	0	40,562
Bearnú (Nóta 2)[3]	124	0	84	0	0	0	208
Diúscairtí/scoir[2]	0	0	(2,919)	(53)	0	0	(2,972)
Diúscairt fochuideachta (Nóta 21)	(2)	0	(2,241)	0	0	0	(2,243)
Coigeartú malartaithe	0	0	(10)	0	(1)	0	(11)
Amhail an 26 Márta 2014	**100,249**	**23,858**	**195,413**	**64,077**	**10,935**	**0**	**394,532**
Glanluach Leabhar							
Amhail an 27 Márta 2013	37,774	11,304	54,765	101,872	7,120	31,498	244,333
Amhail an 26 Márta 2014	**33,210**	**11,364**	**53,933**	**95,869**	**6,716**	**114,562**	**315,654**

[1] Áirítear ar na breiseanna:
(i) suim €5,383,000 i dtaca le sócmhainní díchoimisiúnaithe agus athchóirithe (2013: €1,016,000) (Nóta 17).
(ii) rinne an Ghrúpa costais iasachta €2,412,000 (2013:€458,000) i dtaca le sócmhainní atá á dtógáil a chaipitliú le linn na bliana (Nóta 5). Ba é an ráta úis a bhí i bhfeidhm 7.3% (2013: 7.3%).
(iii) Áirítear ar bhreiseanna le sócmhainní atá á dtógáil feirmeacha gaoithe atá á dtógáil dar luach €108,425,000 agus táthar ag súil go ndéanfar iad a choimisiúnú i samhradh na bliana 2014.

[2] Bhain scoir/diúscairtí le linn na bliana le sócmhainní a dímheasadh go hiomlán go príomha.

[3] De réir fhorálacha FRS 15 - 'Sócmhainní Seasta Inláimhsithe' rinne an Ghrúpa athbhreithnithe bearnúcháin ar shócmhainní inláimhsithe an Ghrúpa. Bhí muirear €208,000 mar thoradh ar an bpróiseas sin sa ghnó Tomhaltóirí agus Gairmiúil (2013:€nialas).

Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

ar lean

8. Sócmhainní inláimhsithe (ar lean)

(ii) AN CHUIDEACHTA	Móinteach, Draenáil agus Foirgnimh Tháirgeachta €'000	Iarnróid, Gléasra agus Innealra €'000	Talamh ruílse, Riarachán agus Foirgnimh Thaighde €'000	Sócmhainn atá á tógáil €'000	Iomlán €'000
Ag Costas				0	
Amhail an 27 Márta 2013	559	11,022	6,187	0	17,768
Breiseanna ag costas	0	963	17	2,466	3,446
Diúscairtí	0	(89)	0	0	(89)
Amhail an 26 Márta 2014	**559**	**11,896**	**6,204**	**2,466**	**21,125**
Dímheas Carntha					
Amhail an 27 Márta 2013	0	10,223	3,733	0	13,956
Muirear le haghaidh na bliana	0	632	188	0	820
Diúscairtí	0	(89)	0	0	(89)
Amhail an 26 Márta 2014	**0**	**10,766**	**3,921**	**0**	**14,687**
				0	
Glanluach Leabhar				0	
Amhail an 27 Márta 2013	559	799	2,454	0	3,812
				0	
Amhail an 26 Márta 2014	**559**	**1,130**	**2,283**	**2,466**	**6,438**

Is ionann sócmhainní atá á dtógáil agus bonneagar TF.

9. Maoine infheistíochta

	2014 €'000	2013 €'000
Ag tús na bliana airgeadais	**7,750**	8,660
Gnóthachan athluachála/(bearnú) le linn na bliana agus curtha chun sochair an chuntais /(gearrtha ar an gcuntas) brabúis agus caillteanais	**1,250**	(910)
Ag deireadh na bliana airgeadais	**9,000**	7,750

Sonraítear an mhaoin infheistíochta ag luach an mhargaidh amhail an 26 Márta 2014. Ciallaíonn luach an mhargaidh 'an méid measta ar chóir maoin a mhalartú ar an dáta luachála idir ceannaitheoir toilteanach agus díoltóir toilteanach in idirbheart ar neamhchomaoin i ndiaidh margaíocht chuí inar fheidhmigh gach páirtí le heolas, go stuama agus gan éigeantas'.

